



Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2025

An tÚdarás um
Fhorfheidhmiú
Corparáideach



Clár Ábhar

Athbhreithniú an Chathaoirligh	4
Réamhrá.....	10
Colún 1	21
Colún 2	26
Colún 3	30
Cás-staidéir	59
Ráitis Airgeadais agus Tuairisciú Rialachais	76
Aguisín 1 Srianata agus Dícháilithe.....	104
Aguisín 2 An tAcht um Nochtadh Cosanta – Inmheánach agus Seachtrach Tuairiscí a rinneadh faoi alt 6 den Acht	108
Gluais téarmaí	115

Athbhreithniú an Chathaoirligh



Ian Drennan
Cathaoirleach

Réamhrá

De réir fhorálacha alt 944T(1) d'Acht na gCuideachtaí, 2014 (**Acht 2014**), tá sé de phléisiúr agam Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach (**an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**) i ndáil leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 a chur isteach.

Éabhlóid leanúnach fhorfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí

Tá an bhliain seo suntasach i gcomhthéacs éabhlóid dhlí na gcuideachtaí sa dlínse seo sa mhéid is go gcomórtar léi²⁵ bliana ó achtú an Achta um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001 (**CLEA**). Ag teacht le conclúidí an Ghrúpa Oibre ar Chomhlíonadh agus Fhorfheidhmiú Dhlí na gCuideachtaí, a chuir in iúl sa Tuarascáil ón mbliain 1998 uaidh nach “[gcloistear] coiscéimeanna an fhorfheidhmitheora [forfheidhmitheoir dhlí na gcuideachtaí] ar an stádar riamh”, tugadh athchóirithe móra isteach le CLEA, lena n-áirítear:

- corparáid aonair a bhunú, mar atá an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, lena ngabhann Oifig tacaíochta (Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (**ODCE**)) chun comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh, agus chun neamhchomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a fhorfheidhmiú,
- córas éigeantach a thabhairt isteach faoina gceanglaítear ar leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha, mura bhfuil siad faoi fhaoiseamh ón oibleagáid sin, srianadh stiúrthóirí na gcuideachtaí sin a lorg mar bheart cosanta poiblí – arb athchóiriú é a bhfuil tuilleadh forbartha déanta air ó shin i leith le tabhairt isteach an chórais gealltanais,
- oibleagáid tuairiscithe éigeantaigh a thabhairt isteach faoina gceanglaítear ar iniúchóirí reachtúla cásanna a thuairisciú inar tháinig siad ar an tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go ndearnadh cion indiotáilte faoi dhlí na gcuideachtaí, agus
- an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí (**CLRG**) a bhunú, ar fóram tiomnaithe agus buan saineolaithe é chun saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a bhreithniú agus chun comhairle a thabhairt don Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (**an tAire**) maidir le nithe dlí cuideachtaí.

Mar léiriú ar an bhfíric go dtugtar níos mó solúbthachta agus neamhspleáchais le samhail Ghníomhaireachta ná mar a thugtar le hOifig de chuid Roinne, rinneadh foráil in Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021 (**Acht 2021**), maidir le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a dhíscaoileadh agus leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, rud a bheadh níos mó agus a mbeadh níos mó acmhainní aige, a bhunú ina ionad. Leis an éabhlóid sin sa struchtúr, tugadh méid níos mó neamhspleáchais don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa réimse ríthábhachtach arb éard é earcaíocht ná mar a bhíodh amhlaidh roimhe sin.

Ag aithint dó nach é an tsamhail Boird Stiúrthóirí, tríd is tríd, an struchtúr rialachais is cuí do ghníomhaireacht forfheidhmiúcháin, b'amhlaidh le hAcht 2021 a rinneadh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a shamhaltú ar ghníomhaireachtaí eile Stáit a bhfuil struchtúr Údaráis/Coimisiúin acu. Bhí an éabhlóid sin ó chorparáid aonair go struchtúr Údaráis/Coimisiúin ag teacht le mórthreochtaí rialachais ar fud na hearnála poiblí – sampla den scoth de sin is ea an t-aistriú ó Choimisinéir Cosanta Sonraí go Coimisiún um Chosaint Sonraí a bhfuil roinnt comhaltaí aige.

Rinneadh Acht 2021 a dhéanamh seasmhach don aimsir trí acmhainneacht a chur san áireamh ann chun comhaltaí breise a cheapadh ar chomhlacht rialaithe an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach (i.e., an tÚdarás) de réir mar a leathnaigh an eagraíocht agus de réir mar a d'éirigh a cuid oibríochtaí níos casta. Ag teacht sna sála ar fhás suntasach na heagraíochta le blianta beaga anuas, is amhlaidh, tar éis iarraidh a dhéanamh chuig an Aire agus tar éis comórtas oscailte neamhspleách ina dhiaidh sin ar riar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí é, a leathnóidh comhlacht rialaithe an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ó Chomhalta amháin go tríúr Comhaltaí sna míonna amach romhainn. Beidh sé sin bunathraitheach sa mhéid is go n-éascóidh Údarás leathnaithe, de réir mar a rachaimid ar aghaidh faoinár straitéis nua, méid níos mó formhaoirseachta faoi stiúir na gComhaltaí ar chomhlíonadh Acht 2014 a spreagadh, agus rannpháirtíocht níos mó sa chomhlíonadh sin, agus phríomhchainéil forfheidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach á mbrú chun cinn maidir le maoirseacht dócmhainneachta, le forfheidhmiú sibhialta, agus le forfheidhmiú coiriúil faoi seach, agus, de réir mar a éireoidh an eagraíocht níos casta, i bpríomhréimsí tacaíochta amhail rialachas, acmhainní daonna, TFC, agus fóiréinsic dhigiteach.

Straitéis 2026-2028

Forbraíodh ár Ráitis Straitéise 2026-2028 i bhfianaise an leathnaithe atá le teacht ar an Údarás, agus is é a chuspóir straitéiseach uileghabhálach ná ár dtionchar mar eagraíocht a mhéadú agus tuilleadh luacha a chur leis tríd an obair a dhéanamimid. Leagtar amach sa doiciméad an comhthéacs ina n-oibrímid agus an tábhacht, laistigh den chomhthéacs sin, a bhaineann le córas éifeachtach um chomhlíonadh Acht 2014 a spreagadh, agus um neamhchomhlíonadh an Achta sin a fhorfheidhmiú.

Forbraíodh an straitéis trí leas a bhaint as cleachtadh comhairliúcháin le príomh-gheallsealbhóirí, lena n-áiríodh an Garda Síochána (**AGS**), Cuntasóirí Cairte Éireann, an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (**an Roinn**), Ibec, agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (**DPP**), agus tá sí bunaithe ar thrí cholún, is iad sin:

- I. An dóigh a soláthraímid forfheidhmiú éifeachtach a bharrfheabhsú,
- II. Ár ngeallsealbhóirí a chumhachtú, agus
- III. Infheistiú inár ndaoine.

Agus na cuspóirí sin á saothrú againn, treorófar sinn lenár mbunluachanna arb éard iad gairmiúlacht, ionracas agus neamhspleáchas – ar luachanna iad a socraíodh roimhe seo tar éis cleachtadh comhairliúcháin lenár mbaill foirne.

“Is roghfhostóir do ghairmithe forfheidhmiúcháin é an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach.”

An dóigh a soláthraimid forfheidhmiú éifeachtach a bharrfheabhsú

Bainimid leas as na deiseanna a ghabhfaidh le leathnú an Údaráis, lena n-áirítear trí struchtúir eagraíochtúla athbhreithnithe, línte tuairiscithe, agus socrúithe gaolmhara a chur chun feidhme. Is é a bheidh sna príomhréimsí dírithe ná tuilleadh rannpháirtíochta ag leibhéal an Chomhalta maidir le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a bhrú chun cinn, torthaí feabhsaithe forfheidhmiúcháin trí bharrainneacht scála agus trí thuilleadh comhoibriú tras-Stiúrthóireachta, úsáid agus leas leantach a bhaint as an teicneolaíocht chun cabhrú le gníomhaíocht imscrúdúcháin, agus ár dtiomantas leanúnach do cháilíocht.

Ár ngeallsealbhóirí a chumhachtú

Saothróimid an cuspóir sin trí leanúint de bheith mar ghuth údarásach i réimse na rialála agus an fhorfheidhmiúcháin agus trí dheiseanna nua a shainaithint ina leith sin, trí straitéis cumarsáide nua a bheidh dírithe ar thionchar a fhorbairt, agus trí leas a bhaint as cainéil nua chun teacht ar ár spriocdhéimeagrafaigh. I gcomhthráth leis sin, leanfaimid dár gcaidrimh lenár gcuid piaraí agus contrapháirtithe intíre agus idirnáisiúnta a fhorbairt agus a neartú.

Infheistiú inár ndaoine

Is roghfhostóir do ghairmithe forfheidhmiúcháin é an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Léirítear an measúnú fianaisebhunaithe sin san fhóras go bhfuil líon iomlán ball foirne sibhialtach againn, beagnach. Le linn na bliana 2025, bhí an líon sibhialtach a thosaigh ag obair linn trí huairé níos mó ná an líon sibhialtach a d'fhág sinn agus, nuair a fhógraímid deiseanna gairme don phobal, is iondúil go mbíonn an t-éileamh i bhfad níos mó ná an líon post atá ar fáil.

Trí bhéim leanúnach a chur ar cháilíocht, trí infheistíocht leanúnach a dhéanamh in oideachas, in oiliúint agus i bhforbairt, agus trí dheiseanna a thabhairt dár mbaill foirne sibhialtacha, i gcás gur féidir, dul chun cinn gairme inmheánach a dhéanamh, cuirfimid tuilleadh feabhais ar stádas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina leith sin. Glacaimid páirt freisin i scéim soghluaisteachta na Státseirbhíse, faoina bhféadfaidh baill foirne sibhialtacha iarratas a dhéanamh ar aistriú cliathánacha chuig Ranna agus Oifigí eile, rud a leathnaíonn a mbonn taithí agus a fheabhsaíonn a n-ionchais maidir le dul chun cinn gairme. I gcás gurb indéanta, éascaímid iasachtaí freisin, rud a thugann deis ar an gcaoi chéanna do bhaill foirne sibhialtacha taithí a fháil i réimsí eile den Státseirbhíse, rud a neartaíonn a n-ionchais dul chun cinn dá réir.

De bhreis ar leithdháileadh ceadaithe is ionann agus 76 oifigeach sibhialtacha, tá líon comhaontaithe foirne is ionann agus 16 chomhalta den Gharda Síochána ar iasacht ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus méid agus comhdhéanamh an lín sin a bheith comhaontaithe idir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus Coimisinéir an Gharda. Tacaítear le socrúithe iasachta le Meabhrán Tuisceana, a gcomhaontaítear a théarmaí idir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus an Coimisinéir. Faoi mar atá amhlaidh i gcás fhoireann oifigeach sibhialtach an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, baineann na comhaltaí ar iasacht tairbhe as tiomantas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach d'oideachas, d'oiliúint agus d'fhorbairt. Faoi mar atá amhlaidh i gcás baill foirne sibhialtacha, faigheann comhaltaí ar iasacht blaiseadh d'obair atá suimiúil, atá úrnua, agus a bhfuil ardphróifíl aici ina lán cásanna, agus faigheann siad taithí speisialaithe agus rí-inaistrithe ar ghníomhaíocht imscrúdúcháin sa réimse corparáideach, chomh maith le taithí luachmhar ar obair a dhéanamh i dtimpeallacht ildisciplíneach in éineacht le gairmithe dlí, le gairmithe cuntasáíochta, agus le gairmithe fóiréinsice digítí. De bhreis air sin, agus mar aitheantas don fhírigh nach dtagann patrúin uainchláir an Gharda Síochána le huairéanta oifige, tá socrúithe buiséadacha an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach de chineál a fhágann go mbíonn ragobair ar fáil do chomhaltaí ar iasacht de réir mar is gá agus nuair is gá chun críocha oibríochtúla.

“Léirítear sna cás-staidéir sin an chaoi a n-úsáideann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an tsraith iomlán uirlisí atá ar fáil dó – idir spreagadh, áiteamh, úsáid a bhaint as cumhachtaí reachtúla, agus gníomhartha forfheidhmiúcháin shibhialta agus choiriúil a dhéanamh – chun a shainordú reachtúil a chomhlíonadh.”

Le bunú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, d’aistríomar chuig samhail faoina ndéanann comhaltaí ar iasacht iarratas ar iasacht agus a théann siad faoi agallamh, in ionad iad a bheith á leithdháileadh ag lucht bainistíochta an Gharda Síochána. Tá na Boird Agallaimh comhdhéanta d’ionadaithe ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus ón nGarda Síochána agus, tríd an bpróiseas iomaíoch sin agus ar aon dul le hearcú ball foirne sibhialtach, cuireann sé sin ar chumas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach na comhaltaí ar iasacht is oiriúnaí do riachtanais athraitheacha na heagraíochta a roghnú. I gcomhoibriú le lucht bainistíochta an Gharda Síochána, táimid ag cur fáilte roimh chomhaltaí nua ar iasacht a rinne iarratas rathúil ar dhul ar iasacht chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus táimid ag féachaint le folúntais inár gcóhórt comhaontaithe atá neamhlíonta fós a líonadh. Ar an gcaoi chéanna a bhfuil deiseanna soghluaisteacha agus iasachta ar fáil do bhaill foirne shibhialtacha ar mian leo a dtaithe a leathnú, is féidir le comhaltaí ar iasacht ar mian leo deiseanna eile a iniúchadh laistigh den Gharda Síochána iarratas a dhéanamh ina leith sin chuig lucht bainistíochta an Gharda Síochána.

In éineacht leis na tionscnaimh agus na tairbhí sin, léirítear go sainráite inár straitéis nua ár dtiomantas d’éagsúlacht, cothromas agus cuimsiú a chothú. Beidh ár bPlean Gníomhaíochta cultúir, a bheidh mar thoradh ar dhianphróiseas comhairliúcháin lenár bhfoireann, agus ar ár suirbhéanna bliantúla foirne, ag gabháil leis an méid thuas agus ag tacú leis. A bhfuil leis na sásraí sin, beimid in ann éisteacht, freagairt do shaincheisteacha a thiocfaidh chun cinn, agus dul chun cinn a rianú ó bhliain go bliain.

An bhliain atá faoi athbhreithniú

Cás-Staidéir

Ag leanúint de théama an tionchair, tugtar mionsonraí sa tuarascáil seo, trí shraith cás-staidéir a thabhairt, faoin gcaoi a gcuidíonn obair an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach le geallsealbhóirí, faoin gcaoi a dtugtar aghaidh léi ar neamhchomhlíonadh Acht 2014, agus faoin gcaoi a ndéantar leas an phobail a chur chun cinn agus a chosaint léi. Léirítear sna cás-staidéir sin an chaoi a n-úsáideann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an tsraith iomlán uirlisí atá ar fáil dó – idir spreagadh, áiteamh, úsáid a bhaint as cumhachtaí reachtúla, agus gníomhartha forfheidhmiúcháin shibhialta agus choiriúil a dhéanamh – chun a shainordú reachtúil a chomhlíonadh.

Ag an taobh is ísle den tromchúis, rud a fhágann go bhfuil siad oiriúnach d’idirghabhálacha neamhreachtúla atá comhréireach agus cost-éifeachtúil araon, léirítear i gcás-staidéir conas a spreagadh cuideachtaí agus a stiúthóirí, trí gníomhartha an Údaráis, chun iad féin a chur i gcomhréir, rud a chinntigh go mbíonn an fhaisnéis atá san fhearann poiblí agus a mbraitheann an pobal uirthi cruinn, agus cearta comhaltaí agus scairshealbhóirí na cuideachta á seasamh agus creidiúnaithe á gcosaint ar chreimeadh míchuí caipitil dá réir.

Ag an gcéad leibhéal eile idirghabhála, i.e., comhlíonadh a áirithiú trí bhearta forfheidhmiúcháin shibhialta, léirítear sna cás-staidéir conas a cinntíodh le gníomhaíochtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach go gcomhlíonann leachtaitheoirí na hoibleagáidí tuairiscithe a fhorchuirtear orthu le reacht. Tá comhlíonadh ina leith sin ina chuid riachtanach de chur ar chumas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a fheidhmeanna maoirseachta a chomhlíonadh *i leith* stiúthóirí cuideachtaí dócmhainneacha. Mar is féidir a fheiceáil ó na cás-staidéir, is féidir le mainneachtain na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh iarmhairtí airgeadais, ar féidir iad a sheachaint go hiomlán, a bheith acu, i bhfoirm orduithe costais a bheith á ndámhachtain in aghaidh pearsana aonair neamhchomhlíontacha. Tá freagairt an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach do léirithe ar mhí-oiriúnacht stiúthóra agus oifigigh faoi dhlí na gcuideachtaí agus do na rioscaí gaolmhara don phobal le feiceáil faoin gcatagóir sin freisin.

“Ag teacht sna sála ar an athbhreithniú ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar thuarascálacha leachtaitheoirí, srianadh 98 stiúrthóir cuideachta san iomlán, agus dícháilíodh 18 stiúrthóir eile. Dícháilíodh stiúrthóir eile ar fhorais oiriúnachta.”

Tugtar sna cás-staidéir freisin samplaí de na cineálacha iompraíochta ar thaobh stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha ar forchuireadh na bearta cosanta poiblí arb éard iad srianadh agus dícháilíú mar thoradh orthu. Faoin gcéad cheann, ní fhéadfaidh pearsana aonair atá srianta gníomhú mar stiúrthóirí ach amháin ar chuideachtaí atá caipitlithe go dtí an leibhéal riachtanach. Faoin dara ceann, toirmeasctar na pearsana aonair lena mbaineann ó ghníomhú mar stiúrthóirí cuideachta nó mar oifigigh eile agus ó bhaint nó páirt a bheith acu ar aon slí, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, i dtionscnamh, foirmiú nó bainistiú cuideachta. Ag teacht sna sála ar an athbhreithniú ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar thuarascálacha leachtaitheoirí, srianadh 98 stiúrthóir cuideachta san iomlán, agus dícháilíodh 18 stiúrthóir eile. Dícháilíodh stiúrthóir eile ar fhorais oiriúnachta.

Ag an gceann is tromchúisí den speictream, tugtar mionsonraí sna cás-staidéir faoi na gníomhartha a rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le comhaid imscrúdúcháin a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, maidir le hordachán a fháil chun cúisimh choiriúla a thabhairt in aghaidh pearsana aonair, maidir le ciontuitha a fháil i leith sárúithe coiriúla ar Acht 2014 agus ar reachtaíocht iomchuí eile, agus maidir le comhoibriú lenár gcomhghleacaithe sa Gharda Síochána i gcomhoibriúcháin cuardaigh a bhfuil sé mar aidhm leo fianaise a fháil ar éagóiritheoireacht choiriúil amhrasta.

Tathant agus comhairle

I gcomhthráth leis an méid thuas, chuir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a shainchúram i gcrích chun comhlíonadh Acht 2014 a spreagadh trína ghníomhaíochtaí for-rochtana agus trína láithreachta ar na meáin shóisialta. Forlíonadh na tairiscintí sin le seoladh *EnforCEAable*, sraith phodchraoltaí nua an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, i dtús na bliana 2026. Bhí sé mar aidhm leis an tsraith buneolas faoi dhíl na gcuideachtaí a chur ar fáil dár mbonn geallsealbhóirí i bhformáid dhigiteach shothuigthe. Tá sé beartaithe go rachaidh an tionscnamh is déanaí sin chun tairbhe do stiúrthóirí cuideachta agus d'oifigigh eile, do chomhaltaí/scairshealbhóirí, do chreidiúnaithe, do ghairmithe, do mhic léinn, agus do dhaoine den phobal.

Trína bhallaíocht in CLRG, agus trína chathaoirleacht ar Choiste Forfheidhmiúcháin CLRG, rannchuidigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach freisin leis an athbhreithniú leanúnach ar fhorálacha cigireachta Acht 2014 de réir mar a bhaineann siad le comhaltaí cuideachta, le stiúrthóirí cuideachta, agus le creidiúnaithe cuideachta. Cuirfear an t-athbhreithniú sin i gcrích sa bhliain 2026 agus cuirfear ar aghaidh é chuig seisiún iomlánach CLRG lena bhreithniú, agus is dócha go gcuirfear moltaí chuig an Aire ina dhiaidh sin.

Breathnú chun cinn

De bhreis ar shruth seasta tuarascálacha leachtaitheoirí agus tuarascálacha iniúchóirí, tá líon suntasach cásanna a bhfuil scála éagsúil agus castacht éagsúil ag baint leo ar na bacáin againn, agus ardphróifíl na heagraíochta taobh thiar den líon saincheisteanna a dtarraingítear ár n-aird orthu. Mar a luaitear in áit eile istigh anseo, táimid ag feidhmiú ag soláthar iomlán ball foirne sibhialtach, beagnach, agus, i gcomhoibriú le lucht bainistíochta an Gharda Síochána, táimid ag cur fáilte roimh chomhaltaí nua ar iasacht a rinne iarratas ar obair linn.

Táimid ag leanúint d'infheistiú sa todhcháil, go háirithe trí chóras saincheaptha bainistíochta cásanna a fhorbairt lena bhfreastalófar ar riachtanais na heagraíochta. I bhfianaise na rioscaí suntasacha atá i

gceist le tionscadail TFC, teastóidh pleanáil chúramach agus bainistíocht éifeachtach riosca i leith an chórais sin ionas go n-éireoidh leis. Tá córas á dheardh againn faoi láthair lena n-éascófar tuilleadh comhoibriú tras-Stiúrthóireachta, lena gcomhtháthófar príomhghnéithe uile an phróisis imscrúdúcháin, lena dtacófar le comhlíonadh ár n-oibleagáidí maidir le nochtadh, agus lena dtabharfar infheictheacht fheabhsaithe don lucht bainistíochta, rud a éascóidh tuilleadh cuntasachta, formhaoirseachta, rialú cáilíochta agus rianú cásanna.

I gcomhthráth leis sin, táimid ag féachaint le deimhniú ISO a fháil, i réimse na fóiréinsice digití ar dtús. Mar thoradh ar na tosca sin, agus mar thoradh ar bheirt Chomhaltaí nua a cheapadh ar an Údarás ar ball beag, táimid i riocht maith mar eagraíocht a bhfuil na hacmhainní aici chun ár n-uailmhianta straitéiseacha a chomhlíonadh sna trí bliana atá le teacht maidir le tionchar méadaithe agus maidir le tuilleadh breisluacha a sholáthar don phobal a bhfreastalaímid air.

Focail scoir

Ar ndóigh, ní bheifí in ann aon cheann de na rudaí thuas a dhéanamh murach ár bhfórsa saothair díograiseach tiomanta. Mar is gnách, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leo as an obair a dhéanann siad. Cé nach bhfuil a gcuid oibre chomh hinfheicthe sin ag an bpobal, tá go leor daoine ann sa chúla a mbíonn a gcuid oibre chomh tábhachtach céanna leis an obair a dhéanann na daoine dínn a chomhlíonann ról atá níos feiceálaí agus a bhfuil próifíl níos airde acu. Murach iad, ní bheadh againn an bonneagar agus an tacaíocht ardchaighdeán atá againn i réimsí atá ríthábhachtach don mhisean, amhail rialachas, airgeadas, acmhainní daonna, TFC, cumarsáid, riosca, agus bainistíocht saoráidí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí ár gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, a sholáthraíonn formhaoirseacht, dearbhú agus comhairle luachmhar.

Mar an gcéanna, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár nAirí agus lena n-oifigigh as a dtacaíocht leanúnach. Tá caidreamh láidir ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus ag Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach roimhe seo, lena máthair-Roinn le fada an lá, agus é bunaithe ar idirphlé oscailte, ar iontaoibh fhrithpháirteach, agus ar mheas. Faoi Airí agus Ard-Rúnaithe i ndiaidh a chéile, tá an Roinn ag tabhairt tacaíocht ríthábhachtach acmhainní, beartais agus reachtaíochta dúinn, i gcomhthéacs an róil thábhachtaigh a thug an tOireachtas don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Ian Drennan
Cathaoirleach
30 Aibreán 2026

Réamhrá



Réamhrá

An reachtaíocht bhunaithe

Bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (**an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**) le hAcht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, lenar leasaíodh Acht na gCuideachtaí, 2014 (**Acht 2014**). Tosaíodh Acht 2021 le hOrdú ón Aire i mí Iúil 2022.

Feidhmeanna reachtúla

Mar a fhoráiltear le halt 944D d'Acht 2014, is iad seo a leanas príomhfeidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- comhlíonadh Acht 2014 a spreagadh,
- cásanna ina bhfuil cionta amhrasta agus cásanna eile ina bhfuil neamhchomhlíonadh amhrasta faoi Acht 2014 a imscrúdú,
- Acht 2014 a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear cionta a ionchúiseamh trí bhíthin imeachtaí achoimre,
- faoi rogha an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, cásanna a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (**DPP**) i gcás go mbeidh forais réasúnacha ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun a chreidiúint go ndearnadh cion indíotáilte faoi Acht 2014,
- ról maoirseachta a fheidhmiú, a mhéid a mheasann sé é a bheith riachtanach nó cuí, ar ghníomhaíocht leachtaitheoirí agus glacadóirí agus iad i mbun a bhfeidhmeanna faoi Acht 2014, agus
- gníomhú mar chomhalta d'Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (**IAASA**).

Tugtar don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach freisin feidhmeanna reachtúla i ndáil le gléasanna infheistíochta áirithe faoin Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní, 2015. De bhreis air sin, is é an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an t-údarás inniúil chun smachtbhannaí a fhorchur ar stiúrthóirí cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018 (lenar leasaíodh Acht 2014 mar an gcéanna).

Rialachas

Comhlacht rialaithe

Is é an tÚdarás (**an tÚdarás**) comhlacht rialaithe an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. De réir alt 944F d'Acht 2014, beidh an tÚdarás comhdhéanta den líon Comhaltaí (nach mbeidh níos mó ná triúr) a chinnfidh an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (**an tAire**).

Cathaoirleach

I gcás go bhfuil an tÚdarás comhdhéanta de níos mó ná Comhalta amháin, ceapfaidh an tAire duine de Chomhaltaí an Údaráis mar Chathaoirleach. I gcás, mar atá amhlaidh faoi láthair, go bhfuil an tÚdarás comhdhéanta de Chomhalta amháin, de réir alt 944G(4), is é nó í an Comhalta sin an Cathaoirleach. De réir alt 944G(5), déanfaidh an Cathaoirleach foireann, riarachán agus gnó an Údaráis a sheoladh agus a bhainistiú agus a rialú i gcoitinne.



Ian Drennan
Cathaoirleach

Is é Ian Drennan Cathaoirleach an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tá taithí fhairsing aige ar réimsí an imscrúdaithe, na rialála agus an fhorfheidhmiúcháin shibhialta agus choiriúil agus ar eintitis a bhfuil sainordú le leas an phobail acu a threorú, ós rud é go raibh sé i seilbh post roimhe seo mar Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasáiochta na hÉireann (**IAASA**) faoi seach. Tá sé ina chomhalta den Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí (**CLRG**) agus tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Forfheidhmiúcháin CLRG. Chomh maith leis sin, is comhalta é de Chomhairle na nDochtúirí Leighis, an rialálaí reachtúil ar dhochtúirí leighis in Éirinn, áit a bhfuil sé ar an gCathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca agus ina chomhalta den Choiste um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.

Mar chuntasóir de réir gairme (FCCA, FCA), tá céim Mháistreachta i nDlí ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath aige, chomh maith le cáilíochtaí ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (COBÁC) (Céim BSc i gCeannaireacht agus Rialachas Póilíneachta), ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit de chuid COBÁC (Diplóma Iarchéime i Rialachas Corparáideach), agus ó Chumann Onórach Óstaí an Rí (Ard-Diplóma i gCoireacht Chorparáideach, Bóna Bháin agus Rialála). Tá sé ina Ollamh Taca i Scoil an Dlí de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus thug sé léachtaí do mhic léinn chéime san Fhoras Riaracháin (Iniúcháireacht) agus do mhic léinn Ard-Diplóma Óstaí an Rí i gCoireacht Chorparáideach, Bóna Bháin agus Rialála (Dlí na gCuideachtaí agus Rialáil) araon.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Mar a cheanglaítear leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (**an Cód**), bhunaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (**ARC**). Tá ceathrar comhaltaí ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, ar comhaltaí atá lasmuigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus atá neamhspleách air, iad triúr díobh. Tá comhaltas an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca leagtha amach thíos.



Dónall Curtin

Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Is Cuntasóir Cairte agus stiúrthóir Boird a bhfuil taithí aige agus a bhfuil saineolas fairsing aige ar airgeadas, ar rialachas corparáideach, ar iniúcháireacht, agus ar bhainistíocht riosca Dónall. D'fhóin sé ar go leor Coistí Iniúcháireachta agus Riosca san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus sa Bheilg, lena n-áiríodh an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Cathaoirleach), an Student Loan Company, Fáilte Éireann (Cathaoirleach), Irish College Leuven, Institiúid agus Dámh na nAchtúirí, an Coimisiún um Chomhionannas agus Cearta an Duine, Registers of Scotland (Cathaoirleach), an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí, agus Ollscoil Aberdeen.



Paul Kerrigan

Is aturnae agus Comhpháirtí le Deloitte Ireland Paul. Tá sé i gceannas ar fheidhmeanna dlí agus riosca an ghnólachta agus tá ról bhreise aige ar an leibhéal Eorpach. Tacaíonn a shaineolas le cumas an ghnólachta chun castacht a bhainistiú, chun seasamh le caighdeán rialachais, agus chun cáilíocht a chumasú ar fud na seirbhísí uile. Chomh maith leis sin, tá sé ina chomhalta de bhord LauraLynn, arb é ospís leanaí na hÉireann é, agus tá sé ina chomhalta dá Choiste Rialachais agus ina chathaoirleach ar a Choiste Cáilíochta, Riosca agus Sábháilteachta.



Daneve Harris

Is Stiúrthóir Ciste Infheistíochta Deimhnithe agus Iontaobhaí Pinsin Cáilithe Daneve agus tá Diplóma sa Rialachas Corparáideach aici. Tá breis agus 25 bliana caite aici ag obair sa tionscal Bainistíochta Sócmhainní agus tá cúlra láidir aici sa rialachas, san fhorghoirseacht agus sa bhainistíocht riosca. Bhí sí ina chomhalta freisin de bhoird chliant, de bhoird Stáit agus de bhoird charthanais, agus bhí sí ina chomhalta dá gCoistí Iniúcháireachta agus Riosca faoi seach. Is curadh éagsúlachta agus cuimsithe Daneve agus tá teastas in Airgeadas Freagrach agus Inbhuanaithe aici freisin.



Suzanne Young

Tá tuilleadh mionsonraí faoi thaithí agus cúlra gairmiúil an chomhalta inmheánaigh den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tugtha thíos faoi 'An Fhoireann Ardghairneachta'.

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile sé huair sa bhliain 2025. Tá freastal na gcomhaltaí den Choiste leagtha amach thíos.

Comhalta	11 Márta	11 Aibreán	25 Aibreán	27 Meitheamh	12 Meán Fómhair	27 Samhain
Dónall Curtin	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Daneve Harris	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Paul Kerrigan	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Suzanne Young	✓	✓		✓	✓	✓
Rúnaí						
Mary Daly	✓	✓	✓	✓	✓	✓

Cheap an tÚdarás Dónall Curtin mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, agus rinne sé cathaoirleacht ar na sé chruinniú go léir sa bhliain 2025.



Mary Daly

An Stiúrthóir um Airgeadas agus TFC

Chuaigh Mary isteach san eagraíocht arbh í réamhtheachtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach í mar Chuntasóir Fóiréinseach Sinsearach, tar éis di cleachtadh roimhe sin i gcáil phríobháideach. Thar thréimhse a gairme, bhí raon leathan ról sinsearach airgeadais ag Mary in eagraíochtaí ilnáisiúnta atá liostaithe go poiblí, in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon. I measc na bhfreagrachtaí a bhí uirthi bhí tuairisciú reachtúil, bainistíochta agus rialála a dhéanamh, córais airgeadais a chur chun feidhme agus a fheabhsú, agus roinnt tionscadal domhanda rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a bhainistiú.

Is Comhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (FCCA) Mary agus tá céim Mháistreachta i nDlí ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath aici, mar aon le dioplómaí iarchéime i gCuntasáíocht Fhóiréinseach (Cuntasóirí Cairte Éireann) agus i gCoireacht Chorparáideach, Bóna Bháin agus Rialála (Cumann Onórach Óstaí an Rí).

An Fhoireann Ardbhainistíochta

Tá foireann ardbhainistíochta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhdhéanta de sheachtar oifigeach atá ag leibhéal Stiúrthóra, mar atá:

- I. An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta,
- II. An Stiúrthóir um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht,
- III. An Stiúrthóir um Airgeadas agus TFC,
- IV. An Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta,
- V. An Stiúrthóir um Maoirseacht Dócmhainneachta,
- VI. An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí, agus
- VII. An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas.

Ag obair dóibh faoi stiúir agus faoi mhaoirseacht an Chathaoirligh, áirítear le freagrachtaí na Stiúrthóirí:

- an straitéis a chur i ngníomh,
- comhlíonadh éifeachtach fheidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach,
- cultúr gairmiúlachta, ionracais agus neamhspleáchas a chur chun cinn,
- riosca a bhainistiú, lena n-áirítear riosca airgeadais, dlíthíochta agus clú,
- a leithdháiltí buiséid a bhainistiú,
- rialuithe airgeadais agus rialuithe eile a oibriú, lena n-áirítear rialuithe atá ceaptha chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc agus chun sócmhainní an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chosaint, agus
- luach ar airgead a sholáthar mar ghníomhaireacht a fhaigheann cistiú poiblí.



An Dr Michael Dillon

An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí

Rinne Michael staidéar ar dhlí sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, áit ar chuir sé Dochtúireacht i nDlí Coiriúil i gcrích freisin. Mar abhcóide, chleacht Michael go fairsing sa dlí coiriúil, sa dlí tráchtála, sa dlí riaracháin, san athbhreithniú breithiúnach agus sa dlí bunreachtúil. D'fhóin Michael mar LeasArd-Aighne aonair do Chríoch Thar Lear Oileáin na dTurcach agus Caicos de chuid na Ríochta Aontaithe agus mar LeasArd-Rúnaí de facto do phunann Aireachta a Rannóg Tailte ar feadh breis agus ceithre bliana. Rinne sé ionadaíocht do Rialtas na Stát Aontaithe i gcásanna eiseachadta lenar bhain calaoiseoirí scéimeanna Ponzi, an gháinneáil ar dhaoine agus an smuigléireacht. Rud ba dhéanaí fós, bhí Michael i gceannas ar fhoireann dlíthíochta foirgníochta i bpríomhghnólacht dlí atá bunaithe in Dubai ina dhlínsí dlí choitinn. Scríobh Michael an príomh-théacsleabhar dlí choiriúil ar dhlí na meisce (The Law of Intoxication: A Criminal Defence, Round Hall, 2015).



Andrew Harbison

An Stiúrthóir um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht

Tá Andrew ar dhuine de na cleachtóirí is mó taithí i réimse na n-imscrúduithe digiteacha agus i réimse na fionnachtana leictreonáil in Éirinn. Sna 25 bliana atá imithe thart, chuir sé breis agus 1,000 ceann d'imscrúduithe fóirínseacha TF agus d'imscrúduithe ar fhreagairtí do theagmhais chibearshlánda i gcrích go rathúil, chomh maith leis na céadta tionscadal um fhionnachtain leictreonach, lenar áiríodh an ceann ba mhó riamh a rinneadh in Éirinn. Bhunaigh sé na grúpaí Éireannacha Imscrúduithe Fóirínseacha TF i dtrí ghnólacht seirbhísi gairmiúla ar leith, agus rinne sé imscrúduithe, agus thacaigh sé le cásanna dlí, ar fud na hEorpa agus san Áise, san Astráil agus sna Stáit Aontaithe.

Tá saineolas ag Andrew ar chibearshlándaí, ar chosaint sonraí, agus ar bhainistíocht teagmhas freisin. Tá go leor foilsithe aige ar fhóirínsic TF, ar dhlíthíocht leictreonach, ar chibearshlándaí, ar chalaíocht ríomhaireachta, agus ar phríobháideacht sonraí, lena n-áirítear roinnt ailt acadúla a foilsíodh le déanaí ar dhlíthíocht leictreonach agus ar aisghabháil faisnéise. Tá céim BE aige in Innealtóireacht Leictreonach agus tá dhá chéim Mháistreachta aige: i Riarachán Gnó agus in Eolaíocht Ríomhaireachta. D'oibrigh sé mar léachtóir sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (le Fóirínsic Dhigiteach), agus i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (le Bainistíocht Oibríochtaí). Chomh maith leis sin, thug sé léachtaí ar chúrsaí Diplóma ag Dlí-Chumann na hÉireann, ag Óstaí an Rí, agus do Interpol. Tá sé ina chomhalta d'Innealtóirí Éireann, d'Institiúid na nInnealtóirí Leictreacha agus Leictreonaice (IEEE), den Chumann um Ríomhairí agus Dlí, agus d'Acadamh Saineolaithe na Ríochta Aontaithe.



David Hegarty

An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas

Is abhcóide de réir gairme David agus d'oibrigh sé roimhe seo mar Bhainisteoir Punainne Forfheidhmiúcháin san eagraíocht arbh í réamhtheachtaí an Udarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach í. Cháiligh David mar atur na sa bhliain 2002 agus d'aistrigh sé chuig an mBarra sa bhliain 2006, áit ar chleacht sé go príomha i réimse na cosanta coiriúla agus na habhcóideachta.

Roimhe sin, bhí sé ina Abhcóide Comhairleach in Oifig an Chomhairleora Dlí Parlaiminte, áit ar chuir sé comhairle ar Choimisiún Thithe an Oireachtais, ar Sheirbhís Thithe an Oireachtais agus ar Choistí Parlaiminte maidir le nithe a bhaineann leis an dlí bunreachtúil, leis an dlí parlaiminte agus leis an dlí riaracháin. D'oibrigh sé freisin mar oifigeach dlí i Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX) agus sa Bhinse Speisialta don Liobáin sa Háig, áit ar oibrigh sé i Seomraí na mBreithiúna le breithiúna idirnáisiúnta a bhí ag éisteacht cásanna lenar bhain an choireacht eacnamaíoch, an t-éillíú, mí-úsáid oifigí poiblí, coireanna cogaidh agus comhcheilg chun sceimhlitheoireacht a dhéanamh.



Fallon Judge

An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta

Is í Fallon an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta agus, le linn na bliana faoi athbhreithniú, bhí freagracht uirthi ar bhonn sealadach as gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin choiriúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach freisin. Roimhe sin, bhí Fallon ina Cuntasóir Fóirínseach Sinsearach san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus, le linn di a bheith ag obair sa cháil sin, ghnóthaigh sí taithí fhairsing ar an imscrúdú sibhialta agus ar an imscrúdú coiriúil araon. Roimhe sin, d'oibrigh Fallon i ngnólacht cuntasaíochta idirnáisiúnta, áit a ndearna sí speisialtóireacht i réimsí na dócmhainneachta agus an ghnóthaithe chorparáidigh.

De bhreis ar Fallon a bheith ina Comhalta de Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte (FCCA), is comhalta d'Institiúid Cánach na hÉireann í freisin. Tá dioplómaí iarchéime ag Fallon freisin i gCoireacht Chorparáideach, Bóna Bháin agus Rialála (Cumann Onórach Óstaí an Rí), i gCuntasaíocht Fhóirínseach (Cuntasóirí Cairte Éireann) agus i nDócmhainneacht (Cuntasóirí Cairte Éireann). Chomh maith leis sin, tá céim B.Sc. in Ailtireacht (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste) aici.



Cathy Shivnan

An Stiúrthóir um Maoirseacht Dócmhainneachta

Is atur nae Cathy agus tá Céim Baitsiléara i nDlí Sibhialta aici ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, tá dioplóma iarchéime i nDócmhainneacht agus Athstruchtúrú Corparáideach aici ó (Dlí-Chumann na hÉireann) agus tá ard-dioplóma i gCoireacht Chorparáideach, Bóna Bháin agus Rialála (Cumann Onórach Óstaí an Rí) aici.

Sula ndeachaigh sí isteach san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, d'oibrigh Cathy sa tSeirbhís Chúirteanna agus i ról éagsúla in Oifig na gCoimisinéirí loncaim. Áiríodh leis na ról sin ról mar Atur nae i bhfoireann Tráchtála agus Dlíthíochta Rannóg Aturnaetha na gCoimisinéirí loncaim agus ról mar Cheann um Aonad Dócmhainneachta na gCoimisinéirí loncaim i mBaile Átha Cliath, áit ar bhainistigh sí gach gné de rannpháirtíocht na gCoimisinéirí loncaim i leachtuithe, i nglacadóireachtaí agus i scrúdaitheoireachtaí.

Chomh maith leis sin, tá Cathy ina comhalta de Choiste Feidhmiúcháin Chumann Idirnáisiúnta na Rialálaithe Dócmhainneachta agus ina comhalta de Choiste Éagsúlachta, Comhionannais, Cuimsithe agus Muintearais INSOL International.



Suzanne Young

An Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta

Roimhe seo, bhí an post mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna Sinsearach leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag Suzanne. Roimhe sin fós, bhí roinnt post ag Suzanne san earnáil phríobháideach, lena áiríodh freagracht a bheith uirthi san earnáil ilnáisiúnta as nithe acmhainní daonna ar fud roinnt dlínsí. Áirítear le taithí Suzanne freisin bainistíocht creidmheasa, ríomhthráchtáil, agus seachfhoinsiú próiseas gnó, chomh maith le comhlíonadh oibleagáidí eárnála poiblí. Tá céim Baitsiléara Ealaíon (Onóracha) atá creidiúnaithe ag CIPD i Straitéis agus Cleachtas Bainistíochta Acmhainní Daonna (Coláiste Náisiúnta na hÉireann) ag Suzanne. Ina theannta sin, tá Teastas Gairmiúil iarchéime aici i Rialachas (an Foras Riaracháin).

Misean

Is é misean an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

Freastal ar leas an phobail, agus leas an phobail a chur chun cinn, trí ardleibhéil chomhlíonta a chinntiú i leith dhlí na gcuideachtaí trí thathant atá éifeachtach agus trí fhorfheidhmiú comhréireach, láidir agus athchomhairleach.

Fís

Is mar a leanas a bheidh an fhís a shocraigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach dó féin:

Gníomhaireacht forfheidhmiúcháin a bhfuil iontaoibh ag an bpobal aisti agus a bhfuil an-mheas ag ár ngeallsealbhóirí agus ár gcontrapháirtithe uirthi, ar gníomhaireacht í a rannchuidíonn le cosaint phoiblí agus leis an gclú atá ar Éirinn mar gheilleagar sábháilte dea-rialáilte chun infheistiú ann agus chun fostaíocht a chruthú ann.

Luachanna

Is iad seo a leanas ár mbunluachanna:



Gairmiúlacht

Gníomhaímid go gairmiúil, agus muid ag obair le leas an phobail agus ag iarraidh i gcónaí cloí leis na caighdeáin is airde.



Ionracas

Gníomhaímid le hionracas, lena n-áirítear trí urraim a thabhairt do rúndacht na faisnéise a chuirtear faoinár gcúram agus muid i mbun ár bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh.



Neamhspleáchas

Gníomhaímid go neamhspleách, agus cinntí oibiachtúla á ndéanamh bunaithe ar na fíorais agus gan eagla agus gan fabhar.

Chun na luachanna sin a leabú laistigh den eagraíocht:

- bítear ag súil leis go ndéanfaidh an fhoireann shinsearach ceannaireachta na luachanna sin a chuimsiú agus go mbeidh sí ina heiseamláir, agus
- bítear ag súil leis go léireoidh na baill foirne uile na luachanna sin ina n-idirghníomhaíochtaí ar fad lena gcomhghleacaithe agus lenár ngeallsealbhóirí araon.

Straitéis

Treoraíodh obair an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach le linn na bliana 2025 leis an Ráiteas Straitéise 2022–2025 uaidh. Léiríodh i dtrí cholún na Straitéise sin bunú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach mar údarás reachtúil neamhspleách a bhfuil freagracht air as comhlíonadh Acht 2014 a spreagadh agus as a chinntiú go dtugtar aghaidh go héifeachtach ar chásanna nach gcomhlíontar an tAcht sin iontu.

Is iad seo a leanas trí cholún an Ráitis Straitéise 2022-2025:

Colún 1

Struchtúir rialachais a leabú, inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt agus láithreachta a bhunú

Colún 2

Tathant a dhéanamh agus tionchar a imirt go héifeachtach

Colún 3

Córais éifeachtacha forfheidhmiúcháin chomhréirigh, láidir agus athchomhairligh a oibriú

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise 2022-2025 raon táscairí feidhmíochta chun éifeachtacht chur i gcrích ár straitéise a thomhas thar na chéad trí bliana de shaolré an Údaráis. Áiríodh iad seo a leanas leo sin:

- struchtúir rialachais a bhunú agus an Cód a chur chun feidhme ina iomláine,
- cairt luachanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a fhorbairt,
- baill foirne atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí chúil acu a earcú, ar daoine iad a fhoinsítear, a mhéid is mó is indéanta, trí chomórtais oscailte, rud a thugann rochtain don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar an mbuíon is leithne tallainne is féidir atá ar fáil,
- infheistíocht a dhéanamh in oiliúint agus forbairt spriocdhírthe foirne,
- láithreachta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar na meáin shóisialta, agus an líon leantóirí atá aige, a mhéadú,
- freagairtí a fhorbairt do shaincheisteanna a bhíonn ag athrú agus a bhíonn ag teacht chun cinn,
- an córas maoirseachta dócmhainneachta corparáidí a oibriú go héifeachtach,
- imscrúduithe a bhainistiú go héifeachtach,

- acmhainní forfheidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a imscaradh ar bhealach cothromaithe, agus aird á tabhairt ar chuspóirí straitéiseacha, agus
- infheistiú sa teicneolaíocht, agus leas a bhaint aisti, i ngníomhaíochtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin.

Leagtar amach sa Tuarascáil seo roinnt cás-staidéar ina dtugtar samplaí de na cineálacha éagsúla gníomhaíochta a rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le linn na bliana agus ina léirítear an tionchar atá ag a chuid oibre ar phearsana aonair, ar chuideachtaí, agus ar an bpobal i gcoitinne. Baineadh ainmneacha de mhionsonraí áirithe sna cás-staidéir sin ar chúiseanna rúndachta. I gcás go bhfuil an fhaisnéis san fhearann poiblí cheana féin, áfach, tugtar ainm na gcuideachtaí agus na pearsana aonair lenar bhain.

Ráiteas Straitéise 2026-2028


Le linn na bliana faoi athbhreithniú, agus é ag leanúint ar aghaidh ag oibriú faoi chuimsiú an Ráitis Straitéise 2022-2025, rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach dul chun cinn ar obair freisin chun an Ráiteas Straitéise 2026-2028 uaidh a fhorbairt agus chun ullmhú dá chur chun feidhme. Bhí an obair sin bunaithe ar eispéiris an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ó uair a bhunaithe i leith, ar bhreithniú leanúnach ar an timpeallacht chorparáideach, eacnamaíoch agus rialála a bhíonn ag athrú, agus ar mheasúnú ar acmhainn na heagraíochta agus ar ionchais na ngeallsealbhóirí.

Tacaíodh le forbairt an Ráitis Straitéise 2026-2028 le próiseas struchtúrtha comhairliúcháin lenar bhain baill foirne ar fud na heagraíochta agus geallsealbhóirí seachtracha éagsúla. Chuidigh an t-aiseolas a fuarthas tríd an bpróiseas sin le réimsí láidreachta, dúshlán atá ag teacht chun cinn, agus tosaíochtaí don chéad chéim eile d'fhorbairt an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a shainathint.

Is iad cuspóirí straitéiseacha uileghabhálacha an Ráitis Straitéise 2026-2028 ná tionchar a mhéadú agus breisluach a sholáthar, rud a léiríonn tiomantas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach do chomhlíonadh Acht 2014 a chur chun cinn go héifeachtach agus dá chumhachtaí reachtúla a úsáid chun leas an phobail. Tugtar creat sa Straitéis chun gníomhaíochtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a threorú ón mbliain 2026 ar aghaidh, agus béim á leagan ar chur i gcrích, ar thionchar, agus ar thorthaí.

Struchtúr Eagrúcháin

Tá struchtúr eagrúcháin an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, amhail an 31 Nollaig 2025, leagtha amach thíos.



Próifíl Fórsa Saothair agus Ionadaíocht Inscne

Mar atá leagtha amach sa tábla thíos, amhail an 31 Nollaig 2025, bhí 75 bhall foirne san iomlán ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, ina raibh 38 nduine den inscne bhaineann (51%) agus 37 nduine den inscne fhireann (49%), rud a léiríonn dáileadh inscne an-chothrom ar an iomlán.

Grád	Baineann	Fireann	Iomlán
Cathaoirleach	0	1	1
Stiúrthóir	4	3	7
Cuntasóir Fóiréinseach Sinsearach	0	7	7
Comhairleoir Dlí Sinsearach	4	1	5
Bainisteoir Sinsearach	4	3	7
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	3	4	7
Ardfheidhmeannach Dlí	2	0	2
Oifigeach Feidhmiúcháin	8	8	16
Oifigeach Cléireachais	11	4	15
Gardaí	2	6	8
Mór-iomlán	38	37	75

Ionadaíocht inscne ar fud na ngrád

Is fostaithe den inscne bhaineann iad formhór na bhfostaithe ag leibhéal an Oifigigh Cléireachais, agus léirítear cothroime inscne ag grád an Oifigigh Feidhmiúcháin, agus líon comhionann ball foirne den inscne bhaineann agus ball foirne den inscne fhireann ann. Is cothrom, tríd is tríd, atá an ionadaíocht ag leibhéal an Ardoifigigh Feidhmiúcháin agus ag leibhéal an Bhainisteora Shinsearaigh. Laistigh de ghráid ghairmiúla agus speisialtóra, tá gach post mar Chuntasóir Fóiréinseach Sinsearach á líonadh faoi láthair ag baill foirne den inscne fhireann, agus tá gach post mar Chomhairleoir Dlí Sinsearach, seachas post amháin, á líonadh ag baill foirne den inscne bhaineann. Is den inscne fhireann atá formhór na gcomhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Ag an leibhéal ardbhainistíochta, i.e., grád an Stiúrthóra, is fostaithe den inscne bhaineann iad formhór na mball foirne. Tá an tÚdarás comhdhéanta de chomhalta amháin faoi láthair, i.e., an Cathaoirleach. Tá an post sin i seilbh fostaí den inscne fhireann faoi láthair.

Ar an iomlán, is ionann baill foirne den inscne bhaineann agus beagán os cionn leath fhórsa saothair an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus tá dea-ionadaíocht acu ar fud na heagraíochta.

Colún Straitéiseach 1

**Struchtúir Rialachais a Leabú, In-
niúlacht Oibríochtúil a Fhorbairt agus
Láithreach a Bhunú**

Cuspóirí Straitéiseacha

Ar aon dul le cineál nuathionscanta na heagraíochta, cuimsítear na gnéithe seo a leanas sa cholún seo den straitéis:

1. Struchtúir rialachais agus luachanna na heagraíochta a leabú,
2. Inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt, agus
3. Láithreacha a bhunú.

1. Struchtúir rialachais agus luachanna na heagraíochta a leabú

Trédhearcacht agus cuntasacht – Acht 2014

De réir Acht 2014, tá freagracht ar an Údarás as na nithe seo a leanas:

- Ráitis Straitéise an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire¹,
- cláir oibre bhliantúla a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire²,
- tuarascálacha bliantúla an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire³,
- taifid chuntasaíochta chúil a choimeád i leith ioncam agus chaiteachas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach⁴, agus
- dréachtráitis airgeadais a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (**ARCC**) lena n-íniúchadh agus, tar éis an t-íniúchadh a chríochnú, na ráitis airgeadais iniúchta, agus tuairim an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu sin, a chur faoi bhráid an Aire⁵.

Ina theannta sin, déanfaidh Cathaoirleach an Údaráis:

- fianaise a thabhairt do Choiste na Dála um Chuntais Phoiblí, i gcás go n-éilíonn an Coiste sin air nó uirthi i scríbhinn déanamh amhlaidh:
 - ar rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart arna dtairfeadh nó a cheanglaítear a thairfeadh in aon leabhar nó in aon tairfeadh eile cuntais atá faoi réir a iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus a cheanglaítear ar an Údarás leis an Acht seo a ullmhú,
 - ar bharrainneacht agus éifeachtúlacht an Údaráis ó thaobh a chuid acmhainní a úsáid,
 - ar na córais, na nósanna imeachta agus na cleachtais a úsáideann an tÚdarás chun éifeachtacht a oibríochtaí a mheasúnú, agus
 - ar aon ní a dhéanann difear don Údarás dá dtagraítear i dtuarascáil speisialta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi alt 11(2) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, nó in aon tuarascáil eile ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (a mhéid a bhaineann sé le ní a shonraítear i mír (a), (b) nó (c)) a leagtar faoi bhráid Dháil Éireann⁶, agus
- arna iarraidh sin i scríbhinn do Choiste arna cheapadh ag ceachtar Teach den Oireachtas nó i gcomhpháirt ag dhá Theach an Oireachtais, nó d'fhochoiste de chuid Choiste den sórt sin, freastal os comhair an Choiste sin chun cuntas a thabhairt ar riarachán ginearálta an Údaráis⁷.

1 Alt 944U(1)

2 Alt 944U(5)

3 Alt 944T(1)

4 Alt 944X(2)

5 Alt 944X(4)

6 Alt 944N(1)

7 Alt 944O(2)

Trédhearcacht agus cuntasacht – an Cód

De bhreis ar a oibleagáidí reachtúla, tá roinnt oibleagáidí trédhearcachta agus cuntasachta ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoin gCód, lena n-áirítear na ceanglais chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú, mar atá mionsonraithe thuas,
- feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí a bhunú, a thuairiscíonn don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Cheap an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach Crowleys DFK chun gníomhú mar Iniúchóir Inmheánach dó. Cuirtear gach tuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca lena mbreithniú, agus breithníonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a leordhóthanaí atá freagairt an lucht bainistíochta do na saincheisteanna a thagann chun cinn,
- próisis chúí a chur i bhfeidhm chun riosca a bhainistiú go héifeachtach. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, chuaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i dteagmháil le sainchomhairleoir seachtrach chun tacú le creat athbhreithnithe bainistíochta riosca a fhorbairt. Tacaíodh tuilleadh le forbairt an chreata athbhreithnithe trí Bhainisteoir Rialachais agus Comhlíonta Sinsearach ag a bhfuil taithí shuntasach ar bhainistíocht riosca a earcú i mí na Nollag 2025 chuig an Stiúthóireacht um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta. Le chéile, léirítear sna tionscnaimh sin tiomantas leantach an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach do shocruithe láidre bainistíochta riosca a choinneáil ar bun lena dtacaítear le cinnteoireacht éifeachtach agus le cuspóirí eagraíochtúla a bhaint amach,
- athbhreithniú a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, a bhfuil mionsonraí faoi le fáil sa rannán um Ráitis Airgeadais agus Tuairisciú Rialachais den tuarascáil seo,
- nochtaí áirithe rialachais a dhéanamh sna tuarascálacha bliantúla uaidh, a bhfuil mionsonraí fúthu le fáil sa rannán um Ráitis Airgeadais agus Tuairisciú Rialachais den tuarascáil seo, agus
- Comhaontú Formhaoirseachta agus Soláthar Feidhmíochta (**OPDA**) a dhéanamh leis an Roinn Fiontar, Turasoireachta agus Fostaíochta (**an Roinn**). Leagtar amach sa Chomhaontú Formhaoirseachta, Soláthar Feidhmíochta agus Seirbhíse an leibhéal feidhmíochta a bhfuil an Roinn ag súil leis ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus na tacaí atá le soláthar ag an Roinn don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. De bhreis air sin, agus de réir mar is gá, comhlíonann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach oibleagáidí cuntasachta don Aire agus dá Roinn ar bhealaí éagsúla, mar shampla trí fhaisnéis airgeadais agus eile a sholáthar ar bhonn rialta agus trí chruinnithe rialta teagmhála.

An Cód Caighdeán agus Iompraíochta

Is státseirbhísigh iad baill foirne an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Dá réir sin, tá siad faoi réir Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse⁸ (**Cód na Státseirbhíse**). Áirítear le Cód na Státseirbhíse forálacha a bhaineann leis an oibleagáid atá ar státseirbhísigh:

- gníomhú de réir an dlí i gcónaí,
- na caighdeáin ionracais agus chuibhis is airde a chothabháil,
- gníomhú go neamhchlaonta,
- na hoibleagáidí rúndachta is infheidhme a chomhlíonadh,
- coinbhleachtaí leasa a sheachaint, agus
- cúram cuí agus réasúnach a thabhairt do chistí poiblí agus do mhaoin phoiblí.

8 <https://www.sipo.ie/pdf/?file=https://assets.sipo.ie/media/283037/57840bc8-d3de-4037-b3d5-5d57b884799a.pdf#page=null>

Cód Eitice an Gharda Síochána

Tá comhaltaí den Gharda Síochána (**AGS**) atá ar iasacht don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi réir Chód Eitice an Gharda Síochána⁹. Áirítear le Cód an Gharda Síochána forálacha a bhaineann leo seo a leanas:

- dualgas seasamh leis an dlí,
- macántacht agus ionracas,
- údarás agus freagracht,
- cumhachtaí póilíní, agus
- faisnéis agus príobháideacht.

2. Inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt*Oiliúint agus forbairt*

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, sholáthair an Stiúrthóireacht um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta raon iomlán seirbhísí acmhainní daonna don eagraíocht. Áiríodh leis sin a riachtanais foirne a phleanáil, earcaíocht a bhainistiú, tacú le rannpháirtíocht foirne, tacú leis an bpróiseas bainistíochta feidhmíochta, agus deiseanna oiliúna agus forbartha a sholáthar agus a éascú.

Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tiomanta do thacaíocht a thabhairt d'oiliúint agus forbairt leanúnach foirne, agus infheistíonn sé go mór sa chéanna. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, bhí rannpháirtíocht na foirne i ndeiseanna foghlama agus forbartha láidir i gcónaí, agus breis agus céad cás ann inar chuir baill foirne gníomhaíochtaí oiliúna, forbartha nó uasoiliúna i gcrích ar fud na heagraíochta. Tacaíodh leis an bhfoghlaim ar fud raon topaicí agus réimsí ábhair, lena áiríodh:

- forbairt ceannaireachta,
- cuntasáocht fhóiréinseach,
- Litearthacht intleachta saorga,
- imscrúduithe rialála,
- fóiréinsic dhigiteach agus cibearshlándáil, agus rialachas neartaithe,
- an dlí, agus
- saoráil faisnéise, cosaint sonraí, soláthar, agus rialachas faisnéise earnála poiblí.

Chomh maith leis sin, ghlac baill foirne páirt in oiliúint eirgeanamaíochta, in oiliúint do mheasúnóirí TST (Trealamh Scáileán Taispeána) agus i gcláir folláine agus réamhscóir.

Earcaíocht

Tá foireann oifigeach an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhdhéanta de bhaill foirne sibhialtacha agus de chomhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht de bhun Acht 2014 agus de bhun Meabhrán Tuisceana (**MoU**) atá i bhfeidhm leis an nGarda Síochána. Is é 76 bhall foirne líon ceadaithe ball foirne sibhialtach an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus is é 16 bhall foirne an líon iomlán comhaltaí ar iasacht, mar a comhaontaíodh idir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus an Garda Síochána.

Earcaítear baill foirne sibhialtacha, a mhéid is mó is féidir, trí chomórtas oscailte a réachtáil an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iad, rud a thugann rochtain don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar an mbuíon daoine tallannacha is leithne is féidir. In imthosca áirithe, déantar an earcaíocht sin a fhorlíonadh le hearcaíocht ó phainéil arna mbunú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tar éis comórtas oscailte. Is de bharr fostaíocht eile a fháil, ardú céime a fháil, agus leas a bhaint as scéim soghluaisteachta na Státseirbhíse a fhágann sibhialtaigh atá ag fágáil na heagraíochta. Éascaíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach freisin, i gcás gur féidir, deiseanna iasachta, rud a thugann deis d'oifigigh sibhialtacha taithe a fháil i réimsí eile den Státseirbhís.

⁹ <https://www.garda.ie/en/about-us/publications/policy-documents/code-of-ethics-2020.pdf>

Le linn na bliana 2025, bhí an líon sibhialtach a thosaigh ag obair linn trí huairé níos mó ná an líon sibhialtach a d'fhág sinn. Áiríodh iad seo a leanas leis na bailí foirne a earcaíodh le linn na bliana:

- An Stiúthóir um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht,
- Bainisteoir Cumarsáide Sinsearach,
- Bainisteoir Rialachais agus Comhlíonta Sinsearach,
- Bainisteoir Tionscdaíl Sinsearach,
- Ceathrar Comhairleoirí Dlí Sinsearacha,
- Beirt Ardfeidhmeannach Dlí,
- Triúr Ardoifigeach Feidhmiúcháin, agus
- Triúr Oifigeach Cléireachais.

Tugtar comhaltaí den Gharda Síochána ar iasacht don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach de réir théarmaí an Mheabhráin Tuisceana. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, aistríodh seisear comhaltaí ar iasacht ón eagraíocht, agus seoladh comórtas le haghaidh comhaltaí nua ar iasacht, ag leibhéal an Bhleachtaire Sáirsint agus ag leibhéal an Bhleachtaire Garda araon, i gcomhpháirt leis an nGarda Síochána.

D'fhógair an Garda Síochána comórtas agus bhí na boird agallaimh comhdhéanta de chomhaltaí ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus ón nGarda Síochána faoi seach. I mí na Nollag 2025, chuir an Garda Síochána in iúl do sheisear iarrthóirí gur éirigh leo. Mar sin féin, tógann sé tréimhse shuntasach ama ar an nGarda Síochána in amanna iarrthóirí rathúla a chur chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus, tráth thabhairt chun críche na tuarascála seo, bhí iarrthóirí amháin curtha chuige.

Ar an iomlán, le linn na bliana 2025, thosaigh cúigear níos mó san eagraíocht ná mar a d'fhág an eagraíocht.

3. Láithreacha a bhunú

Cuireadh an ghné maidir le láithreacha a bhunú den Straitéis 2022-2025 i gcrích den chuid is mó sna luathchéimeanna de shaolré an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus cuireadh i gcrích í go príomha trí sheoladh shuíomh Gréasáin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus trí sheoladh a thairisceana cainéal meán sóisialta, agus trí rannpháirtíocht na foirne ardbhainistíochta i ngníomhaíochtaí ard-infheictheachta, lena áiríodh agallaimh agus an chéad dá chomhdháil de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, ar mheall an dá cheann acu liostaí cainteoirí ríshuntasacha agus líon ard freastalaithe.

Suíomh Gréasáin

Ar shuíomh Gréasáin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach (www.cea.gov.ie), tugtar faisnéis faoin eagraíocht, mar aon le faisnéis agus treoir ar mhaithe lenár ngeallsealbhóirí. Chomh maith le sraith foilseachán faisnéise agus teorach a sholáthar, atá ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon, áirítear leis an suíomh Gréasáin rannán cuimsitheach Ceisteanna Coitianta chun cabhrú lenár ngeallsealbhóirí agus le daoine eile a gcearta, a ndualgais agus a n-oibleagáidí faoi dhlí na gcuideachtaí a thuiscint.

Na meáin shóisialta

Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gníomhach ar LinkedIn, agus é ag postáil an eolais is deireanaí agus an scéala a bhaineann lena ghníomhaíochtaí tathanta agus forfheidhmiúcháin ar bhonn rialta. Le linn na bliana 2025, lean an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach dá chumas cumarsáide a fhorbairt, agus é ag tógáil ar an obair a rinneadh ní ba luaithe sa bhliain chun caidreamh le geallsealbhóirí agus láithreacha sheachtrach an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a neartú. I measc an dul chun cinn sa réimse sin bhí méadú 17% ar an líon leantóirí ar LinkedIn a bhí ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i gcaitheamh na bliana.

Ar aon dul lena Straitéis don tréimhse 2026-2028, tá sé beartaithe ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach leanúint dá inneachar meán sóisialta agus dá thairiscintí digiteacha a leathnú agus a fheabhsú ar mhaithe le geallsealbhóirí.

Colún

Straitéiseach 2

Tathant a Dhéanamh agus
Tionchar a Imirt go hÉifeachtach

Ar aon dul leis an sainordú reachtúil atá orainn comhlíonadh Acht 2014 a chur chun cinn agus leis an ról níos leithne atá againn i gcomhairle a chur ar an lucht déanta beartas maidir le nithe atá ábhartha dár sainchúram, cuimsítear na gnéithe seo a leanas sa cholún seo dár straitéis:

1. Geallsealbhóirí a chumhachtú,
2. Freagairt do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn, agus
3. Tionchar a imirt, comhairle a thabhairt agus gabháil do cheannaireacht smaointeoireachta.

1. Geallsealbhóirí a chumhachtú

Tá dlí na gcuideachtaí fairsing agus ríchasta araon, agus breis agus 1,600 alt agus 24 Sceideal in Acht 2014. Cuirtear leis an gcastacht sin leis na leasuithe rialta is gá chun go mbeidh dlí na gcuideachtaí in ann coinneáil suas le nithe amhail forbairtí teicneolaíochta, mar shampla.

Sa chomhthéacs sin, is amhlaidh, dar linn, is é an modh is éifeachtaí trínar féidir geallsealbhóirí a chumhachtú ná trí fhaisnéis agus treoir atá cruinn, neamhchlaonta agus inrochtana a sholáthar. Ar na geallsealbhóirí sa chomhthéacs sin tá stiúrthóirí agus rúnaithe cuideachta, comhaltaí agus scairshealbhóirí cuideachta, creidiúnaithe, gearánaigh ionchasacha, agus an mórfhobal.

Ábhar faisnéise agus treorach

D'fhoilsigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach sraith Leabhar Faisnéise ina dtugtar achoimre dár ngeallsealbhóirí ar ról, freagrachtaí, dualgais agus cearta na ndaoine seo a leanas:

- cuideachtaí,
- stiúrthóirí cuideachta,
- rúnaithe cuideachta,
- comhaltaí agus scairshealbhóirí cuideachta,
- iniúchóirí, agus
- leachtaitheoirí, glacadóirí agus scrúdaitheoirí.

Forlíontar an t-ábhar sin le rogha chuimsitheach ceisteanna coitianta ar ár suíomh Gréasáin, rud a bhfuil sé mar aidhm leis na ceisteanna sin a chuirtear go minic a shainiú agus cúnamh a thabhairt do gheallsealbhóirí a mbealach a dhéanamh trí na forálacha reachtúla gaolmhara.

Gníomhaíochtaí for-rochtana

D'honn ár dteachtaireacht a scaipeadh maidir le tairbhí dhlí na gcuideachtaí agus maidir leis an tábhacht a bhaineann leis an gcéanna a chomhlíonadh i gcomaoin na dtairbhí agus na bpríhléidí a bhronntar, forlíonann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a ábhair faisnéise agus threorach le clár for-rochtana. Áirítear leis an gclár sin spriocdhíríú ar spriocphobail thábhachtacha ar na bealaí seo a leanas:

- baill foirne an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chur ar fáil chun freastal ar imeachtaí ar dóigh do stiúrthóirí cuideachta, mar shampla, a bheith i láthair acu, agus
- cainteanna, láithreoireachtaí agus léachtaí a thabhairt do spriocghrúpaí, e.g., mic léinn i ndisciplíní iomchuí. Ós rud é go rachaidh roinnt mhaith díobh ar aghaidh chun bheith ina stiúrthóirí cuideachta, nó ina gcomhairleoirí do stiúrthóirí cuideachta, spriocdhírímid go háirithe orthu siúd atá ag déanamh staidéar ar dhlí, ar ghnó agus ar chuntasaíocht. Tá cuspóir déach ag an ngné sin dár gcuid oibre sa dóigh is go rannchuidíonn sí freisin leis an gcuspóir straitéiseach de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach arb é atá an láithreachta a bhunú.

Le linn na bliana 2025, thug baill foirne ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach 28 gcinn de láithreoirreachtaí agus de léachtaí den sórt sin. I gcomhréir lena Straitéis don tréimhse 2026-2028, tá sé beartaithe ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an tseirbhís sin a leathnú sa bhliain 2026 agus ina diaidh sin, rud a mhéadóidh a clúdach tuilleadh.

Taispeántais

Eagraíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach imeachtaí éagsúla agus glacann sé páirt iontu, rud a dhéanann sé i gcomhpháirt le tríú páirtithe ina lán cásanna. I bhformhór na gcásanna, tá na himeachtaí sin dírithe ar ghnólachtaí, ar ghairmithe dlí, ar ghairmithe cuntasáíochta, ar ghairmithe rialachais, agus ar ghairmithe comhlíonta. Ina theannta sin, déanaimid caidreamh díreach leis an bpobal i gcoitinne ag na taispeántais sin, agus faisnéis á soláthar againn faoi conas is féidir gearáin a chomhdú nó nochtaí cosanta a dhéanamh maidir le sárúithe líomhnaithe ar dhlí na gcuideachtaí. Ar na héachtaí suntasacha taispeántais le linn na bliana faoi athbhreithniú bhí imeachtaí earraigh agus geimhridh Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann (**ISME**), agus imeachtaí réigiúnacha agus náisiúnta na Fondúireachta Gnó Uile-Éireann (**AIBF**).

Nuachtlitir an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Foilsíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach nuachtlitir sheachtrach ráithiúil mar eolas do gheallsealbhóirí. Soláthraítear faisnéis i nuachtlitreacha faoi ghníomhaíochtaí tathanta agus forfheidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tháinig méadú 26% ar an líon sintiúsóirí sa bhliain 2025, agus é ag ardú go breis agus 800 sintiúsóir.

Cur chun cinn

Baineann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach úsáid as fógraíocht spriocdhírithe sna meáin chun feachtas ar a sheirbhísí a mhúscailt i measc príomh-spriocphobal, amhail stiúrthóirí cuideachta, scairshealbhóirí/comhaltá, agus gearánaigh ionchasacha. Reáchtáil an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach dhá fheachtas sa bhliain 2025 – ceann amháin inar cuireadh ról agus freagrachtaí stiúrthóirí cuideachta chun cinn; agus ceann eile inar tugadh comhairle do pháirtithe leasmhara maidir le conas gearán a dhéanamh faoi shárú amhrasta ar dhlí na gcuideachtaí. Cuireadh 20 fógra san iomlán sa bhliain, agus cuireadh 12 alt fógraíochta eile i bhfoilseacháin iomchuí.

2. Freagairt do shaincheistanna atá ag teacht chun cinn

Forlíontar ábhar faisnéise agus treorach an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach le foilsiú tréimhsiúil Nótaí Faisnéise, a bhfuil sé mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna tráthúla de réir mar a thagann siad chun cinn. Tá sraith iomlán Nótaí Faisnéise an Údaráis ar fáil ag www.cea.gov.ie. Freagraíonn an tÚdarás freisin do shaincheistanna atá ag teacht chun cinn trína ghníomhaíochtaí comhairleacha, a bhfuil tuilleadh faisnéise fúthu thíos.

3. Tionchar a imirt, comhairle a thabhairt agus gabháil do cheannaireacht smaointeoireachta

Comhaltas an Údaráis a leathnú

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, mhol an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach don Aire go leathnófaí comhaltas an Údaráis chuig an uaslíon is incheadaithe faoi Acht 2014, i.e., ón gComhalta amháin a bhí ann faoi láthair chuig triúr Comhaltá. Áiríodh cúinsí a bhaineann leo seo a leanas leis an réasúnaíocht a bhí mar bhonn agus thaca ag an moladh sin:

- fás tapa na heagraíochta le blianta beaga anuas,
- na freagrachtaí breise a leagtar ar an eagraíocht de bhua a héabhlóide ó Oifig de chuid na Roinne go Gníomhaireacht Stáit, lena n-áirítear infheidhmeacht an Chóid agus a cheanglais shuntasacha,
- ailíniú le forbairtí rialachais in áiteanna eile ar fud na hearnála poiblí,
- an gá atá le formhaoirseacht ag leibhéal an Údaráis ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin choiriúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach atá níos mó ná mar is indéanta faoi shamhail aon Chomhalta amháin, agus
- pleanáil chomharbais.

Cigireachtaí Cuideachta faoi Acht 2014

Foráiltear le halt 747 d'Acht 2014 maidir le sásra faoina bhféadfaidh daoine sonraithe (seachas an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh faoi alt 748), trí iarratas cúirte, a iarraidh go gceapfaí Cigire do chuideachta.

Cé go bhfuil an fhoráil sin ar na leabhair reachtanna le blianta fada anuas, ní dhearnadh aon iarratas go dtí le déanaí. Leis an líon beag iarratas a rinneadh le déanaí, tarraingíodh aird ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bhforáil agus ar a hoibriú. Cuireadh an cleachtadh sin de chúram ar CLRG, agus tá Coiste Forfheidhmiúcháin CLRG, a bhfuil an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar an gcathaoirleach air, i gceannas ar an athbhreithniú sin. Meastar go mbeidh moltaí á ndéanamh don Aire in am trátha mar thoradh ar obair CLRG ina leith sin.

Obair eile CLRG

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, ghlac an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach páirt freisin in obair Coistí éagsúla eile de chuid CLRG, lena áiríodh an Coiste Dócmhainneachta agus an Coiste Rialachais Chorparáidigh faoi seach. Trína chomhaltas sa Ghrúpa agus ina Choistí gaolmhara, thug an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach barúlacha maidir leis na tograí le haghaidh Treoir lena gcomhchuihbhítear gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta (Insol III), agus rannchuidigh sé le hullmhú na Tuarascála ar an athbhreithniú ar fhorálacha a bhaineann le nochtadh seoltaí cónaithe oifigeach, rud a bhí ina ábhar do chleachtadh comhairliúcháin a sheol an Roinn ina dhiaidh sin.

An Bille um Chumhachtaí Póilíní

Moltar leis an mBille um Chumhachtaí Póilíní go ndéanfaí athchóiriú suntasach ar fheidhmiú cumhachtaí Gardaí. Gné amháin de na hathchóirithe atá beartaithe is ea forálacha reachtúla a achtú lena rialaítear an chaoi a láimhseáiltear ábhar ar dearbhaíodh pribhléid dhlíthiúil ina leith tar éis an ardaithe. Ós rud é go bhfuil taithí fhairsing ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar oibriú an tsásra phribhléide dá bhforáiltear faoi Acht 2014, sholáthair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach barúlacha, moltaí agus cúnaimh don Roinn Dlí agus Cirt le linn forálacha iomchuí den Bille a fhorbairt.

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA)

Faoi Acht 2014, tá sé de cheart ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhalta a ainmniú chuig Bord stiúirthóirí IAASA. Is é IAASA an comhlacht reachtúil a bhfuil sé de chúram air gairm na hiniúchóireachta agus na cuntasaíochta a rialáil agus a mhaoirsiú, agus tuairisciú airgeadais reachtúil eintiteas áirithe a mhaoirsiú. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, ghníomhaigh an tUas. David Hegarty, an Stiúirthóir um Ghnóthaí Dlí agus Beartas san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, mar ainmní an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar Bhord IAASA.

Eile

De bhreis ar an méid sin roimhe seo, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina chomhalta den Chomhairle Chomhairleach in aghaidh Coireacht Eacnamaíoch agus Éilliú, agus den Fhóram gaolmhar (faoi chathaoirleacht an Stiúirthóra um Ghnóthaí Dlí agus Beartas san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), agus den Choiste Stiúrtha um Fhrithsciúradh Airgid.

Colún

Straitéiseach 3

Córais Éifeachtacha Forfheidhmiúcháin
Chomhréirigh, Láidir agus Athchomhairligh
a Oibriú

Cuimsítear na nithe seo a leanas sa cholún seo dár straitéis, lena gcumhdaítear ár sainchúram forfheidhmiúcháin:

1. Córas éifeachtach maoirseachta dócmhainneachta corparáidí a oibriú,
2. Córas éifeachtach forfheidhmiúcháin chomhréireach, láidir agus athchomhairligh a oibriú, agus
3. Cuntasacht na pearsan aonair a chinntiú.

1. Córas éifeachtach maoirseachta dócmhainneachta corparáidí a oibriú

Tá prionsabal an dliteanais theoranta ina chuid riachtanach d'oibriú geilleagair nua-aimseartha atá faoi bhláth. Leis an bprionsabal sin, tugtar cosaint riachtanach dóibh siúd atá toilteanach le gnólachtaí a bhunú, nó le hinfheistíocht a dhéanamh iontu, agus soláthraítear cosaint ar na hiarmhairtí a bhaineann le gnáth-theip tráchtála. Is é comhthoradh na cosanta sin ná go mbítear ag súil go bhfeidhmeoidh stiúrthóirí cuideachta agus oifigigh chuideachta scil chuí, cúram cuí agus dícheall cuí i bhfoirmiú, tionscnamh agus bainistiú na gcuideachtaí atá faoina stiúir. Bítear ag súil go gcomhlíonfaidh siad a gcuid dualgas go macánta agus go freagrach. Méadaítear an dualgas sin nuair nach féidir, nó nuair is dóigh nach féidir, leis an gcuideachta a fiacha a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite.

Tá ról suntasach ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le faireachán a dhéanamh ar mhí-úsáidí féideartha phribhléid an dliteanais theoranta agus maidir le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh ina n-aghaidh sin. Tríd is tríd, tá dhá ghné i gceist lena ghníomhaíochtaí, is iad sin:

- i. maoirseacht ar leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha agus ar iompraíocht stiúrthóirí, agus
- ii. gníomhaíocht a dhéanamh in aghaidh stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha a baineadh de Chlár na gCuideachtaí.

Maoirseacht ar leachtaitheoirí cuideachtaí dócmhainneacha agus ar iompraíocht stiúrthóirí

Ceanglaítear ar gach leachtaitheoir a cheaptar do chuideachta dhócmhainneach tuarascáil (nó tuarascálacha) a thabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir leis na himthosca ba chúis le dócmhainneacht cuideachta. Ní mór an chéad tuarascáil a chur faoi bhráid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach laistigh de shé mhí ó dháta ceapacháin an leachtaitheora, agus ní mór tuarascálacha breise a ullmhú ag cibé eatraimh a chinneadh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Ní mór do leachtaitheoirí a lorg freisin go srianfar aon duine a bhí ina stiúrthóir sa dá mhí dhéag roimh an leachtú dócmhainneach, mura féidir leo a thaispeáint chun sástacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach gur ghníomhaigh an duine go macánta agus go freagrach agus é nó í ag bainistiú na cuideachta.

Lean an líon tuarascálacha leachtaitheoirí a fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar aghaidh ag méadú sa bhliain 2025, rud atá ag teacht le normalú leantach na gníomhaíochta dócmhainneachta tar éis thréimhse phaindéim COVID-19. Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach 1,214 tuarascáil ó leachtaitheoirí sa bhliain 2025. B'ionann é sin agus méadú thart ar 23% ar na 984 tuarascáil a fuarthas sa bhliain 2024, rud arbh ionann é, dá réir sin, agus méadú 23% ar an líon tuarascálacha a fuarthas sa bhliain 2023.

An Líon Tuarascálacha Leachtaitheoirí a Fuarthas

Tuarascálacha a Fuarthas	2020	2021	2022	2023	2024	2025
An chéad tuarascáil	426	399	300	556	654	745
Tuarascáil bhreise	243	269	242	244	330	469
Mór-Iomlán	669	668	542	800	984	1,214

Srian

Tá an córas um srian a chur ar stiúirthóirí cuideachta ceaptha chun an pobal a chosaint trí theorainn a chur leis na himthosca ina bhféadfaidh pearsana aonair áirithe páirt a ghlacadh i mbainistíocht cuideachta. I gcás go mbeidh duine faoi réir sriain faoi Acht 2014, ní fhéadfaidh sé nó sí gníomhú mar stiúirthóir cuideachta ach amháin má chomhlíonann an cuideachta lena mbaineann íostairseacha reachtúla caipitlithe. Is ionann an beart cosanta creidiúnaithe sin agus cur chuige atá níos sriantaí ná mar is infheidhme maidir le stiúirthóirí neamhsrianta, a fhéadfar a cheapadh do chuideachtaí a bhfuil scairchaipiteal beag acu. Tá feidhm ag srian ar feadh tréimhse cúig bliana, agus tá rochtain ag an bpobal ar fhaisnéis maidir le daoine srianta agus dícháilithe trí na cláir a choimeádann Clárúitheoir na gCuideachtaí (www.cro.ie).

Breitheanna a eisíodh ar thuarascálacha a athbhreithniú

Agus an córas seo á riar aige, déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach measúnú ar gach tuarascáil a chuireann leachtaitheoir isteach chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil údar le srianadh mar gheall ar iompar an stiúirthóra nó na stiúirthóirí. Tá an measúnú sin bunaithe go príomha ar an anailís ón leachtaitheoir, agus forlíontar é i gcás gur cuí le hábhar ábhartha eile atá ar fáil don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, lena n-áirítear gearáin ó thríú páirtithe, tarchuir ó údarais phoiblí nó rialála eile, agus an cásdlí iomchuí. Taifeadtar na conclúidí a dtagtar orthu tríd an bpróiseas sin faoi na catagóirí breitheanna seo a leanas.

Faoiseamh iomlán

I gcás go dtiocfar ar an gconclúid sa mheasúnú gur chomhlíon iompar an stiúirthóra na caighdeáin dhlíthiúla agus rialachais is infheidhme, measfar nach bhfuil gá ann le haon srian. I gcásanna den sórt sin, cinneann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach nár cheart aon duine de na stiúirthóirí a bheith faoi réir sriain agus go bhféadfaidh siad leanúint de ghníomhú mar stiúirthóirí nó de pháirt a ghlacadh i mbainistíocht cuideachtaí eile gan aon teorainn.

Gan aon fhaoiseamh

I gcás go measfar nár chomhlíon iompar na stiúirthóirí an caighdeán riachtanach, measfar srian a bheith cuí i ndáil le stiúirthóirí uile na cuideachta lena mbaineann. Iarrfar ar gach stiúirthóir, sna himthosca sin, gealltanais maidir le srian a thabhairt nó beidh sé nó sí ina ábhar nó ina hábhar d'imeachtaí os comhair na hArd-Chúirte, arna dtionscnamh ag an leachtaitheoir, lena lorgaítear Ordú Sriantachta a fhorchur.

Faoiseamh páirteach

I gcásanna áirithe, féadfar teacht ar chonclúidí difriúla maidir le stiúirthóirí aonair. Cé go bhféadfaí a mheas, de réir na bhfóras agus na n-imthosca, gur ghníomhaigh roinnt stiúirthóirí go macánta agus go freagrach, d'fhéadfad nach measfaí é sin i gcás stiúirthóirí eile. Féadfar an deis a thairiscint don chohórt stiúirthóirí deireanach sin glacadh le gealltanais maidir le srian nó, mar mhalairt air sin, a bheith ina n-ábhar d'iarratais Ard-Chúirte.

Fadú ama

I gcás go gcuirfidh leachtaitheoir in iúl go bhfuil gá le ham breise chun fiosruithe ar chúrsaí na cuideachta nó ar na himthosca a bhaineann lena foirceannadh a chur i gcrích, féadfar fadú a dheonú. I gcásanna den sórt sin, ordófar don leachtaitheoir tuarascáil bhreise a chur faoi bhráid an Údarais um Fhorfheidhmiú Corparáideach laistigh de thréimhse ama shonraithe.

Torthaí eile

In imthosca teoranta agus eisceachtúla, féadfar a chur in iúl don leachtaitheoir nach bhfuil aon tuairiscí breise ag teastáil ag an bpointe sin, agus ní dhéantar aon chinneadh maidir le faoiseamh. Is féidir go dtarlóidh sé sin, mar shampla, i gcás inar fhill cuideachta ar an tsócmhainneacht sular cuireadh an foirceannadh i gcrích, nó i gcás go bhfuil na stiúirthóirí dícháilithe cheana féin, cibé acu go huathoibríoch tar éis ciontú coiriúil nó mar thoradh ar ghníomhartha leithleacha a thionscain an leachtaitheoir, amhail faoiseamh cúnta in imeachtaí sibhialta trádála calaoisí.

Breitheanna ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a tugadh ar thuarascálacha leachtaitheoirí

Breith a Tugadh	2020	2021	2022	2023	2024	2025
Faoiseamh iomlán	466	366	317	403	479	573
Gan aon fhaoiseamh	46	32	15	49	79	64
Faoiseamh páirteach	19	15	4	9	18	15
Am breise	279	228	205	251	338	561
Eile	0	0	6	8	4	10
Iomlán na mBreitheanna	810	641	547	720	918	1,223

Gealltanais maidir le srian a tairgeadh


Tugadh an córas gealltanais isteach le hAcht 2014 chun rogha chomhréireach agus éifeachtúil eile a sholáthar ar dhlíthíocht Ard-Chúirte i gcásanna cuí. Is é a phríomhchuspóir go bhféadfar srianta (agus dícháilithe) a chur i bhfeidhm gan dul i muinín imeachtaí cúirte, rud a laghdaíonn an t-am agus an costas a bhaineann le forfheidhmiú do na páirtithe uile. Trína fhágáil gur féidir cásanna a thabhairt chun críche ó thaobh an riaracháin de, tacaíonn an córas le hoibriú éifeachtach an chreata reachtúil dócmhainneachta, agus torthaí rialála cuí á gcoinneáil ag an am céanna.

I gcás go gceanglófaí ar stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha dul faoi imeachtaí cúirte ar shlí eile, féadfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, faoina lánrogha féin, deis a thairiscint dóibh gealltanais maidir le srian a thabhairt. Má ghlactar le gealltanais, beidh an éifeacht dhlíthiúil chéanna aige agus atá ag Ordú ón Ard-Chúirt. Is deonach ar fad atá sé glacadh leis agus, má ghlactar leis, seachnóidh stiúrthóirí an t-am agus an costas airgeadais a bhaineann le himeachtaí cúirte a chosaint.

Sa bhliain 2025, roghnaigh formhór mór na stiúrthóirí ar tairgeadh gealltanais maidir le srian dóibh iad a thabhairt.

Fíor 1

Gealltanais maidir le srian a tairgeadh



- 90% An Céatadán de Ghealltanais ar Glacadh leo
- 10% An Céatadán de Ghealltanais nár Glacadh leo

Dícháiliú

Coimeádtar dícháiliú do chásanna lena mbaineann na teipeanna is tromchúisí in iompar stiúirthóra. Tá an córas beartaithe go príomha chun an pobal agus sláine na timpeallachta corparáidí a chosaint, agus tromchúis an mhí-iompair lena mbaineann á léiriú ag an am céanna trína éifeacht díspregtha agus phionósach. Toirmeasctar aon duine atá faoi réir dícháilithe, cibé acu trí ghlacadh le gealltanais nó trí ordú ón Ard-Chúirt, ó pháirt a ghlacadh i mbainistiú, tionscnamh nó foirmiú aon chuideachta. Toradh eile atá ar dhícháiliú is ea go gcuirtear cosc ar an bpearsa aonair ról ghairmiúla áirithe a shealbhú, lena n-áirítear gníomhú mar iniúchóir, mar leachtaitheoir, mar ghlacadóir, mar scrúdaitheoir, nó mar chomhairleoir próisis.


Mar atá amhlaidh i gcás sriain, áirítear leis an gcreat reachtúil lena rialaítear dícháiliú sásra atá ceaptha chun an gá le himeachtaí cúirte a sheachaint i gcásanna cuí. Féadfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, faoina lánrogha féin, cuireadh a thabhairt do stiúirthóir gealltanais maidir le dícháiliú a thabhairt. Mar atá amhlaidh i gcás sriain, tá an éifeacht dhlíthiúil chéanna ag gealltanais agus atá ag Ordú Dícháilíochta arna dhéanamh ag an Ard-Chúirt agus fágann sé gur féidir an ní a réiteach gan an t-am breise agus an costas breise a bhaineann le dlíthíocht. Sa chleachtas, ní bhreithneoidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go ginearálta gealltanais a thairiscint ach amháin i gcás gur tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil tréimhse dícháiliúcháin is ionann agus cúig bliana nó níos giorra cuí.

I gcás go measann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go bhféadfadh tromchúis an iompair a bheith ina húdar le tréimhse dícháiliúcháin is faide ná cúig bliana, ní thairgtear gealltanais agus téann an ní ar aghaidh lena chinneadh ag an Ard-Chúirt. I gcásanna den sórt sin, cinneann an Chúirt, ar bhonn na fianaise a chuirtear i láthair, an bhfuil údar maith le dícháiliú agus, má tá, fad cuí an dícháilithe sin.

Féadfaidh an leachtaitheoir nó an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach imeachtaí den sórt sin a thionscnamh, cé gurb é nó í an leachtaitheoir a thionscnaíonn imeachtaí i bhformhór mór na gcásanna sa chleachtas. Léirítear sa chairt thíos gur roghnaigh níos mó ná ceathrar as gach cúigear stiúirthóirí ar tairgeadh gealltanais maidir le dícháiliú dóibh glacadh leis an tairiscint sin sa bhliain 2025.

Fíor 2

An líon gealltanais maidir le dícháiliú a tairgeadh



- 86% An Céatadán de Ghealltanais ar Glacadh leo
- 14% An Céatadán de Ghealltanais nár Glacadh leo

Forfheidhmiú i ndáil le stiúirthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha atá bainte den chlár

Ceanglaítear ar stiúirthóirí ar chuideachtaí a thagann chun bheith dócmhainneach agus nach bhfuil aon seans acu téarnamh bearta cuí a dhéanamh chun foirceannadh foirmiúil a thionscnamh, lena n-áirítear leachtaitheoir a cheapadh. Tá an leachtaitheoir freagrach as a chinntiú go dtabharfar cúrsaí na cuideachta chun críche go hordúil agus as tuairisc a thabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar imthosca na dócmhainneachta agus ar aon ghnéithe d'iompar stiúirthóirí a d'fhéadfadh a bheith tar éis cur le teip na cuideachta.

I gcásanna áirithe, is féidir go roghnóidh stiúirthóirí gan leachtaitheoir a cheapadh agus, ina ionad sin, lígean don chuideachta scor de thrádáil, agus iad ag mainneachtain na hoibleagáidí reachtúla comhdúcháin a chomhlíonadh ag an am céanna. Mura gcomhlíontar na ceanglais maidir le tuairisceáin bhliantúla ar bhonn leanúnach, bainfear an chuideachta de chlár na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (**CRO**) ar deireadh thiar. Feidhmíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach clár forfheidhmiúcháin chun aghaidh a thabhairt ar an gcineál sin neamhchomhlíonta, á chinntiú nach gceadaítear do stiúirthóirí dul timpeall ar fhorghaoirseacht rialála ná grinnscrúdú a sheachaint tríd an bpróiseas tuairiscithe leachtaitheora.

Forfheidhmiú gaolmhar – iompraíocht stiúirthóirí, mainneachtain na hoibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, agus sárú ar shríon/ar dhícháiliú

I gcásanna áirithe, is féidir go dtiocfaidh tuilleadh bearta forfheidhmiúcháin as na próisis atá leagtha amach thuas. Beidh sé sin ag brath ar na saincheisteanna a shaináithneofar agus ar imthosca an cháis. Áirítear iad seo a leanas le samplaí de na cásanna inar féidir go dtiocfaidh sé sin chun cinn:

- i gcás go n-ardaítear ábhair inmí i dtuarascáil leachtaitheora a d'fhéadfadh éagóiritheoireacht choiriúil fhéideartha ag stiúirthóir a thabhairt le fios, féadfar an ní a tharchur laistigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach lena bhreithniú tuilleadh,
- i gcás gur mhainnigh leachtaitheoir na hoibleagáidí tuairiscithe atá air nó uirthi a chomhlíonadh, féadfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh sin, lena n-áirítear gníomh a dhéanamh chun iallach a chur ar an leachtaitheoir an tuarascáil amuigh/na tuarascálacha amuigh a chur isteach, agus/nó gníomh forfheidhmiúcháin choiriúil a dhéanamh,
- i gcás go dtagann faisnéis chun solais lena dtugtar le fios gur féidir go ndearna duine cion trí ghníomhú de shárú ar Ordú Srianachta, ar Ordú Dícháilíochta, ar ghealltanais maidir le srian nó ar ghealltanais maidir le dícháiliú, féadfar an ní a bhreithniú lena tharchur le haghaidh imscrúdú coiriúil.

Príomhthreochtaí dócmhainneachta

Tháinig laghdú 9% ar an líon cuideachtaí a chuaigh faoi leachtú dócmhainneach sa bhliain 2025 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (2025: 669 gcuideachta; 2024: 734 cuideachta). Is dóigh go mbeidh an laghdú measartha sin ina léiriú ar mheascán tosca, lena n-áirítear ardleibhéil leantacha fostaíochta (a bhfuil comhchoibhneas inbhéartach acu le dócmhainneachtaí) agus maolú beag ar an mboilsciú ó na leibhéil níos airde a bhí ann sna blianta roimhe. Mar sin féin, níor tháinig laghdú aonfhoirmeach ar bhrúnna costais amhail costais fuinnimh agus méaduithe ar chostais phárolla agus tá siad fós le feiceáil in earnálacha áirithe, mar a léirítear sna patrúin atá ag teacht chun cinn as an anailís ar chóid NACE¹⁰, atá leagtha amach thíos.

Cé gur leachtuithe toilteanacha ag creidiúnaithe a bhí i 97% de na leachtuithe dócmhainneacha, tháinig méadú faoi dhó, beagnach, ar an líon leachtuithe ag an gcúirt sa bhliain 2025 i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Tharla sé sin de dheasca an mhéadaithe ar achainíochta foirceanta na gCoimisinéirí loncaim de réir mar a cuireadh tús le forfheidhmiú tar éis stórasú fiachais.

10 Nomenclature générale des Activités économiques dans les Communautés Européennes

Cuideachtaí a chuaigh faoi leachtú dócmhainneach, 2020-2025

Léirítear sa chart thíos an líon leachtuithe dócmhainneacha a cuireadh in iúl don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa tréimhse ón mbliain 2020 go dtí an bhliain 2025:


Bliain	Leachtuithe Toilteanacha ag Creidiúnaithe	Leachtuithe ag an gCúirt	Iomlán
2020	443	49	492
2021	253	49	302
2022	415	12	427
2023	628	4	632
2024	721	13	734
2025	646	23	669

Dócmhainneachtaí de réir earnála, bunaithe ar na chéad tuarascálacha a fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach sna blianta 2024 agus 2025

Tugtar forbheathnú i bhFíor 3 thíos ar leachtuithe dócmhainneacha de réir earnáil eacnamaíoch don tréimhse faoi athbheithniú. Tá an anailís earnála bunaithe ar athbheithniú ar aicmithe NACE a taifeadadh sna chéad tuarascálacha de bhun alt 682 a chuir leachtaitheoirí isteach.

Tá na hearnálacha ina bhfuil an cion is airde de dhócmhainneachtaí cosúil den chuid is mó leo sin a bhí ann sa bhliain 2024, agus baineann níos mó ná leath na ndócmhainneachtaí iomlána sa tréimhse faoi athbheithniú leis na trí phríomhchatagóir (mórdhíol agus miondíol; óstáin, tithe tábhairne agus lónadóireacht; agus an earnáil pobail, an earnáil shóisialta agus earnálacha eile).

Fíor 3
Dócmhainneachtaí de réir earnála



2025	2024	
21%	18%	Mórdhíol agus Miondíol
18%	21%	Óstáin, Tithe Tábhairne agus Lónadóireacht
14%	16%	An Earnáil Pobail, an Earnáil Shóisialta agus Earnálacha Eile
12%	13%	Tógáil
11%	7%	Teicneolaíocht agus Teileachumarsáid
8%	10%	Airgeadas agus Léasú
6%	2%	Monaraíocht agus Clódóireacht
3%	3%	Iompar agus Dáileadh
2%	6%	Eastát Réadach agus Cíos
2%	1%	Margaíocht agus Cur Chun Cinn
2%	1%	Earcaíocht agus Seirbhísí Slándála
1%	2%	Talmhaíocht, Mianadóireacht agus an Earnáil Mhuirí

An clár um chomhlíonadh comhdúcháin leachtaitheoirí

Tá sé riachtanach go gcuirfidh leachtaitheoirí tuarascálacha reachtúla isteach go tráthúil chun go bhfeidhmeoidh córas maoirseachta dócmhainneachta an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go héifeachtach. Ar an iomlán, bhí comhlíonadh na spriocdhátaí tuairiscithe atá leagtha amach in alt 682 d’Acht 2014 fós láidir le linn na tréimhse faoi athbhreithniú. Mar sin féin, lean cohórt beag cleachtóirí ar aghaidh ag mainneachtain a spriocdhátaí comhdúcháin a chomhlíonadh d’ainneoin meabhrúcháin a thabhairt dóibh arís agus arís eile, rud a d’fhág go raibh tuilleadh idirghabháil maoirseachta agus forfheidhmiúcháin ag teastáil.

Le linn na bliana 2025, d’eisigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cumarsáid ghinearálta chuig na leachtaitheoirí uile chun a n-oibleagáidí reachtúla a mheabhrú dóibh agus chun aird a tharraingt ar na hiarmhairtí féideartha a bhaineann le neamhchomhlíonadh leanúnach. Tar éis na teagmhála sin, tháinig feabhas ar fheidhmíocht comhdúcháin, agus méadú ag teacht ar rátaí comhlíonta go 93% i gcás na gcéad tuarascálacha agus go 91% i gcás tuarascálacha ina dhiaidh sin le linn na bliana.

I gcás go raibh neamhchomhlíonadh fós ann, ghéaraigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a fhreagairt trí 39 bhfógra a eisiúint faoi alt 797 d’Acht 2014. Leis na fógraí sin, ceanglaíodh ar na leachtaitheoirí iomchuí a dtuarascálacha amuigh a chur isteach, nó faisnéis bhreise a sholáthar, laistigh de 14 lá, agus mura ndéanadh siad amhlaidh, d’fhéadfadh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar ordacháin lena gcuirfí iallach ar an gcleachtóir an mhainneachtain a leigheas.

Mar thoradh ar an bpróiseas sin:


- Chomhdaigh 10 leachtaitheoir 27 dtuarascáil alt 682 a bhí amuigh, agus
- sholáthair leachtaitheoir amháin tuilleadh faisnéise i leith trí leachtú.

I gcás gur mhainnigh cleachtóirí a staid a thabhairt chun rialtacht a d’ainneoin rabhaidh shoiléire, géaraíodh na nithe le haghaidh forfheidhmiú foirmiúil. Le linn na bliana, thionscain an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach dhá iarratas chuig an Ard-Chúirt lena bhain leachtaitheoirí a ceapadh do sheacht gcuideachta ar leith (Cás-Staidéir 11 agus 12). I ngach cás, cuireadh na tuarascálacha amuigh isteach sa deireadh, agus dhámh an Chúirt costais don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Ba cheart do leachtaitheoirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh smachtbhannaí níos tromchúisí a bheith mar thoradh ar mhainneachtain leanúnach nó thoiliúil na ceanglais reachtúla tuairiscithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear iarratais ar dhícháiliú nó, go deimhin, ionchúiseamh coiriúil.

Fíor 4

Comhlíonadh chomhdú tuarascálacha alt 682 mar chéatadán, 2020-2025



Caighdeán thuairisciú na leachtaitheoirí

Tá cáilíocht na faisnéise a thugann leachtaitheoirí ríthábhachtach chun go mbeidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach in ann a chinneadh ar cheart stiúrtóirí cuideachta a thabhairt chun cuntais as a ngníomhartha sa tréimhse roimh an dócmhainneacht.


Cé gurb ard fós atá caighdeán foriomlán an tuairiscithe faoi alt 682, bhí cásanna ann le linn na tréimhse ina raibh an fhaisnéis a soláthraíodh neamhiomlán nó neamhleor, rud a d'fhág nach raibh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach in ann a chinneadh ar cheart faoiseamh a dheonú ón oibleagáid atá ar an leachtaitheoir iarratas a dhéanamh ar shrianadh stiúrtóirí nó ar dhícháiliú stiúrtóirí.

I gcás gur measadh easnaimh a bheith ar na tuarascálacha, nó i gcás gur theastaigh soiléiriú breise, rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach caidreamh díreach leis an leachtaitheoir lenar bhain. I ngach cás den sórt sin, soláthraíodh an fhaisnéis a iarradh, rud a chuir ar chumas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a mheasúnú a thabhairt chun críche.

Tá sé de chumhacht reachtúil ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach na leabhair agus taifid de chuid cuideachta a scrúdú agus iallach a chur ar leachtaitheoir ceisteanna a fhreagairt maidir leis an dóigh ar seoladh leachtú. Níor ghá, áfach, na cumhachtaí sin a úsáid le linn na tréimhse faoi athbhreithniú. Rinneadh an fhaisnéis go léir a lorg an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chur isteach go deonach agus ar bhealach tráthúil.

Maoirseacht dócmhainneachta:

An Próiseas Tuairiscithe Leachtaitheoirí



2. Córas éifeachtach forfheidhmiúcháin chomhréireach, láidir agus athchomhairligh a oibriú

Cumhachtaí imscrúdúcháin

Tá sraith fhairsing cumhachtaí reachtúla ar fáil don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Áirítear leo sin:

- an chumhacht chun ceanglas a chur ar chuideachtaí agus ar thríú páirtithe iomchuí doiciméid (lena n-áirítear doiciméid leictreonacha) a thabhairt ar aird,
- cumhachtaí cuardaigh agus urghabhála faoi Acht 2014, agus
- an ceart chun iarraidh ar na cúirteanna bearta imscrúdúcháin breise áirithe a cheadú, mar shampla Cigirí atá ceaptha ag an gcúirt.

Ina theannta sin, maidir le hoifigigh de chuid an Údaráis ar comhaltaí den Gharda Síochána iad freisin:

- tá acu na cumhachtaí gabhála atá ag comhaltaí uile an Gharda Síochána, agus
- féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chuig na cúirteanna ar bharántais chuardaigh agus ar orduithe eile faoi fhorálacha eile nach forálacha dlí cuideachtaí iad.

Acmhainní imscrúdúcháin

Seolann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach imscrúduithe de chineál sibhialta agus imscrúduithe de chineál coiriúil araon. Baineann an dara ceann, mar a thugann an téarma le fios, le himscrúduithe ar léirithe ar shárúithe ar fhorálacha coiriúla Acht 2014. I gcodarsnacht leis sin, díreann gníomhaíocht imscrúdúcháin sibhialta ar cé acu a tharla nó nár tharla sárúithe neamhchoiriúla ar Acht 2014 (mar shampla, neamhchomhlíonadh dualgas stiúthóirí).

De bhua sainordú a bheith aige imscrúdú a dhéanamh ar shárúithe coiriúla agus ar shárúithe sibhialta araon ar Acht 2014, áirítear le cohórt oifigeach an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach baill foirne sibhialtacha agus comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht. Ar an gcóhórt ball foirne sibhialtach tá gairmithe cuntasaíochta agus dlí, speisialtóirí fóiréinsice digití, agus anailísithe a dtacaíonn a gcuid saeolais le comhlíonadh éifeachtach fheidhmeanna forfheidhmithe reachtúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Fóiréinsic dhigiteach

Soláthraíonn an Stiúthóireacht um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach tacaí éagsúla fóiréinsice digití agus anailísíochta do réimsí eile den eagraíocht, go háirithe do ghníomhaíocht imscrúdúcháin sibhialta agus do ghníomhaíocht imscrúdúcháin choiriúil. Tacaíonn an Stiúthóireacht le hurghabháil shlán/ardú slán, próiseáil shlán agus anailís shlán a dhéanamh ar ábhar digiteach a bhaineann le gníomhaíocht imscrúdúcháin.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, thacaigh an Stiúthóireacht le himscrúduithe a bhain le raon leathan gléasanna digiteacha, lena n-áiríodh meáin stórála inbhainte, fóin chliste, ríomhairí glúine agus ríomhairí deisce, agus bonneagar freastalaí. Áirítear lena cuid oibre fianaise dhigiteach a fháil ar bhonn fóiréinsic, mionanailís agus mionscagadh a dhéanamh ar shonraí, agus ábhar a ullmhú lena athbhreithniú ag baill foirne imscrúdúcháin trí úsáid a bhaint as ardán athbhreithnithe fianaise digití an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Chomh maith leis sin, d'éascaigh an Stiúthóireacht comhar an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach leis an nGarda Síochána, lena n-áirítear Biúro Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch (**GNECB**), trí chumais fóiréinsice digití an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a úsáid chun tacú le gníomhaíocht chomhpháirteach imscrúdúcháin. Tacaíonn an cur chuige comhoibríoch sin le comhroinnt éifeachtach saeolais agus le húsáid éifeachtúil acmhainní poiblí.

I gcomhthráth leis sin, rinne an Stiúthóireacht um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht dul chun cinn ar shocruithe rialachais faisnéise agus slándála

faisnéise an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a neartú. Le linn na bliana, thug an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi phróiseas chun deimhniú ISO/IEC 27001 a fháil dá bhonneagar fóiréinsice digítí. Tá rúndacht, sláine agus slándáil faisnéise ina gcuid dhlíis d'obair an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus tá sé mar aidhm leis an deimhniú dearbhú seachtrach breise a thabhairt maidir le bainistiú agus cosaint ábhair fianaise. Faoi réir an deimhniú a bhaint amach, déanfar breithniú ar raon feidhme an deimhniúcháin a leathnú ar bhonn céimnithe ar fud réimsí eile den eagraíocht.

I réimse na hanailísíochta sonraí, rinne an Stiúrthóireacht anailísí trí úsáid a bhaint as tacair mhóra sonraí atá ar fáil don phobal chun gníomhaíocht réamhghníomhach forfheidhmiúcháin a éascú. Bhí na hanailísí sin mar bhonn eolais faoi roinnt imscrúduithe agus idirghabhálacha rialála, a raibh roinnt díobh fós ar siúl ag deireadh na bliana. Tacaíonn an obair sin le sainaitheint riosca, le beartú tosaíochta imscrúdúcháin, agus le himscaradh spriocdhírthe acmhainní forfheidhmiúcháin.

Chomh maith leis sin, lean an Stiúrthóireacht de mheasúnú a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as uirlisí atá cumasaithe le hintleacht shaorga chun tacú le gnéithe ar leith den phróiseas imscrúdúcháin. Déantar aon mheasúnú agus úsáid den sórt sin agus aird chuí á tabhairt ar chruinneas, ar iontaofacht, ar shláine fianaise, agus ar an gcreat rialála is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, forbraíodh feidhmchláir theoranta chun cabhrú le cúraimí imscrúdúcháin ar leith, agus coimircí cuí i bhfeidhm.

Ghnóthaí Dlí

Tá an Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Dlí agus an Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Dlí agus Beartas freagrach as comhairle dlí agus comhairle/tacaíocht dlíthíochta ar fud na Stiúrthóireachtaí uile, lena n-áirítear na Stiúrthóireachtaí oibríochtúla (i.e., an Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Sibhialta, an Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Coiriúil, agus an Stiúrthóireacht um Maoirseacht Dócmhainneachta) agus na Stiúrthóireachtaí tacaíochta (i.e., an Stiúrthóireacht um Airgeadas agus TFC, an Stiúrthóireacht um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht, agus an Stiúrthóireacht um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta). Soláthraítear comhairle dlí don Údarás freisin.

I gcás go ndéantar gníomh forfheidhmiúcháin cúirtbhunaithe, is iad na Stiúrthóireachtaí um Ghnóthaí Dlí a bhainistíonn an dlíthíocht sin de ghnáth, lena n-áirítear comhdú páipéar, seirbheáil imeachtaí, agus freastal ar an gcúirt. Is é a bhíon i gceist leis an obair dlí sin de ghnáth ná comhairle dlí maidir le gach gné de shubstaint nó de nós imeachta a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar chomhad.

Ós rud é gur comhlacht reachtúil an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, tugtar comhairle dlí go rialta maidir le conarthaí earraí agus seirbhísí a fháil agus a dhéanamh agus maidir le faireachán a dhéanamh orthu agus maidir le nithe gaolmhara amhail Comhaontuithe um Neamhnochtadh agus comhaontuithe rúndachta.

Foinsí faisnéise

De réir a cineáil, is frithghníomhach go príomha, ach gan go heisiach, do léirithe ar éagóiritheoireacht a thagann ar ár n-aird atá obair forfheidhmiúcháin an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Is féidir le faisnéis teacht ar ár n-aird ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear:

- gearáin a fhaightear ó dhaoine den phobal,
- nochtaí cosanta a dhéantar leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina cháil mar fhaighteoir ainmnithe faoi na hAchtanna um Nochtadh Cosanta,
- tuarascálacha a sheachadtar de bhun oibleagáidí reachtúla,
- tarchuir ó ghníomhaireachtaí reachtúla eile, agus
- tarchuir inmheánacha.

Ina theannta sin, thug an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi athbhreithnithe téamacha le linn na bliana 2025 inar sainithníodh saincheisteanna éagsúla a raibh tuilleadh scrúdaithe ag teastáil ina leith.

Measúnú tosaigh

Tá sé de chúram ar an Aonad Measúnachta laistigh den Stiúrtóireacht um Fhorfheidhmiú Sibhialta de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach an measúnú tosaigh a dhéanamh ar fhorhmór na nithe a tharchuirtear chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Is féidir go mbeidh na torthaí seo a leanas, mar shampla, ar an measúnú sin:

- an ní a bheith á dhúnadh, ar an mbonn nach ní dlí cuideachtaí é, nach dtugtar sárú ar dhlí cuideachtaí le fios san fhaisnéis a soláthraíodh, nó gur ní díospóide sibhialta idir na páirtithe an ní,
- breith go ndéanfaí an ní a imscrúdú tuilleadh, i.e., chun teacht ar fhaisnéis bhreise a mheastar a bheith riachtanach chun an tsaincheist/na saincheisteanna a mheasúnú go cuí,
- rabhadh a bheith á eisiúint chuig an gcuideachta/na stiúrtóirí lena mbaineann,
- an ní a bheith á réiteach chun sástacht an Údaráis Fhorfheidhmiú Corparáideach, a tharlaíonn de ghnáth de bhun fianaise chuige sin a bheith soláthartha ag an gcuideachta agus/nó ag a stiúrtóirí,
- ordachán reachtúil a bheith á eisiúint chun aghaidh a thabhairt ar an ní bunúsach, mar shampla ordachán reachtúil a bheith á eisiúint chuig na stiúrtóirí ar chuideachta chun Cruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) de chomhaltaí/scairshealbhóirí na cuideachta a chomórath,
- cumhachtaí reachtúla eile a bheith á bhfeidhmiú, e.g., an chumhacht chun clár reachtúla cuideachta a iniúchadh,
- an ní a bheith á tharchur chuig tríú páirtí iomchuí (e.g., gníomhaireacht eile Stáit nó comhlachas gairmiúil iomchuí) i gcás go dtugtar saincheisteanna atá faoi shainchúram an tríú páirtí le fios san fhaisnéis, agus
- an ní a bheith á tharchur go himheánach, e.g., le haghaidh scrúdú forfheidhmiúcháin choiriúil.

Gearáin a fuarthas

Sa bhliain faoi athbhreithniú, osclaíodh 335 chomhad san iomlán i ndáil leis an méid seo a leanas:

- 263 cinn de ghearáin agus de léirithe imní a fuarthas ó dhaoine den phobal,
- 20 tarchur a fuarthas ó ghníomhaireachtaí reachtúla eile, agus
- 52 ní a imscrúdaíodh de bhun anailís inmheánach.

Fíor 5
Gearáin a fuarthas 2025



● 2%	Saincheisteanna iníúcháireachta	● 1%	Saincheisteanna maidir le scairshealbhóirí
● 6%	Saincheisteanna a bhaineann le CGB/CGU	○ 1%	Saincheisteanna maidir leis an ainm gnó
● 1%	Clár comhaltaí	● 9%	Líomhaintí trádála calaoisí/meargánta
● 3%	Rochtain ar chuntais/ar mhiontuairiscí	● 1%	Mí-úsáid líomhnaithe an téarma 'Teoranta'
● 8%	Doiciméid fhalsaithe líomhnaithe	● 5%	Saincheisteanna maidir le leachtú/glacadóireacht
● 8%	Comhduithe falsaithe líomhnaithe leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí	● 3%	Trádáil dhócmhainneach líomhnaithe/athcuideachta
● 18%	Saincheisteanna maidir le seoladh na hoifige cláraithe	● 5%	Athrú i ndeireadh na bliana airgeadais
● 5%	Díospóidí fiachais	● 7%	Ilghnéitheach
● 17%	Dualgais/freagrachtaí stiúrtóirí		

Tarchuir ó ghníomhaireachtaí reachtúla eile

Ar an mbealach céanna a dtarchuireann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach nithe lena mbaineann ábharthacht chuig gníomhaireachtaí eile Stáit de réir mar is cuí, faigheann an tÚdarás tarchuir ó chomhlachtaí eile Stáit, i.e., i gcás go bhfuil léirithe ann ar shárúithe ar dhlí na gcuideachtaí. Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, fuarthas 20 tarchur den sórt sin.

Ar na gníomhaireachtaí tarchuir bhí an Garda Síochána, Banc Ceannais na hÉireann, an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, na Coimisinéirí Ioncaim, an tÚdarás Pinsean, agus Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

Nithe a imscrúdaíodh de bhun anailís inmheánach


De bhreis ar imscrúdú a dhéanamh ar líomhaintí éagóiritheoireachta a fhaightear ó dhaoine den phobal, trí thuarascálacha reachtúla a fháil, agus ó chomhlachtaí rialála eile, etc., déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a anailís agus a athbhreithnithe téamacha féin freisin ar bhonn leanúnach. Déantar é sin ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as inniúlachtaí anailísíochta digítí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Shainnadh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, 32 uair le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, pearsana aonair a srianadh, a dícháilíodh nó a dearbhaíodh a bheith ina bhféimheach agus ar theip orthu na bearta riachtanacha a dhéanamh chun iad féin a chur as oifig mar stiúirthóirí cuideachta nó, i gcás sriain, an bonn caipitil riachtanach a chur i bhfeidhm i gcás gur mhian leo a bheith ina stiúirthóirí cuideachta fós.

Ina theannta sin, sainnadh in athbhreithnithe téamacha 52 ní eile a raibh tuilleadh imscrúdaithe ag teastáil ina leith chun a shuí ar tharla éagóiritheoireacht fhéideartha. Áiríodh leo sin saincheisteanna maidir le seoltaí cláraithe, mainneachtain tuairisceáin a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, agus mainneachtain freagrachtaí stiúirthóirí a chomhlíonadh.

Nochtaí cosanta

Is faighteoir forordaithe é an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haghaidh nochtaí cosanta a bhaineann le sárúithe amhrasta ar Acht 2014. Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach 26 thuairisc inar líomhnaíodh sárúithe ar dhlí na gcuideachtaí trí nochtadh cosanta. Ar aon nochtadh a fháil, measúnaítear é chun a shuí an dtagann sé faoi raon feidhme na reachtaíochta um nochtadh cosanta nó nach dtagann. I gcás go suitear nach dtagann an ní faoi raon feidhme na reachtaíochta sin, déileáiltear leis mar ghearán ar an ngnáthbhealach. Tá tuarascáil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le nochtaí cosanta a fuarthas leagtha amach in Agusín 2.

Fíor 6**Gníomhaíocht de bhun nochtaí cosanta**

Fíor 7**Cionta líomhnaithe a tuairiscíodh trí nochtáí cosanta**

● 11%	Trádáil chalaioiseach
● 39%	Dualgais/freagrachtaí stiúrthóirí
● 19%	Cionta a bhaineann le leachtú
● 8%	Díospóidí scairshealbhóirí
● 8%	Comhdú déanach leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí
● 4%	Ainm gnó
● 11%	Ilghnéitheach

Tuarascálacha reachtúla

Tagann oibleagáidí reachtúla áirithe tuairiscithe chun cinn do ghairmithe cuntasáíochta agus dlí i gcás, le linn chomhlíonadh a bhfeidhmeanna, go dtagann fianaise ar a n-aird ar dá barr a thagann siad ar thuairim gur féidir go ndearnadh sárú tromchúiseach ar dhlí na gcuideachtaí. Tá feidhm ag na hoibleagáidí tuairiscithe sin maidir le hiniúcháirí, le leachtaitheoirí, le scrúdaitheoirí, le glacadóirí, le comhairleoirí próisis, agus le comhlachtaí gairmiúla áirithe (e.g., comhlachtaí cuntasáíochta).


Tuarascálacha ciona indíotáilte ó iniúcháirí

Más rud é, le linn an iniúchta reachtúil ar chuideachta, go dtagann iniúcháir reachtúil ar an tuairim gur féidir go ndearnadh cion indíotáilte faoi dhlí na gcuideachtaí, ceanglaítear ar an iniúcháir an fíoras sin a thuairisciú don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus mionsonraí a thabhairt don Údarás faoi na forais ar ar thángthas ar an tuairim. Ní cheanglaítear ar iniúcháirí reachtúla cuardach le haghaidh cionta. Ina ionad sin, ba cheart dóibh, i gcúrsa an iniúchta, bheith ar a n-airdeall agus freagairt d'fhaisnéis a thagann isteach ina seilbh. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach 147 dtuarascáil ciona indíotáilte ó iniúcháirí cuideachtaí.

Bítear ag súil leis go soláthróidh iniúcháirí reachtúla faisnéis leorga mar thaca lena dtuairimí chun cur ar chumas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach meastóireacht chuí a dhéanamh ar na himthosca ba chúis le tuarascáil a bheith á cur isteach. I gcás go soláthraítear faisnéis neamhleor nó i gcás go dteastaíonn tuilleadh faisnéise ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, is gnách go n-iarrann sé an céanna ón iniúcháir trí éileamh reachtúil. Sa bhliain 2025, eisíodh sé éileamh reachtúla den sórt sin.

Fíor 8

Substant na dtuarascálacha iniúchóirí reachtúla




Tuarascálacha iniúchóirí reachtúla a bhaineann le sárúithe amhrasta ar fhorálacha iasachtaí stiúirthóirí¹¹

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, chinntigh an tÚdarás um Fhorheidhmiú Corparáideach go ndearnadh iasachtaí stiúirthóirí dar luach €6,210,842 a sháraigh na forálacha reachtúla iomchuí a cheartú (2024: €1,405,934).

Fíor 9

Próifíl na n-iniúchóirí (gan iasachtaí stiúirthóirí a áireamh)




¹¹ Le halt 239 d'Achtanna na gCuideachtaí, toirmeasctar iasachtaí a thabhairt do stiúirthóirí cuideachta ach amháin sna himthosca seo a leanas:

- tá luach na comhshocraíochta níos lú ná 10% de shócmhainní iomchuí na cuideachta,
- tá an chomhshocraíocht le grúpchuideachta (i.e., cuideachta shealbháíochta, fochuideachta, nó comhchuideachta),
- is aisiocáíocht ar chostais an stiúirthóra í an chomhshocraíocht (i.e., costais arna dtabhú go cuí le linn dóibh a ndualgais mar oifigigh de chuid na cuideachta a chomhlíonadh),
- is í an chomhshocraíocht ná go ndéanann an cuideachta an t-idirbheart i ngnáthchúrsa gnó agus nach bhfuil luach an idirbheart níos mó ná an luach a thairgfeadh an cuideachta do ghnáthdhuine a bhfuil an iasacht chéanna á tógáil amach aige nó aici, nó
- leantar an Nós Imeachta iomchuí maidir le Ceadú Achomair (**SAP**) maidir le cead a thabhairt do cuideachta iasacht nó quasi-iasacht nó idirbheart creidmheasa a dhéanamh, ráthaíocht a dhéanamh nó urrús a sholáthar i ndáil le hiasacht, le quasi-iasacht nó le hidirbheart creidmheasa do stiúirthóir nó do dhaoine atá bainteach leis an stiúirthóir.


Fíor 10

Anailís de réir earnála, 2025 (gan iasachtaí stiúrthóirí a áireamh)



Fíor 11

Anailís ar thuarascálacha ciona indíotáilte (gan iasachtaí stiúrthóirí a áireamh), 2025



Toisc rannpháirteach shuntasach amháin i gcomhthéacs an tuairiscithe iniúchóirí is ea athrú iniúcháir. Rud sonrach, tarlaíonn sé in amanna, i gcás gur tháinig iniúchóir nua in ionad iniúchóir reachtúil, tar éis don iniúchóir nua léiriú ar dhéileáil chuntasaíochta a ghlacadh atá difriúil leis an léiriú sin a ghlac a réamhtheachtaí, go dtagann an t-iniúchóir nua ar an tuairim gur gá tuarascáil a chur isteach.

Na hoibleagáidí breise atá ar leachtaitheoirí tuairisciú

De bhreis ar na hoibleagáidí atá orthu faoi alt 682 d'Acht 2014 tuairisciú, mar atá mionsonraithe thuas, ceanglaítear ar leachtaitheoirí, de réir alt 723(5) d'Acht 2014, tuairisc a thabhairt don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus an ní a tharchur chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach freisin in imthosca ina ndealraíonn sé gur féidir go raibh aon iaroirfeach nó oifigeach reatha de chuid na cuideachta lena mbaineann ciontach in aon chion indíotáilte maidir leis an gcuideachta. Tá feidhm ag an oibleagáid sin tuairisciú maidir le gach leachtú, idir leachtuithe sócmhainneacha agus leachtuithe dócmhainneacha araon (i.e., idir leachtuithe toilteanacha ag comhaltaí agus ag creidiúnaithe agus leachtuithe ag an gcúirt). Fuarthas dhá thuarascáil den sórt sin sa bhliain 2025.

Tuarascálacha comhairleoirí próisis

Tugadh an Próiseas Tarrthála Riaracháin le haghaidh Cuideachtaí Beaga (**SCARP**) isteach sa bhliain 2021 mar phróiseas malartach tarrthála le haghaidh cuideachtaí beaga agus micreachuideachtaí a bhfuil dócmhainneacht rompu. Cé go bhfuil na príomh-chomhpháirteanna de SCARP bunaithe ar an gcóras scrúdaitheoireachta, tá sé ceaptha chun bheith ina phróiseas atá níos éifeachtúla ó thaobh ama de agus nach bhfuil chomh costasach leis an scrúdaitheoireacht. Is iad comhairleoirí próisis a riarann próisis SCARP.

I gcás gur féidir, ceanglaítear ar an gcomhairleoir próisis plean tarrthála a fhorbairt don chuideachta agus cóip den phlean sin a thabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun críocha faisnéise. Leis an bplean tarrthála, is gnách go ndéantar soláthar do dhlíteanais a dhíluacháil agus do chonarthaí dochraideacha atá ann cheana, amhail léasanna, a fhoirceannadh, a luaithe a fhaightear toiliú ó shealbhóir an chonartha nó ceadú ón gCúirt. Is féidir leis freisin a bheith mar chúis le hathruithe i mbainistíocht agus i gcistiú breise a fhoinsiú. I gcás go dtugtar éagóiritheoireacht fhéideartha nó saincheisteananna eile atá ina n-ábhar imní le fios i dtuarascáil ó chomhairleoir próisis, is féidir leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach í a imscrúdú de réir mar a mheastar é a bheith riachtanach nó cúf.

Sa bhliain 2025, bhain 23 chuideachta leas as próiseas SCARP. Díobh sin, cuireadh plean tarrthála chun feidhme mar thoradh ar 19 gcinn san iomlán. Léirítear sa tábla thíos na hearnálacha ina bhfuil na 23 chuideachta a bhain leas as SCARP.


Fíor 12*Anailís de réir earnála 2025*

● 9%	Tógáil/Innealtóireacht
● 9%	TF/na Meáin
● 17%	Talmhaíocht/Bia
● 4%	Miondíol
● 9%	Monaraíocht/Clódóireacht
● 43%	Fáilteachas
● 9%	Eile



Fíor 13

Gan aon phlean tarrthála a bheith ann, 2025




I gcás amháin, chomhdaigh creidiúnaí fógra agóide leis an Ard-Chúirt tar éis an plean tarrthála a cheadú de réir alt 558Y d’Acht 2014. Seasadh leis an agóid ar deireadh, ar ina dhiaidh a d’éirigh an comhairleoir próisis as. Chuaigh an cuideachta faoi leachtú ag an gCúirt ina dhiaidh sin.

*I gcás gur ceapadh scrúdaitheoir, d’éirigh leis an gcuideachta imeacht as an scrúdaitheoireacht ina dhiaidh sin agus leanann sí de bheith ag oibriú.

Mar is féidir a fheiceáil san fhíor thíos, ní raibh athrú ar lucht bainistíochta cuideachtaí ann mar thoradh ar phleananna tarrthála ach amháin i líon an-bheag cásanna.

Fíor 14


Éilíodh leis an bplean tarrthála athruithe ar an lucht bainistíochta



Ba é 362 fhostaí an líon fostaithe i gcuideachtaí ar ceapadh plean tarrthála iontu. I gcomparáid leis sin, ba é 40 fhostaí an figiúr sna cuideachtaí sin nár ceapadh plean tarrthála iontu.

Fíor 15


An líon fostaithe



I gcás gur cuireadh pleananna tarrthála i bhfeidhm, foinsíodh an cistiú riachtanach den chuid is mó ó infheistíocht chothromais bhreise agus ó mhaoiniú iasachta. Foinsíodh thart ar 6% trí choigiltí costas.

Fíor 16

Foinse cistiúcháin



Achoimre ar Phróiseas SCARP



Ráiteas maidir le cúrsaí

Ullmhaíonn stiúrthóirí Ráiteas maidir le Cúrsaí mar aon le Dearbhú Reachtúil i ndáil le cúrsaí na cuideachta.

Gan aon seans réasúnach go mairfidh an chuideachta



Tuarascáil comhairleora próisis

Cinneann an comhairleoir próisis go bhfuil seans réasúnach ann go mairfidh an chuideachta agus cuireann sé nó sí tuarascáil isteach ina ndeimhnítear go bhfuil an chuideachta inmharthana.



LÁ 1

Rún stiúrthóirí

Ritheann stiúrthóirí rún chun tús a chur leis an bpróiseas a bheidh faoi fhorhaisceacht ag an gcomhairleoir próisis. Tá fógra le comhdú leis an gCúirt.

Diúltaíonn an creidiúnaí/na creidiúnaithe an tplean tarrthála/cuireann an comhairleoir próisis in iúl nach bhfuil tplean tarrthála indéanta.



LÁ 2-42

Ullmhú tpleananna tarrthála

Oibríonn an comhairleoir próisis leis an gcuideachta chun tplean tarrthála a ullmhú agus é a scaipeadh ar chreidiúnaithe roimh lá 42. Ní mór fógra a sheirbheáil ar chreidiúnaithe ineisiata á rá go bhfuil sé de rún ag an bpróiseas a bhfiach a chomhréiteach.



LÁ 49

Vótáil ar an bplean tarrthála

Vótálann na creidiúnaithe ar an bplean tarrthála. Teastaíonn aicme creidiúnaithe amháin is mó ná 60%.

Diúltaíonn an Chúirt an tplean tarrthála bunaithe ar agóid a tharraing an

creidiúnaí/na creidiúnaithe anuas.



LÁ 70

Conclúid

Mura gcomhdaítear agóid sa chúirt laistigh den tréimhse mharana 21 lá, beidh an tplean tarrthála ina cheangal.

Is é comhairleoir próisis a réachtálann próisis SCARP. Tá oibleagáid air nó uirthi tplean tarrthála a fhorbairt don chuideachta. Ní mór don chomhairleoir próisis an tuarascáil uaidh nó uaidhi, i.e., tar éis tplean tarrthála a fhorbairt, a chur isteach chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Murab ionann agus tuarascálacha ciona indíotáilte ó iniúchóirí, ina sainiúntear cionta indíotáilte de réir a gcineáil, cuirtear tuarascálacha comhairleoirí próisis isteach chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haghaidh faisnéise, i.e., faisnéis faoin bpróiseas tarrthála agus faoin bplean tarrthála. Is léir, áfach, gurb amhlaidh, i gcás go dtugtar éagóiritheoireacht fhéideartha nó saincheisteanna eile le fios i dtuarascáil, a fhéadfadh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach í a imscrúdú de réir mar a mheastar é a bheith riachtanach nó cúí.

Próiseas Leachtaithe/Dócmhainneachta

Tuarascálacha scrúdaitheoirí


Tar éis don Chúirt é nó í a cheapadh, tá 70 lá ag scrúdaitheoir (ar tréimhse í a fhéadfar a fhadú go 100 lá ar iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt) chun tograí a cheapadh le haghaidh Scéim Chomhshocraíochta. Ceanglaítear ar scrúdaitheoirí cóipeanna de na tuarascálacha a chuireann siad isteach chuig an gcúirt a chomhdú leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haghaidh faisnéise. Sa bhliain 2025, rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach 19 dtuarascáil scrúdaitheoirí san iomlán a fháil agus a bhreithniú.

Gníomhaíocht forfheidhmiúcháin*Cur chuige céimnithe i leith forfheidhmiúcháin*

Tá raon roghanna forfheidhmiúcháin ar fáil don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Áirítear leo sin:

- comhlíonadh a áirithiú trí bhearta riaracháin,
- bearta forfheidhmiúcháin shibhialta, lena n-áirítear cumhachtaí reachtúla a fheidhmiú, gealltanais a thairiscint, gníomhaíocht forfheidhmiúcháin shibhialta a dhéanamh, agus
- bearta forfheidhmiúcháin choiriúil, lena n-áirítear ionchúisimh achoimre a thionscnamh sa Chúirt Dúiche nó comhaid a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí lena mbreithniú aige maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh choiriúla a ordú ar dtótail.

Is féidir an cur chuige sin a achoimriú mar an ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin is tromchúisí, i.e., ionchúiseamh coiriúil, a choimeádtar de ghnáth do na nithe sin ar cosúil gurb iad na léirithe is tromchúisí ar sháruithe ar Acht 2014 iad. Leis an gcur chuige sin, aithnítear gurb é ionchúiseamh coiriúil an fhreagairt is tromchúisí, a d'fhéadfadh a bheith díréireach i gcomhthéacs na roghanna eile atá ar fáil agus i gcomhthéacs an phríomhchuspóra arb éard é feabhas a chur ar an timpeallacht comhlíonta.



Tá sé mar aidhm ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagairt do gach gearán, do gach tuarascáil reachtúil agus do gach léiriú ar éagóiritheoireacht fhéideartha ar bhealach cothrom, cost-éifeachtúil, agus éifeachtach. Cumasaítear leis an gcur chuige sin don eagraíocht a cuid acmhainní a dhíriú ar léirithe níos tromchúisí ar éagóiritheoireacht. Léirítear sna cás-staidéir atá leagtha amach thíos conas a oibríonn an cur chuige sin sa chleachtas.

Gníomhaíocht imscrúdúcháin

Mar atá luaite thuas, imscrúdaíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach léirithe ar sháruithe sibhialta agus ar sháruithe coiriúla aron ar Acht 2014. Ag brath ar chineál na nithe atá á n-imscrúdú, is gnách go mbíonn bailiú fianaise ar na bealaí seo a leanas i gceist le gníomhaíocht imscrúdúcháin:

- orduithe chun fianaise a thabhairt ar aird a eisiúint gan aon ghá le húdarú cúirte a lorg,
- iarratas a dhéanamh ar orduithe chun fianaise a thabhairt ar aird atá údaraithe ag an gcúirt,
- ráitis ó fhinnéithe a thógáil,
- agallaimh dheonacha faoi fholáireamh, agus
- i gcás gur gá, iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ar bharántais chuardaigh agus fianaise a fháil faoi bharántas.

I gcásanna coiriúla, forlíontar na cumhachtaí sin le cumhachtaí gabhála agus coinneála a thugtar do chomhaltaí an Gharda Síochána.

Sa bhliain 2025, rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- 41 ordú chun fianaise a thabhairt ar aird a bhí údaraithe ag an gcúirt a fháil agus a fhorghníomhú,
- 36 ráiteas ó fhinnéithe a thógáil, mar aon le 179 n-imeacht teagmhála breise le finnéithe,
- trí agallamh dheonacha faoi fholáireamh a sheoladh,
- seacht mbarántas lenar údaraíodh cuardaigh a fháil, agus
- dhá ghabháil a dhéanamh.

Le linn na bliana, d'urghabh oifigigh de chuid an Údarais ríomhairí glúine, gléasanna stórála digítí, agus gléasanna móibileacha. Chruthaigh comhaltaí den Stiúrthóireacht um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht íomhánna fóiréinseacha de na sonraí a fuarthas.

Cumhdaíodh leis an ngníomhaíocht imscrúdúcháin choiriúil a ghabh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach de lámh le linn na bliana 2025 leithead iomlán dhlí na gcuideachtaí, lenar áiríodh saincheisteanna a bhain leis na nithe líomhnaithe seo a leanas:

- faisnéis bhréagach a thabhairt do Chláraritheoir na gCuideachtaí,
- pearsanú iniúchóirí ag daoine nach raibh cáilithe/údaraithe amhlaidh,
- leabhair agus taifid cuideachtaí a bheith neamhleor,
- duine do ghníomhú mar stiúrthóir le linn dó nó di a bheith ina fhéimheach neamhurscaoilte nó ina féimheach neamhurscaoilte,
- duine do ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta le linn dó nó di a bheith srianta agus de shárú ar cheanglais chaipitil iomchuí,
- duine do ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta le linn dó nó di a bheith dícháilithe, agus
- trádáil chalaíseach.

Ina lán cásanna, bíonn imscrúduithe coiriúla, de réir a gcineáil, fada agus casta agus ar mhórán doiciméad. Ina theannta sin, is féidir le forluí teacht chun cinn idir cionta dlí cuideachtaí agus nithe eile ceartais choiriúil, amhail cionta faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001. Coinníonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach dlúth-theagmháil leanúnach ar bun le GNECB agus leis an nGarda Síochána i gcoitinne. I gcás go mbeadh sé níos cuí go gcuirfeadh an Garda Síochána ciontú choiriúil líomhnaithe ar aghaidh, mar shampla i gcás gur cion nach cion dlí cuideachtaí é an príomhchion agus gur ciontú tánaisteach iad sáruithe ar dhlí na gcuideachtaí, is gnách go dtarchuirtear an ní chuig GNECB nó chuig an Rannán cuí de chuid an Gharda Síochána,

agus saintacaíocht maidir le nithe dlí cuideachtaí á tairiscint ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach de réir mar is gá. Os a choinne sin, moltar don Gharda Síochána cionta amhrasta dlí cuideachtaí a tharchur chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Leis an gcur chuige sin, is féidir leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach leanúint de bheith dírithe ar a shainordú reachtúil maidir le himscrúdú a dhéanamh ar sháruithe líomhnaithe ar dhlí na gcuideachtaí.

Le linn na bliana 2025, d'oibrigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i ndlúthchomhar le GNECB agus le Rannáin eile de chuid an Gharda Síochána chun imscrúduithe leasa fhrithpháirtigh a chur ar aghaidh. Leis an gcur chuige comhoibríoch a ghlactar, cabhraítear le húsáid éifeachtach éifeachtúil a bhaint as comhainní poiblí agus íoslaghdaítear dúbailt saothair.

Le linn na bliana faoi athbhreithniú, lean an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach de chaidrimh a chothú le comhlachtaí forfheidhmiúcháin agus rialála eile freisin. Tá baill foirne an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina rannpháirtithe gníomhacha san Fhóram Náisiúnta um Imscrúdú Coiriúil (**NCIF**), a thagann le chéile go rialta chun cabhrú le heolas agus taithí ar réimse an imscrúdúcháin a chomhroinnt. Chomh maith leis sin, leanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach de chaidrimh a chothú le comhlachtaí forfheidhmiúcháin agus rialála eile agus de pháirt a ghlacadh i dtionscnaimh comhroinnte faisnéise i gcás gur cuí.

Torthaí forfheidhmiúcháin

Is féidir go n-áireofar le torthaí forfheidhmiúcháin:

- forfheidhmiú sibhialta, amhail Orduithe Ard-Chúirte chun comhlíonadh a dhéanamh, agus dícháiliú. Tá tuilleadh mionsonraí faoi thorthaí den sórt sin tugtha sna cás-staidéir atá leagtha amach níos déanaí sa chaibidil seo, agus
- torthaí coiriúla, amhail nithe a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena mbreithniú aige maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh choiriúla a ordú ar dótáil.

I gcás go n-ordaítear cúisimh, cabhraíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an Leabhar Fianaise atá le seirbheáil ar an duine cúisithe/na daoine cúisithe a ullmhú. In éagmais pléadáil chiontach, cabhraíonn oifigigh ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí freisin maidir le hoibleagáidí nochta a chomhlíonadh agus tugann siad fianaise ag an triail de réir mar is gá.

Áiríodh iad seo a leanas leis an ngníomhaíocht forfheidhmiúcháin choiriúil le linn na bliana faoi athbheithniú:

Dáta	Tuairisc
Márta 2025	Cuireadh comhad imscrúdúcháin faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i ndáil le fear agus bean a gabhadh agus a coinníodh lena gceistiú mar gheall ar amhras go ndearna siad cionta dlí cuideachtaí, cionta gadaíochta agus calaoise, agus cionta sciúrtha airgid. Táthar ag feitheamh le hordacháin.
Aibreán 2025	Ós rud é gur ciontaíodh é i ngníomhú mar stiúrthóir cuideachta le linn dó a bheith dícháilithe ó dhéanamh amhlaidh, gearradh pianbheith príosúnachta naoi mí, a bhí ar fionraí go hiomlán, ar an Uas. Thomas Colton. Dícháilíodh é go ceann 10 mbliana eile.
Meitheamh 2025	Tháinig bean agus beirt fhear os comhair na gCúirteanna Breithiúnais Coiriúla (CCJ) le haghaidh díotchúiseamh i ndáil le cionta líomhnaithe dlí cuideachtaí, agus cionta líomhnaithe gadaíochta agus calaoise i dtaca le roinnt cuideachtaí.
Iúil 2025	Tar éis dó pléadáil chiontach a dhéanamh, gearradh téarma príosúnachta 12 mhí, a bhí ar fionraí ar feadh 12 mhí, ar an Uas. Patrick O'Connor. Ina theannta sin, cuireadh dícháiliú uathoibríoch 5 bliana ar an Uas. O'Connor.
Iúil 2025	Cuireadh comhad imscrúdúcháin faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i ndáil le fear agus bean a raibh amhras orthu go ndearna siad cionta dlí cuideachtaí. Fuarthas ordacháin chun cúiseamh a dhéanamh ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i mí na Samhna 2025. Gabhadh an bheirt acu, cúisíodh iad, agus scaoileadh saor iad ar bhannaí stáisiúin i mí na Nollag 2025.
Deireadh Fómhair 2025	Tháinig beirt fhear os comhair na Cúirte Breithiúnais Coiriúla chun Leabhar Fianaise a sheirbheáil orthu. Ina dhiaidh sin, rinne duine amháin acu pléadáil chiontach in dhá scór de mheabhlairacht os comhair Chúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath. An 18 Feabhra 2026, gearradh téarma príosúnachta 18 mí air, a bhí ar fionraí go hiomlán ar choinníollacha dochta, lenar áiríodh go mbeadh sé dea-íomprach ar feadh 3 bliana. Cuireadh an dara fear ar aghaidh le haghaidh triail a bheidh ar siúl an 26 Aibreán 2027.
Samhain 2025	Rinneadh cuardach ar roinnt réadmhaoine sa Mhí agus i gCill Dara i gcomhoibríocht a seoladh le GNECB. Rinneadh cuardach ar réadmhaoine chónaithe eile i gCill Dara i mí na Nollag 2025.
Nollaig 2025	Tugadh cúnamh do GNECB chun sraith cuardach comhordaithe a fhorghníomhú.

3. Cuntasacht na pearsan aonair a chinntiú

Cé gur daoine dlítheanacha astu féin iad cuideachtaí, ní bhíonn cuideachtaí in ann gníomhú ach amháin trína stiúthóirí. Tá sé de dhualgas ar stiúthóirí cuideachta, dá bhrí sin, a chinntiú go gcomhlíonann na heintitis a bhainistíonn agus a ordaíonn siad dlí na gcuideachtaí. Ceanglaítear ar stiúthóirí cuideachta freisin a chinntiú go gcomhlíonann siad féin a ndualgais reachtúla éagsúla agus a n-oibleagáidí reachtúla éagsúla.

Tá an chumhacht ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh in aghaidh cuideachtaí i gcás gur cuí. Mar sin féin, bíonn ár ngníomhaíocht forfheidhmiúcháin dírithe ar phearsana aonair den chuid is mó. Tá sé tábhachtach pearsana aonair a thabhairt chun cuntais i gcomhthéacs an chuspóra atá ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le seasamh le sláine dhlí na gcuideachtaí a bhaint amach.

Cineál an ghnímh forfheidhmiúcháin i leith pearsana aonair

Is féidir an ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach in aghaidh pearsana aonair a aicmiú mar ghníomhaíocht a thagann astu seo a leanas:

- a mhairseacht ar an bpróiseas dócmhainneachta corparáidí agus gníomhartha gaolmhara forfheidhmiúcháin, agus
- a ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a eascraíonn as bealaí eile.


Maoirseacht ar an bpróiseas dócmhainneachta corparáidí agus gníomhartha gaolmhara forfheidhmiúcháin

Dírítear go príomha i ról formhairseachta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa phróiseas dócmhainneachta ar na stiúthóirí sin nach gcomhlíonann a n-iompar an caighdeán reachtúil a shainaithint. Cinntítear lena chuid oibre go gcuirtear bearta cuntasachta cuí i bhfeidhm i gcás gur mhainnigh stiúthóirí gníomhú de réir a n-oibleagáidí.

Tá achoimre ar an ngné sin de ghníomhaíocht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach le fáil sna cairteacha thíos.

Fíor 15


Srianadh stiúthóirí 2020-2025




Tháinig laghdú suntasach ar an líon stiúrthóirí a srianadh le linn thréimhse phaindéim COVID-19 (2020-2022). Bhí laghdú thart ar 50% ann sna blianta 2021 agus 2022 i gcomparáid leis an mbliain 2019, arbh í an bhliain deiridh de ghnáthghníomhaíocht dócmhainneachta roimh phaindéim COVID-19 í. De réir mar a thosaigh dócmhainneachtaí ag méadú sa bhliain 2023 mar gheall ar fhoirceannadh thacaíocht an Stáit do ghnólachtaí agus ar an tionchar a bhí ag dúshláin mhaicreacnamaíocha, tháinig méadú ar an líon srianta freisin.

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, fuarthas 98¹² srian san iomlán de bharr an athbhreithnithe ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar thuarascálacha leachtaitheoirí, agus gealltanais dheonacha agus orduithe cúirte araon ina gcúis leis sin. Cé go raibh laghdú beag bídeach ann ar an líon stiúrthóirí a srianadh trí ghealltanais, bhí méadú beag bídeach ann ar an líon stiúrthóirí ar shrian an Ard-Chúirt iad. Ar an iomlán, is ionann an líon iomlán srianta sa bhliain 2025 agus an líon iomlán srianta sa bhliain 2024.

Fíor 16
Srianadh stiúrthóirí, 2025



Fíor 17
Dícháiliú stiúrthóirí 2020-2025




¹² Srianadh stiúrthóirí amháin i ndáil le dhá chuideachta ar leith. Dá bhrí sin, srianadh 97 bpersa aonair i ndáil lena stiúrthóireacht ar 98 gcuideachta le linn na tréimhse faoi athbhreithniú.

Comhlíonann iompar as a n-eascaíonn dícháiliú tairseach imní atá níos airde ná an tairseach as a n-eascaíonn srian agus, mar thoradh air sin, is annamh a tharlaíonn sé nuair a fhéachtar air i gcomparáid leis an líon foriomlán leachtuithe dócmhainneacha. Sa bhliain 2025, d’fhan an líon stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha a dícháilíodh gan athrú, tríd is tríd, tar éis an mhéadaithe shuntasáigh a taifeadadh sa bhliain 2024.

Sa bhliain 2025, dícháilíodh 18 stiúrthóir de bhun athbhreithniú ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar thuarascálacha leachtaitheoirí.

Fíor 18

Dícháilithe de bhun tuarascálacha leachtaitheoirí, 2025




Dícháilithe a eascraíonn as cásanna ina mbaintear cuideachtaí dócmhainneacha den chlár de dheasca neamhghníomh stiúrthóirí

I gcás nach ndéanann stiúrthóirí ar chuideachtaí dócmhainneacha bearta chun leachtaitheoir a cheapadh, go mainníonn siad na tuairisceáin bhliantúla riachtanacha a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, agus go dtréigean siad an chuideachta go bunúsach, féadfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chinneadh na stiúrthóirí sin a dhícháiliú. I gcásanna den sórt sin, fágann an fhíríc go bhfuil leachtú foirmiúil in easnamh nár foirceannadh cúrsaí na cuideachta go hordúil agus nach dtagann na stiúrthóirí faoi raon feidhme imscrúdú leachtaitheora agus nach dtuairiscíonn siad don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Is féidir gur mar thoradh ar ghealltanais a tharlóidh dícháiliú i leith cuideachtaí a baineadh den Chlár, nó is féidir go dtarlóidh dícháiliú i gcás go dtairgtear gealltanais ach nach nglactar leis, trí imeachtaí os comhair na hArd-Chúirt. Tá forbheathnú ar an bpróiseas sin léirithe thíos.

An próiseas Forfheidhmiúcháin i leith stiúrthóirí ar chuideachtaí a baineadh go hainneonach den chlár



Bhí tionchar fós ar obair an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le stiúirtheoirí ar chuideachtaí dócmhainneacha díscailte mar gheall ar an gclár um chuideachtaí a bhaint den chlár atá ar bun ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí a bheith curtha ar fionraí aici. Cé gur atosáigh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí an ghníomhaíocht sin sa ráithe dheiridh den bhliain 2025, níor eascair torthaí forfheidhmiúcháin don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach as sin mar gheall ar an mall-aga ama bunúsach idir cuideachta a bheith bainte den chlár agus an pointe ag ar féidir leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach forfheidhmiú a chur ar aghaidh.

De réir mar a fhillfidh an próiseas um chuideachtaí a bhaint den chlár ar lánfheidhmiú, beidh cuideachtaí a mhainníonn a dtuairisceáin bhliantúla a chomhdú i mbaol a mbainte den Chlár an athuir. Dá bhrí sin, táthar ag súil le sreabhadh athnuaithe cásanna dócmhainneacha díscailte, agus is dóigh go dtiocfaidh na stiúirtheoirí ar an-chuid de na cuideachtaí sin faoi ghrinnschrúdú méadaithe ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa bhliain 2026.

Cás-Staidéir

Léirítear leis na Cás-Staidéir seo a leanas freisin an díriú a bhíonn ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar chuntasacht na pearsan aonair.

Cás-Staidéir

The image features a dark blue background. A thin gold arc curves across the upper portion, with a solid gold circle positioned on it. The lower half of the image is composed of several overlapping triangles in various shades of blue and gold, creating a geometric pattern. A white diagonal line is visible in the bottom right corner.

CÁS-STADÉIR

Comhlíonadh a áirithiú trí bhearta riaracháin

CÁS-STADÉAR 1

Suíomh Gréasáin na cuideachta gan a bheith ag comhlíonadh an Achta

Ceanclaítear le halt 151 d'Acht 2014 ar gach cuideachta sonraí áirithe a thaispeáint ar a suíomhanna Gréasáin, lena n-áirítear ainm agus foirm dhlíthiúil na cuideachta, áit chlárúcháin na cuideachta agus an uimhir faoina bhfuil sí cláraithe, agus seoladh a hoifige cláraithe. Ní mór na sonraí a thaispeáint in áit atá feiceálach agus ar féidir teacht go héasca uirthi ar an suíomh Gréasáin chun tairbhe do dhaoine den phobal ar mian leo smaoiniamh ar ghnó a dhéanamh leis an gcuideachta.

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gearán ó dhuine den phobal a thug easnamh fhollasacha ar shuíomh Gréasáin cuideachta faoi deara. Scrúdaigh cásoifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an ní agus rinne sé teagmháil leis an gcuideachta, a shocraigh go gcuirfí an fhaisnéis riachtanach ar fad leis an suíomh Gréasáin, rud a d'fhág go raibh an chuideachta i gcomhréir le hAcht 2014.

CÁS-STADÉAR 2

Seoladh cláraithe mícheart

Ceanclaítear le halt 50 d'Acht 2014 ar gach cuideachta Éireannach seoladh cláraithe a bheith acu sa Stát a bhféadfar gach uile chumarsáid oifigiúil agus fógra oifigiúil faoi Acht 2014 a sheoladh chuige. Ceanclaítear sonraí seolta chláraithe do gach cuideachta a chur ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí.

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gearán á rá go raibh Éirchód mícheart á úsáid ag cuideachta ina seoladh. Bhain an tÉirchód le réadmhaoin atá cláraithe leis an ngearánach. Tar éis caidreamh a dhéanamh le cásoifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, shocraigh an chuideachta go gcuirfí Foirm B2 (Athrú Oifige Cláraithe) faoi bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí, rud a réiteodh an ní agus a cheartódh an seoladh ar an taifead poiblí.

CÁS-STADÉAR 3

Mainneachtain a shocrú go ndéanfaí ráitis airgeadais a iniúchadh

Le halt 360 d'Acht 2014, ceadáítear do chuideachtaí beaga leas a bhaint as díolúine ó iniúchadh. Sásaítear na coinníollacha cáiliúcháin le haghaidh cuideachta bheag má chomhlíonann sí, i ndáil le bliain airgeadais, dhá cheann nó níos mó de na ceanglais seo a leanas:

- ní mó láimhdeachas na cuideachta ná €15 mhilliún,
- ní mó Clár Comhardaithe na cuideachta ná €7.5m, nó
- ní mó ná 50 duine an meánlíon fostaithe atá ag an gcuideachta.

D'ainneoin an mhéid thuas, ceadáítear le halt 334 d'Acht 2014 do chomhalta nó do chomhaltaí a shealbhaíonn 10% ar a laghad san iomlán de na cearta vótála i gcuideachta fógra a sheirbheáil á rá nach mian leis na comhaltaí sin go mbeadh an díolúine ó iniúchadh ar fáil don chuideachta i mbliain airgeadais a shonrófar san fhógra. Le halt 1218, cuirtear alt 334 i bhfeidhm ar bhonn modhnaithe maidir le cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, rud a fhágann gur féidir le haon chomhalta de chuideachta bainistíochta fógra a sheirbheáil ar an gcuideachta á rá nach mian leis an gcomhalta go mbeadh an díolúine ó iniúchadh ar fáil don chuideachta i mbliain airgeadais a shonrófar san fhógra. I gcás go

seirbheálfar Fógra alt 334 nó Fógra alt 1218, is amhlaidh ansin, faoi alt 361, nach mbeidh díolúine ó iniúchadh ar fáil.

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gearán ó chomhalta de chuideachta bainistíochta inar cuireadh in iúl gur mhainnigh an chuideachta socrú a dhéanamh go ndéanfaí a ráitis airgeadais a iniúchadh, cé gur sheirbheáil sí fógraí bailí ar an gcuideachta faoi alt 334 d'Acht 2014 thar roinnt blianta. Tar éis caidreamh a dhéanamh leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, shocraigh an chuideachta go ndéanfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh do gach bliain ar seirbheáil fógra bailí ina leith. Ina dhiaidh sin, shocraigh an chuideachta go gcomhdófaí na ráitis airgeadais iniúchta leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Cosnaíodh cearta chomhaltaí na cuideachta leis an ngníomh sin

CÁS- STAIDÉAR 4

Mainneachtain CGB a thionól

Faoi réir eisceachtaí áirithe, ceanglaítear le halt 175 d'Acht 2014 ar chuideachta CGB a thionól gach bliain. Ní mór CGBanna a chur ar siúl tráth nach faide ná 15 mhí óna chéile. Le linn CGB, cuirtear na ráitis airgeadais agus an tuarascáil iniúcháir (i gcás gurb infheidhme) faoi bhráid na gcomhaltaí/na scairshealbhóirí, a dtugtar an deis dóibh ceisteanna a chur agus soiléiriú a lorg. Ina theannta sin, is féidir stiúrthóirí a thoghadh agus is féidir vótáil ar rúin de chuid na cuideachta.

Fuarthas gearán ó dhuine den phobal á líomhain gur mhainnigh cuideachta CGB a thionól agus nár chomhdaigh sí doiciméid reachtúla leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí in am.

Rinne cásoifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach teagmháil leis an gcuideachta agus leag sé béim ar an gceanglas CGBanna a thionól ar bhealach tráthúil. Tar éis idirghabháil an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, tionóladh an CGB, agus cearta chomhaltaí na cuideachta á seasamh dá réir. Comhdaíodh an doiciméadacht iomchuí ar fad leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ina dhiaidh sin.

CÁS- STAIDÉAR 5

Sárú ar na forálacha maidir le hiasacht a thabhairt do stiúrthóir

Faoi Chaibidil 4 de Chuid 5 d'Acht 2014, tá toirmeasc ar stiúrthóir cuideachta, faoi réir eisceachtaí áirithe, ó iasacht a fháil ó chuideachta a bhfuil sé nó sí ina stiúrthóir uirthi i gcás gur mó an iasacht sin ná 10% de ghlansócmhainní iomchuí na cuideachta. Is féidir le cuideachtaí an Nós Imeachta maidir le Ceadú Achomair (**SAP**) a úsáid mar shásra chun cead dleathach a thabhairt iasachtaí stiúrthóirí is mó ná an srian 10% a thabhairt. Ní mór don chuideachta, áfach, rún speisialta a rith, agus ní mór cóip de a chomhdú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí laistigh de 21 lá tar éis thús na gníomhaíochta.

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tuarascáil iniúcháir maidir le cion indíotáilte inar tugadh le fios gur mhó go mór iasacht a tugadh do stiúrthóir de chuid na cuideachta ná an lamháil cheadaithe 10%. Luadh sa tuarascáil iniúcháir gur chuir an t-iniúcháir an stiúrthóir agus an chuideachta ar an eolas faoin sárú agus faoin oibleagáid a bhí orthu an sárú amhrasta a thuairisciú don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

D'iarr cásoifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach fíorú neamhspleách gur tugadh an iasacht stiúrthóra faoi na teorainneacha incheadaithe. Tar éis deimhniú a fháil gur tugadh an ní chun rialtacha, eisíodh litir rabhaidh chuig an gcuideachta agus chuig a stiúrthóirí. Cuireadh in iúl don stiúrthóir gur dhóigh go ndéileálfai leis an ní ar bhealach eile dá dtarlódh an rud céanna arís.

CÁS- STAIÉAR 6

Cuideachta nach bhfuil aon stiúrthóir a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) aici

Le halt 137 d'Acht 2014, ceanglaítear ar chuideachta stiúrthóir amháin ar a laghad a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) a bheith aici. Le díolúintí faoin Acht, déantar an ceanglas sin a ligean thar ceal ar choinníoll go bhfuil banna €25,000 i bhfeidhm leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí nó go bhfaigheann an chuideachta deimhniú alt 140 ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí á rá go bhfuil naisc réadacha leanúnacha aici.

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gearán á rá nár chónaigh an stiúrthóir aonair ar chuideachta laistigh den LEE. Rinne oifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach teagmháil leis an gcuideachta ag lorg fianaise dhoiciméadach á léiriú go raibh cónaí ar an stiúrthóir san LEE i ndáiríre. Tar éis don chás oifigeach na doiciméid riachtanacha a fháil, ba dheimhin leis an gcásoifigeach go raibh cónaí cuí ar an stiúrthóir.

Chuir an cásoifigeach an méid sin in iúl don ghearánach dá réir.

CÁS- STAIÉAR 7

Mainneachtain fógra a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí faoi athruithe ar an seoladh cláraithe

Le halt 50(3) d'Acht 2014, ceadaítear tréimhse 14 lá ó dháta an athraithe in oifig chláraithe cuideachta le haghaidh fógra a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí faoin ní. Is cion de chuid eárnáil 4 faoin Acht í mainneachtain é sin a chomhlíonadh.

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gearán ó dhuine ab iarfhóstaí agus ba chreidiúnáí de chuid cuideachta á rá go raibh sé nó sí ag iarraidh doiciméid dlí a sheirbheáil ar chuideachta ach nach raibh sé nó sí in ann déanamh amhlaidh toisc go raibh na doiciméid go léir a seoladh chuig oifig chláraithe na cuideachta á seoladh ar ais gan seachadadh i dteannta nóta á rá nárbh fhéidir an seolaí a aimsiú.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an ní, ba dheimhin leis an gcásoifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gur mhíchruinn a bhí na mionsonraí teagmhála don stiúrthóir agus don chuideachta a bhí i seilbh na hOifige um Chlárú Cuideachtaí. Rinne an t-oifigeach teagmháil leis an gcuideachta ina dhiaidh sin trína gníomhaire. Tar éis caidreamh a dhéanamh leis an gcuideachta, comhdaíodh Foirm B2 leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, rud a d'fhág go raibh na mionsonraí oifige cláraithe cothrom le dáta. Cuireadh an méid sin in iúl don ghearánach dá réir agus cabhraíodh leis nó léi dá réir sin doiciméid a sheirbheáil ar an gcuideachta.

CÁS- STAIÉAR 8

Trádáil faoi ainm atá míthreorach

Foráiltear le halt 27 d'Acht 2014 nach ndéanfaidh comhlacht nach cuideachta ná pearsa aonair é aon trádáil, gairm nó gnó a sheoladh faoi ainm ina n-áirítear, sa chuid deiridh de, an focal "*Teoranta*" nó na focail '*Cuideachta faoi Theorainn Scaireanna*' nó aon ghiorruithe ar na focail sin roimhe seo. Is é cuspóir na forála sin ná an pobal a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le déileáil de thaisme le heintiteas nach cuideachta theoranta é i ndáiríre.

Fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gearán á rá go raibh an téarma '*Teoranta*' á úsáid ag eintiteas nuair nach raibh sé cláraithe chun déanamh amhlaidh.

Tar éis caidreamh a dhéanamh leis an ngnólacht, ba dheimhin le hoifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach nach raibh an mhí-úsáid sin á baint d'aon ghnó. Bhí an gnólacht á chorprú agus dheimhnigh sé go scoirfeadh sé den ainm a úsáid go dtí go mbeadh an corprú curtha i gcrích.

CÁS- STADÉAR 9

Dícháiliú stiúrthóra

Féadfar pearsa aonair a dhícháiliú ó ghníomhú mar stiúrthóir de bhun ordú dícháilíochta (alt 842) nó go huathoibríoch tar éis ciontú ar díotáil in aon chion faoi Acht 2014 nó in aon chion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht (alt 839). Ina theannta sin, i gcás gur dícháilíodh pearsa aonair i Stát eile agus go mainníonn sé nó sí, nó an chuideachta a bhfuil sé nó sí ina stiúrthóir uirthi, fógra a thabhairt don Chláraitheoir, measfar é nó í a bheith dícháilithe.

Déanann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gnáthsheiceálacha ar stiúrthóirí dícháilithe chun a chinntiú go ndearna siad na bearta riachtanacha chun éirí as mar stiúrthóir cuideachta agus/nó mar rúnaí cuideachta.

Fuarthas amach gur liostaithe mar stiúrthóir ar chuideachta a bhí pearsa aonair a bhí faoi réir ordú dícháilíochta ón Ard-Chúirt faoi alt 842 d'Acht 2014 ar feadh téarma seacht mbliana. Tar éis caidreamh a dhéanamh le cásoifigeach ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, rinne oifigigh eile na cuideachta iarratas ar Bhaint Dheonach den Chlár agus tá an chuideachta díscailte anois.

Comhlíonadh a áirithiú trí bhearta forfheidhmiúcháin shibhialta

Fuarthas gearán maidir le hiompar an Uas. Marc Godart, a bhí ina stiúrthóir ar roinnt cuideachtaí ligin chónaithe, bainistíochta réadmhaoine, agus sealbhaíochta.

Bhí roinnt de na cuideachtaí sin ina n-ábhar do líon suntasach breitheanna díobhálacha ina ndearna iompar na gcuideachtaí agus an stiúrthóra araon difear do dhaoine iomadúla den phobal. Áiríodh leo sin breithiúnais dhiúltacha ón mBord um Thionóntachtaí Cónaithe agus cinní ó Bhinsí, amhail i gcás *Modozie and Others v Green Label Short Lets Limited* (0822-79062), inar tuairiscíodh go raibh an chuideachta ag gníomhú ar bhealach '*comhéigineach*', lenar áiríodh trí gach fóntas agus fearas a ghearradh amach do thionóntaí.

Bhí an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar an eolas ar an gcaoi chéanna faoi na cinní ón Ard-Chúirt, inar tugadh tuairisc cháinteach ar iompar an Uas. Godart agus a dhualgais mar stiúrthóir á gcomhlíonadh aige, e.g., i gcás *Lizet Pena-Herrera v Green Label Short Lets Limited and Marc Godart*¹³. Chinn an Ard-Chúirt gur ghníomhaigh an tUas. Godart de mheon mímhacánta agus go míchuí agus é ag síniú dearbhú reachtúil chun leithscéal bréagach a fháil chun deireadh a chur le léas. Chinn an chúirt go raibh diúltú comhsheasmhach ann cloí le horduithe cúirte lenar ordáíodh do chuideachta dámhachtainí a íoc leis an tionónta sin.

Mar thoradh ar na breitheanna sin agus ar bhreitheanna eile, ina ndearnadh iompar an Uas. Godart mar stiúrthóir cuideachta a thuairisciú agus a cháineadh, mheas an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach go raibh sé chun leas an phobail imeachtaí a thionscnamh chun Marc Godart a dhícháiliú mar stiúrthóir cuideachta.

Tugadh an deis don Uas. Godart glacadh le gealltanais maidir le dícháiliú. Dá mba rud é nár glacadh leis an ngealltanais, bheadh caingean Ard-Chúirte tionscanta chun a dhícháiliú a lorg. Sa deireadh, thug an tUas. Godart gealltanais maidir le dícháiliú, agus ní raibh ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach imeachtaí Ard-Chúirte a thionscnamh ina aghaidh dá réir.

Ós rud é gur ghlac sé le gealltanais maidir le dícháiliú, tá an tUas. Godart toirmisceithe ó bhaint a bheith aige le cúrsaí aon chuideachta ar feadh tréimhse 5 bliana. Dheimhnigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina dhiaidh sin gur éirigh an tUas. Godart as oifig mar stiúrthóir/rúnaí ó gach cuideachta.

¹³[2024] IEHC 425

CÁS- STADÉAR 10

Dícháiliú pearsan aonair a measadh a bheith neamhoiriúnach do ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta

CÁS- STAIÉAR 11

Gníomh Forfheidhmiúcháin in aghaidh an Uas. Chathail Roarty, leachtaitheoir

Mar atá mionsonraithe in áit eile istigh anseo, tá oibleagáid ar an leachtaitheoir ar chuideachta dhócmhainneach tuarascáil a sholáthar san fhoirm fhorordaithe don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi alt 682(2) d'Acht 2014, ina leagtar amach na cúiseanna le dócmhainneacht na cuideachta agus measúnú an leachtaitheora ar iompar stiúthóirí na cuideachta. Cabhraíonn tuarascálacha den sórt sin leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a fheidhmeanna maoirseachta a chomhlíonadh.

Ceanglaítear ar leachtaitheoir an chéad tuarascáil de bhun alt 682 a chomhdú laistigh de shé mhí ón gceapachán, agus i gceann eatraimh de réir mar a ordóidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina dhiaidh sin go dtí go gcuirfean an leachtú i gcrích. Is cion de chuid Earnáil 3 í mainneachtain tuarascáil alt 682 a chur isteach in am agus, dá réir sin, is féidir go mbeidh dliteanas coiriúil ar leachtaitheoir den sórt sin dá barr.

Ceapadh an tUas. Cathal Roarty mar leachtaitheoir ar thrí chuideachta agus bhí oibleagáid uirthi dá réir tuarascálacha a chur isteach chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi alt 682 i ndáil le gach ceann de na cuideachtaí. Mhainnigh an tUas. Roarty an oibleagáid sin a chomhlíonadh. Cé go ndearnadh iarrataí air arís is arís eile, lenar áiríodh rabhaidh faoi na hiarmhairtí a bheadh ag a mhainneachtain na tuarascálacha a chur isteach, níor cuireadh na tuarascálacha isteach.

Eisíodh fógraí de bhun alt 797 d'Acht 2014 chuig an Uas. Roarty á cheangal air na tuarascálacha a chomhdú laistigh de 14 lá agus á chur in iúl dó go ndéanfadh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas chuig an Ard-Chúirt ar Orduithe lena n-ordófaí dó a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh mura ndéanfadh sé amhlaidh. Cuireadh in iúl sna fógraí freisin go lorgódh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach Ordú á rá gur ar an Uas. Roarty go pearsanta a bheadh na costais go léir a bhainfeadh agus a ghabhfadh leis an iarratas.

Ós rud é gur mhainnigh an tUas. Roarty na Fógraí a d'eisigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chomhlíonadh laistigh den tréimhse 14 lá, rinneadh iarratais chuig an Ard-Chúirt de bhun alt 797 d'Acht 2014. Idir an dá linn, chuir an tUas. Roarty Tuarascálacha alt 682 a bhí fós amuigh isteach. D'iarr an t-abhcóide don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar an gCúirt an ní a scríosadh amach le hOrdú le haghaidh costas i bhfabhar an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, ar chostais iad a bheadh le breithniú cheal comhaontaithe, rud a d'aontaigh an Chúirt a dhéanamh.

CÁS- STAIÉAR 12

Gníomh Forfheidhmiúcháin in aghaidh Flavien Keily Uas., leachtaitheoir

Ceapadh Flavien Keily Uas. mar leachtaitheoir ar cheithre chuideachta agus bhí oibleagáid uirthi dá réir tuarascálacha a chur isteach chuig an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi alt 682 i ndáil le gach ceann de na cuideachtaí. Mhainnigh Flavien Keily Uas. an oibleagáid sin a chomhlíonadh. Cé go ndearnadh iarrataí air arís is arís eile, lenar áiríodh rabhaidh faoi na hiarmhairtí a bheadh ag a mainneachtain na tuarascálacha a chur isteach, níor cuireadh na tuarascálacha isteach.

Eisíodh fógraí de bhun alt 797 d'Acht 2014 chuig Flavien Keily Uas. á cheangal uirthi na tuarascálacha a chomhdú laistigh de 14 lá agus á chur in iúl di go ndéanfadh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas chuig an Ard-Chúirt ar Orduithe lena n-ordófaí di a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh mura ndéanfadh sí amhlaidh. Cuireadh in iúl sna fógraí freisin go lorgódh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach Ordú á rá gur ar Flavien Keily Uas. go pearsanta a bheadh na costais go léir a bhainfeadh agus a ghabhfadh leis an iarratas.

Ós rud é gur mhainnigh Flavien Keily Uas. na Fógraí a d'eisigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chomhlíonadh laistigh den tréimhse 14 lá, eisíodh imeachtaí an 12 Samhain 2025 agus d'éist an Ard-Chúirt an ní an 1 Nollaig 2025. Idir an dá linn, chuir Flavien Keily Uas. gach ceann de cheithre thuarascáil alt 682 a bhí fós amuigh isteach. Ar an mbonn sin, d'iarr an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar an gCúirt an ní a scríosadh amach le hOrdú le haghaidh costas ar thoilíú ina fhabhar in aghaidh an leachtaitheora go pearsanta, ar chostais iad a bheadh le breithniú i gcás nach dtiocfaí ar chomhaontú, agus d'aontaigh an Chúirt leis an Ordú a dhéanamh.

CÁS- STAIÉAR 13

PG Insulations Limited – gealltanais maidir le srian

Forfheidhmiú trí mhaoirseacht a dhéanamh ar dhócmhainneachtaí corparáideacha

Corpraíodh an chuideachta an 6 Samhain 2019 chun críche gnó a sheoladh mar chonraitheoirí cumhdaigh thionsclaíoch. Cuireadh an chuideachta faoi leachtú toilteanach ag creidiúnaithe an 19 Nollaig 2024. Ba é €864,103 an t-easnamh ag dáta an leachtaithe. Ba iad an tUas. Paul Lawlor agus an tUas. Gary Symes stiúthóirí na cuideachta ag dáta an leachtaithe.

D'fhás an chuideachta go han-tapa, agus bhí sí ag fostú breis agus 40 duine laistigh de trí bliana ó uair a corpraithe. B'ionann an láimhdeachas sa bhliain 2020 agus thart ar €395,000 agus, faoi dheireadh na bliana 2023, bhí méadú tagtha air go thart ar €2.8 milliún. Mar gheall ar imthosca gan choinne, cuireadh isteach ar an bhformhaoirseacht ar oibríochtaí na cuideachta, agus thairfeadh an chuideachta cailteanas ab ionann agus thart ar €97,000 sa bhliain 2023.

Sa bhliain 2024, bhain príomhchliant dá cuid an chuideachta dá láithreáin. Chaill an chuideachta 14 bhall foirne le linn na bliana 2024, lena áiríodh príomhphearsana, agus scoir sí de thrádáil an 12 Samhain 2024.

Bhí cuntas iasachta a bhí níos mó ná 10% de ghlansócmhainní iomchuí na cuideachta ag duine de na stiúthóirí, rud a sháraigh alt 239 d'Acht 2014. Níor íoc an chuideachta aon airgead chun críocha cánach ioncaim ar an iasacht stiúthóra. Ní raibh aon fhianaise ann gur íocadh sochar comhchineáil ar an iasacht sin. Bhí an chuideachta ag brath go mór ar mhaoiniú gearrthéarmach, a raibh rátaí pionósacha úis ag gabháil leis i roinnt cásanna, chun an cuntas iasachta a chistiú.

Fuair an chuideachta €95,000 ar iasacht ó Linked Finance an 6 Deireadh Fómhair 2023 ar théarma 12 mhí ag ráta úis 11.5%, tráth a bhí thart ar €74,000 dlite don chuideachta ag duine de na stiúthóirí agus a bhí thart ar €37,000 dlite don chuideachta ag cuideachtaí gaolmhara.

Thar thréimhse thart ar dhá bhliain, tháinig méadú suntasach ar dhliteanas na cuideachta i leith na gCoimisinéirí Ioncaim, agus iad ag ardú ó thart ar €38,000 go €427,000. Le linn na tréimhse sin, rinneadh íocaíochtaí leis an gcuntas iasachta stiúthóra in ionad oibleagáidí na cuideachta i leith na gCoimisinéirí Ioncaim a chomhlíonadh, rud a chuir le deacrachtaí airgeadais na cuideachta.

Bhí imní ar an leachtaitheoir faoi dhá nóta creidmheasa, ar mhó a luach iomlán ná €39,000. D'eisigh an chuideachta ceann amháin acu chuig cuideachta ghaolmhar, mar a bhí Lawlor Sheet Metal Limited, agus d'eisigh sí an ceann eile chuig Paul Lawlor, ag trádáil mar Lawlor Sheet Metal. Rinneadh na nótaí creidmheasa a eisíodh a fhritháireamh in aghaidh méideanna a bhí dlite don chuideachta. Ardaíodh na nótaí creidmheasa an 1 Samhain 2024, níos lú ná dhá sheachtain sular scoir an chuideachta de thrádáil.

Lig an tUas. Lawlor agus an tUas. Symes don chuideachta leanúint ar aghaidh ag trádáil nuair ab eol dóibh, nó nuair ba cheart gurbh eol dóibh, go raibh an chuideachta dócmhainneach. Theip orthu faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais na cuideachta ar bhonn rialta, agus ní raibh aon fhianaise ann gur ullmhaíodh cuntais bhainistíochta mhíosúla.

Níor tugadh aon fhaoiseamh i leith ceachtar de na stiúthóirí. Thairg an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an deis don bheirt stiúthóirí géilleadh do Ghealltanais maidir le Srian, rud ar ghlac siad leis. Srianadh an tUas. Lawlor agus an tUas. Symes ar feadh tréimhse cúig bliana.

CÁS- STAIÉAR 14

Egan & Taaffe
Hospitality – gealltanais
maidir le srian

Corpraíodh an chuideachta an 13 Márta 2017. Tráth an leachtaithe, ba é an tUas. Jon Paul Egan stiúthóir aonair na cuideachta. Ba é príomhghnó na cuideachta ná óstán a oibriú ar bhonn laethúil.

Ba é €1,503,593 an t-easnamh measta tráth an leachtaithe, agus €1,168,217 dlite do na Coimisinéirí loncaim agus €335,376 dlite do chreidiúnaithe trádála. Luadh sa chéad tuarascáil ón leachtaitheoir chuig an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gur ghníomhaigh an stiúthóir go macánta agus go freagrach. Mar thoradh ar scrúdú a rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar an tuarascáil, áfach, tháinig ábhair inmí chun cinn. Ós rud é go raibh méideanna suntasacha dlite do na Coimisinéirí loncaim, iarradh anailís ar na méideanna a bhí dlite do na Coimisinéirí loncaim tríd an tairseach reachtúil trínar féidir faisnéis a mhalartú idir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus na Coimisinéirí loncaim. Ba léir ón bhfaisnéis a fuarthas go raibh dliteanais chánach na cuideachta ag méadú i gcónaí sa tréimhse tar éis shrianta phaindéim COVID-19, suas go dtí dáta tosaithe an fhoirceanta. Deonaíodh faoiseamh don leachtaitheoir ag an am sin chun go bhféadfadh sé tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar stair na cuideachta leis na Coimisinéirí loncaim.

Tar éis tuilleadh imscrúduithe de bhun iarrataí ar fhaisnéis a rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, chuir an leachtaitheoir tuarascáil bhreise faoi bhráid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Chinn sé gur mhainnigh na stiúthóirí gníomhú go macánta agus go freagrach, agus tháinig sé ar an gconclúid nach mbeadh aon chreidmheas ná aon chistiú den sórt sin tugtha ag an gcuideachta d'aon pháirtí mura mbeadh baint aige leis an stiúthóir, agus go ndearnadh dochar do staid na gcreidiúnaithe, go háirithe staid na gCoimisinéirí loncaim, mar thoradh ar an ngníomh sin. Tharraing an leachtaitheoir a iarraidh roimhe sin ar fhaoiseamh siar agus, ina ionad sin, d'iarr sé nach saorfaí é ón oibleagáid srianadh an stiúthóra a lorg.

Thairg an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach deis don Uas. Egan géilleadh do ghealltanais deonach maidir le srian. Glacadh leis an tairiscint sin agus srianadh é ar feadh tréimhse cúig bliana dar tosach an 4 Meitheamh 2025.

CÁS- STAIÉAR 15

Razneck Limited

Corpraíodh Razneck Limited i mí Mheán Fómhair 2010 agus thrádáil sé mar 'Mooch', agus é ag oibriú asraonta iógairt reoite i mBaile Átha Cliath agus sna ceantair máguaird. Bhí an chuideachta faoi úinéireacht agus faoi stiúir Suzanne Kelly Uas. Leathnaigh an gnó sna blianta tosaigh, rud a d'éiligh infheistíocht shuntasach chaipitil, agus thabhaigh sé caillteanais le linn na tréimhse tosaigh trádála.

Ón mbliain 2019 ar aghaidh, bhí an chuideachta thíos le deacrachtaí airgeadais agus oibriúcháin a bhí ag méadú, agus d'éirigh siad níos measa fós de dheasca phaindéim COVID-19 agus de dheasca brúnna breise soláthair agus costais a d'eascair as an mBreatimeacht. Scoir an chuideachta de thrádáil i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Ag dáta an leachtaithe, ní raibh aon sócmhainní inréadaithe ag an gcuideachta agus bhí dliteanais iomlána €320,888 aici (lenar áiríodh €164,298 a bhí dlite do na Coimisinéirí loncaim), mar aon le riaráistí suntasacha cíosa.

D'iarr na comhleachtaitheoirí faoiseamh ar dtús ón oibleagáid Suzanne Kelly Uas. a shrianadh. Mar sin féin, agus an tuarascáil á measnú aige, shainithin an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach roinnt ábhair inmí maidir le hiompar an stiúthóra. Ina measc sin bhí an mhainneachtain tuairisceáin reachtúla a chomhdú ó bhí an bhliain 2019 ann, tuairisceáin CBL amuigh, cuntais bhainistíochta a bheith in easnamh, agus an mhainneachtain leabhair agus taifid leordhóthanacha a choimeád. Tugadh faoi deara ón tuarascáil leachtaitheoirí freisin nár lorg an stiúthóir comhairle ghairmiúil ná nach ndearna sí bearta tráthúla chun an chuideachta a chur faoi leachtú nuair a tháinig sí chun bheith dócmhainneach.

CÁS- STADÉAR 16

Highfield Retail Design Limited

Tar éis na nithe sin a bhreithniú, chinn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach nach raibh deonú faoisimh cuí. Tar éis caidreamh a dhéanamh leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, thug na leachtaitheoirí tuarascáil fhorlíontach inar moladh go gcuirfí an stiúrthóir faoi réir ordú sriantachta de bhun alt 819 d'Acht 2014. D'aontaigh Suzanne Kelly Uas. ina dhiaidh sin glacadh le gealltanais deonach maidir le srian ar feadh tréimhse cúig bliana.

Corpraíodh an chuideachta i mí an Mheithimh 2011 agus scoir sí de thrádáil i mí an Mheithimh 2016. Bhí baint ag an gcuideachta le seirbhísí agus ábhair a fháil agus a sholáthar do shaoráidí miondíola sa Ghearmáin, sa Fhrainc, sa Ríocht Aontaithe, san Ísiltír, agus in Éirinn. Ba iad an tUas. Daimon Haywood agus Victoria Haywood Uas. na stiúrthóirí ag dáta an leachtaithe.

D'éirigh go maith leis an gcuideachta ina blianta tosaigh agus, sa bhliain 2015, rinne an chuideachta iarracht leathnú agus éagsúlú a dhéanamh chuig bonn custaiméirí níos leithne.

Tharla cailleanas suntasach don chuideachta nuair a chuaigh cuideachta neamhghaolmhar faoi leachtú, rud a d'fhág go raibh easnamh ab ionann agus thart ar €157,000 aici. Sholáthair an chuideachta saoráidí airgeadais do chomhpháirtí trádála eile freisin in oirchill forbairtí substaintiúla gnó, arbh fhorbairtí iad nár tharla sa deireadh. Tháinig moill mhór ar an ngnó le linn na bliana 2016. Cuireadh roinnt tionscadal ar ceal mar thoradh ar thionchar an Bhreitheachta freisin.

Thug an chuideachta cistí ar iasacht do Xpress Art Limited (**XAL**), arbh é an cuspóir a bhí leo ná deis a thabhairt do XAL leathnú, agus an chuideachta ag fáil na gconarthaí dearaidh do gach asraon nua a d'osclódh XAL. Tháinig athrú ar úinéireacht XAL le linn na bliana 2016 agus tharraing sé a straitéis leathnaithe siar, rud a d'fhág fiachas ab ionann agus thart ar €285,000 ag an gcuideachta.

B'ionann an fiach leis na Coimisinéirí Ioncaim a fabhraíodh i ndáil leis an bhfaoiseamh sin a éileamh agus €37,732 móide thart ar €11,300 in ús agus i bpionóis. Foilsíodh ainm na cuideachta ar liosta na mainnitheoirí cánach i mí an Mheithimh 2017 i leith méid €55,088.

D'éiligh an chuideachta faoiseamh gnólachta nuathionscanta alt 486C¹⁴ ó na Coimisinéirí Ioncaim, rud nach raibh sí ina theideal. Tá baint ag an bhfaoiseamh sin le méid an ÁSPC fostóra a íocann cuideachta ar leith. Ní raibh an chuideachta i dteideal an faoisimh toisc nár chláraigh sí riamh mar fhostóir, toisc nach raibh aon fhostaithe aici, agus toisc nár íoc sí aon ÁSPC fostóra.

Ceapadh an leachtaitheoir ag deireadh na bliana 2016. Chinn an leachtaitheoir gur mhainnigh an chuideachta leabhair agus taifid chúí a choimeád. Thuairiscigh an leachtaitheoir nach ndeachaigh gach íocaíocht trí chuntais bhainc na cuideachta agus go ndearnadh íocaíocht mhíchuí €32,000 leis na stiúrthóirí ag deireadh mhí Eanáir 2020.

¹⁴ Tugtar faoiseamh ó cháin chorparáide le halt 486C den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, do chuideachtaí nuathionscanta atá ina luathbhlianta trádála. Deonaítear an faoiseamh tríd an gcáin chorparáide is infiochta ar bhrabús na trádála nua agus ar ghnóthachan inmhuirir ar dhiúscairt aon sócmhainní a úsáidtear chun críocha na trádála nua a laghdú.

Níor thug an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach aon fhaoiseamh, agus tugadh treoir don leachtaitheoir imeachtaí a thionscnamh san Ard-Chúirt chun an bheirt stiúirthóirí a shrianadh. Agus faireachán á dhéanamh aige ar an gceanglas sin, thug an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi deara gur mhainnigh an leachtaitheoir imeachtaí a thionscnamh laistigh den tréimhse riachtanach, agus thionscain sé gníomhaíocht leantach. Tháinig sé chun solais go raibh na stiúirthóirí tar éis bogadh go dtí an Ríocht Aontaithe agus nach raibh an leachtaitheoir in ann teagmháil a dhéanamh leo.

Tar éis plé idir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus an leachtaitheoir, dheimhnigh an leachtaitheoir go ndearnadh teagmháil leis na stiúirthóirí sa deireadh. Ghéill an bheirt stiúirthóirí do ghealltanais maidir le srian ina dhiaidh sin.

CÁS- STAIÉAR 17

LK Food Market Limited

Corpraíodh an chuideachta an 13 Márta 2020 agus d'oibrigh sí siopa áise. Scoir sí de thrádáil i mí Mheán Fómhair 2023 agus chuaigh sí faoi leachtú an 29 Deireadh Fómhair 2024. Ba é an tUas. Kamil Cieslak stiúirthóir aonair na cuideachta. Ba é €166,111 an t-easnamh measta tráth an leachtaithe, agus ní raibh aon sócmhainní inréadaithe ann. D'iarr an leachtaitheoir faoiseamh iomlán ach ansin lean sé ar aghaidh leis an iarraidh a cháiliú, á rá gur chreid sé gur ann do “*neamhaird ar na Coimisinéirí Ioncaim agus ar Rátaí*” agus go raibh sé deacair dó faoiseamh iomlán a lorg.

Ba chosúil go raibh an chuideachta dócmhainneach ó uair a corpraithe i leith. Léirítear sa tacar cuntas deiridh a comhdaíodh leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí go raibh cailteanais á ndéanamh ag an gcuideachta sna blianta 2020 agus 2021, agus cailteanais €53,928 agus €123,950 faoi seach ann. Ní bhfuair an Chuideachta aon tacaí ón Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (TWSS)¹⁵ ná aon tacaí eile le linn thréimhse phaindéim COVID-19 toisc nach raibh sí ag feidhmiú sna blianta roimhe sin agus, dá bhrí sin, nach raibh aon fhianaise aici ar laghdú ar thrádáil mar gheall ar na srianta sláinte poiblí.

Mhainnigh an tUas. Cieslak cuntais bhainistíochta a ullmhú don bhliain 2022 agus don tréimhse suas go dtí an tráth a chuaigh an chuideachta faoi leachtú. Is amhlaidh a chomhdaigh an chuideachta tuairisceán bliantúil na bliana 2023 agus cuntais leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, ach níor glacadh leo agus cuireadh ar ais iad chuig an té a chuir isteach iad.

Bhí suimeanna suntasacha airgid dlite do na Coimisinéirí Ioncaim, agus ba ann freisin d'íocaíocht ab íocaíocht tosaíochta go héagórach a rinneadh leis an tiarna talún ar chostas chreidiúnaithe eile na cuideachta.

Tugadh le fios i dtaifid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí gur ann do stiúirthóir eile a d'éirigh as oifig laistigh den tréimhse dhá mhí dhéag sula ndeachaigh an chuideachta faoi leachtú. D'fhiafraigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach den leachtaitheoir ar ghníomhaigh an duine sin, i measúnú an leachtaitheora, go macánta agus go freagrach i ndáil le cúrsaí na cuideachta. Dheimhnigh an leachtaitheoir gur chomhlíon an duine a dhualgais agus nach raibh sé mar chuid dá imscrúdú toisc go ndearna sé iarracht neamhrathúil freisin éirí as a stiúirthóireacht ó dháta níos luaithe.

Chuir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a ábhair imní in iúl don leachtaitheoir maidir lena cháiliú ar a iarraidh ar fhaoiseamh iomlán i dtuarascáil alt 682 uaidh. Tar éis teagmháil fhairsing, leasaigh an leachtaitheoir a iarraidh sa deireadh agus d'iarr sé nach saorfaí é ón oibleagáid an stiúirthóir a shrianadh. Tairgeadh gealltanais maidir le srian don Uas. Cieslak, rud ar glacadh leis.

¹⁵ An Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá

CÁS- STAIÉAR 18

Stevenstown Transport Limited

Corpraíodh an chuideachta i mí na Nollag 2016 agus cuireadh faoi leachtú toilteanach ag creidiúnaithe í i mí Lúnasa 2021. D'oibrigh an chuideachta mar chuideachta tarlaithe, agus ba é an tUas. Kevin Smullen stiúrthóir aonair na cuideachta ag dáta an leachtaithe.

Ba é €6,956 an t-easnamh measta ag dáta an leachtaithe. Mhainnigh an stiúrthóir comhoibriú leis an leachtaitheoir. Níor choimeád an chuideachta leabhair agus taifid chúí, agus tuairiscíodh gur ar dhroch-chaighdeán a bhí na cinn a fuair an leachtaitheoir. Rinne an leachtaitheoir iarracht teagmháil a dhéanamh leis an stiúrthóir roinnt uaireanta chun ceistanna a shoiléiriú maidir leis na leabhair agus na taifid, maidir leis na hiarmhéideanna idirchuideachta, agus maidir le baint cistí ón uair a scoir an chuideachta de thrádáil ar leith agus, ina thuairim, fuair sé freagraí a bhí doiléir gan ghá.

Coinníodh taifid réasúnacha go dtí an bhliain 2019, ach ní raibh aon taifead ann ar chonarthaí a fuarthas ná ar chomhfhreagras le Carnalway Freight Limited, cuideachta iompair a corpraíodh i mí Eanáir 2015. Chreid an leachtaitheoir gur athchuideachta a bhí sa chuideachta sin ós rud é go raibh stiúrthóirí coiteanna agus scairshealbhóirí coiteanna ag an dá chuideachta, go raibh idirbhearta áirithe le páirtithe gaolmhara ann, agus go raibh an flít céanna feithiclí á úsáid ag an dá chuideachta.

Tugadh neamhaird ar iarrataí ar thaifid áirithe, rud a d'fhág gur chreid an leachtaitheoir nach raibh na taifid sin ann. Mar thoradh ar an mainneachtain taifid chúí a choinneáil, bhí éiginnteacht shubstaintiúil ann maidir le sócmhainní agus dliteanais na cuideachta agus bhí bac substaintiúil ar fhoirceannadh ordúil na cuideachta.

Mhainnigh an tUas. Smullen an chuideachta a fhoirceannadh ar bhealach ordúil nuair ab eol dó, nó nuair ba cheart gurbh eol dó, go raibh an chuideachta dócmhainneach. Tharla sé sin toisc gur mhainnigh an chuideachta luachan árachais inbhuanaithe a fháil chun a chur ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh ag trádáil amach anseo. Chomh maith leis sin, tharraing na Coimisinéirí Ioncaim measúnú anuas maidir le creidmheasanna ionchuir CBL dícheadaithe.

Leis an athbhreithniú a rinne an leachtaitheoir ar idirbhearta na cuideachta, tarraingíodh aird ar idirbhearta áirithe lena tugadh tosaíocht do chreidiúnaithe áirithe ar chreidiúnaithe eile. Bhain na híocaíochtaí sin le luach saothair an Uas. Smullen agus le caiteachais áirithe eile, a ndearnadh roinnt díobh tar éis don chuideachta scor de thrádáil.

Níor deonaíodh aon fhaoiseamh agus thairg an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an deis don Uas. Smullen géilleadh do ghealltanas maidir le dícháiliú, rud ar ghlac sé leis. Dícháillíodh é ar feadh tréimhse cúig bliana.

CÁS- STAIÉAR 19

Belcarrig Quarries Limited

Corpraíodh an chuideachta i mí na Bealtaine 2010 agus d'oibrigh sí mar ghnólacht cairéil. Ba é an tUas. Billy O'Leary stiúthóir aonair na cuideachta. D'éirigh leis an gcuideachta trádáil go rathúil ar feadh roinnt blianta ach bhí cailteanais aici ón mbliain 2021 ar aghaidh. Cuireadh an chuideachta faoi leachtú toilteanach ag creidiúnaithe tar éis a chur in iúl don stiúthóir go raibh sé beartaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim achainí a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt go ndéanfaí an chuideachta a fhoirceannadh go héigeantach.

Tháinig deireadh leis an gcead pleanála don chairéal sa bhliain 2014 mar gheall ar athrú ar rialacháin, ach lean an chuideachta ar aghaidh ag trádáil. An 27 Samhain 2019, ainmníodh an chuideachta ar an gclár '*RTÉ Investigates: Between a Rock and a Hard Place*' inar scrúdaíodh an dóigh a raibh roinnt oibrítheoirí cairéil ag dul timpeall ar rialacháin, de réir mar a líomhnaíodh. Tar éis an chláir sin, tháinig laghdú ar ghnó na cuideachta.

Lorgaíodh cead pleanála ó Chomhairle Contae Loch Garman chun leanúint d'oibreacha cairéil ach diúltaíodh é ar fhorais a bhain le rioscaí sláinte poiblí agus le géarú ar éilliú draenála carraige aigéadaí. Taisceadh achomharc leis an mBord Pleanála, ach diúltaíodh é sin freisin. Lorg an tUas. O'Leary athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh an Bhoird, rud a dhiúltaigh an Ard-Chúirt agus an Chúirt Achomhairc araon. Bhí costais na n-achomharc agus na n-imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh ina dhiaidh sin díobhálach do chreidiúnaithe.

Bhí an leachtaitheoir den tuairim gur lean an chuideachta ar aghaidh ag trádáil nuair ab eol don stiúthóir, nó nuair ba cheart gurbh eol don stiúthóir, go raibh an chuideachta dócmhainneach. Ba é €1,342,966 an t-easnamh ag dáta an leachtaithe. Tugadh tosaíocht do chreidiúnaithe áirithe ar chreidiúnaithe eile, agus an chuideachta ag íoc fiacha le creidiúnaithe trádála áirithe ar thug an stiúthóir ráthaíochtaí pearsanta dóibh, agus neamhaird á tabhairt ar dhliteanais na cuideachta i leith na gCoimisinéirí Ioncaim. Thuairiscigh an leachtaitheoir nár íocadh cánacha de réir mar a bhí siad dlite agus gur tugadh neamhaird ar an gcumarsáid ar fad ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Níor deonaíodh aon fhaoiseamh agus thairg an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an deis don stiúthóir géilleadh go deonach do ghealltanais maidir le dícháiliú. Ghlac sé leis an tairiscint sin agus dícháillíodh é ar feadh tréimhse cúig bliana.

CÁS- STADÉAR 20

Wirecard UK & Ireland Limited

Bhí Wirecard UK & Ireland Limited mar chuid de Ghrúpa cuideachtaí Wirecard ina raibh Wirecard Payments Solutions Holdings Limited agus Herveview Limited. Ó bhí an bhliain 2015 ann, ba é Wirecard Payments Solutions Holdings Limited an t-aon scairshealbhoir amháin sa chuideachta, ar fochuideachta faoi lánúinéireacht Wirecard AG í faoi seach.

Sholáthair an chuideachta seirbhísí airgeadais a bhain le próiseáil idirbheart leictreonach cártaí creidmheasa agus cártaí réamhíochta. Tharla dócmhainneacht na cuideachta mar thoradh ar chalaos mhórsála amhrasta a rinneadh laistigh de Ghrúpa foriomlán Wirecard AG. Bhain an chalaos le brionnú ioncaim agus cistí lenar ardaíodh brabús an Ghrúpa go saorga. Áiríodh leis sin suim €1.9 billiún a bhí á coinneáil, de réir dealraimh, i gcuntas eascró. Tuairiscíodh ar dtús go raibh an tsuim sin ar iarraidh ach fuarthas amach níos déanaí nár ann di. Ceapadh riarthóir i mí an Mheithimh 2020 do Wirecard AG agus do chuideachtaí eile den Ghrúpa, ar dá bharr a rinneadh gnólachtaí an Ghrúpa a fhoirceannadh agus a dhíol agus a tharraing Grúpa Wirecard AG a thacaíocht siar. D'fhág sé sin nach raibh Wirecard UK & Ireland in ann maireachtáil as féin.

Thángthas ar an gconclúid in imscrúdú na leachtaitheoirí ar chúrsaí na cuideachta agus ar na cúiseanna ar theip uirthi ná gur ghníomhaigh ceathrar den seisear stiúrthóirí go macánta agus go freagrach. Rinne an ceathrar stiúrthóirí gníomhaíocht chúí trí fhaireachán a dhéanamh ar staid airgeadais na cuideachta, lorg siad comhairle ghairmiúil neamhspleách, agus chomhoibrigh siad go hiomlán leis an leachtaitheoir. Ar an mbonn sin, lorg na leachtaitheoirí faoiseamh i leith na bpearsan aonair sin.

Mhol na leachtaitheoirí dícháiliú i ndáil leis an mbeirt stiúrthóirí a bhí fágtha, mar a bhí an tUas. Jan Marsalak, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na cuideachta, agus an tUas. Markus-Konrad Fuchs, Stiúrthóir Díolacháin. Ba é an tUas. Marsalak Príomhoifigeach Oibriúcháin Ghrúpa Wirecard AG freisin agus ba é an tUas. Fuchs Ceann Díolacháin agus Fála an Ghrúpa. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha leachtaitheoirí agus ar fhaisnéis eile a bhí ar fáil dó, chinn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gan leas a bhaint as a lánrogha chun an deis a thairiscint do na stiúrthóirí gealltanais a thabhairt mar gheall ar chineál tromchúiseach na líomhaintí. Dá réir sin, tugadh treoir do na leachtaitheoirí dícháiliú an Uas. Marsalak agus an Uas. Fuchs a lorg san Ard-Chúirt.

Dícháilíodh an tUas. Fuchs ar feadh tréimhse naoi mbliana. Ós rud é nach rabhthas in ann seirbheáil a dhéanamh ar an Uas. Marsalak, tá an cás ina aghaidh ar atráth faoi láthair, agus cead ann é a ataifeadadh.

CÁS- STADÉAR 21

Puratec (Ireland)
Limited

Corpraíodh an chuideachta an 29 Feabhra 2016 agus thrádáil sí ar feadh tréimhse thart ar thrí bliana. D'oibrigh sí sa ghnó um chórais uisce a sholáthar d'óstáin agus do bhialanna. Ba iad an tUas. Dermot O'Brien agus Nollaig Baker Uas. na stiúrthóirí ag am an cheapacháin.

Is cosúil, tráth nach raibh dóthain cistí ag an gcuideachta chun a dliteanais dhlisteanacha a íoc, gur roghnaigh an bheirt stiúrthóirí cistí cuideachta a úsáid chun a leasa phearsanta féin. An 9 Deireadh Fómhair 2019, corpraíodh Infinity Water Vending Limited (**IWVL**), arbh í Nollaig Baker Uas. a stiúrthóir aonair í. Ceapadh an tUas. Dermot O'Brien mar rúnaí cuideachta. Ó mhí an Mheithimh 2019 go mí an Mhárta 2020, d'aistrigh an chuideachta suim iomlán €32,019 chuig IWVL tráth a bhí sí dócmhainneach.

Bhí an chuideachta fós ag mainneachtain a hoibleagáidí i leith na gCoimisinéirí loncaim go leanúnach, agus d'úsáid sí airgead a bhí dlite i leith cánacha mar líne chreidmheasa go bunúsach. Rinne na Coimisinéirí loncaim achainí chuig an Ard-Chúirt chun an chuideachta a fhoirceannadh an 19 Feabhra 2020, agus ceapadh leachtaitheoir.

Le linn imscrúdú an leachtaitheora, thug roinnt de chustaiméirí na cuideachta dó cóipeanna de shonraisc dhíolacháin a d'eisigh an chuideachta chucu roimh dháta a cheapacháin agus tamaillín ina dhiaidh. De ghnáth, d'íocadh custaiméirí na sonraisc sin trí aistriú chuig cuntas bainc na cuideachta. Ní raibh an leachtaitheoir in ann admhálacha a shainaithint le haghaidh íoc sonrasc díolacháin áirithe a d'eisigh an chuideachta, áfach. Tar éis an Ordaithe chun an chuideachta a fhoirceannadh, chuir an tUas. O'Brien in iúl do chustaiméirí áirithe de chuid na cuideachta go raibh íocaíochtaí amach anseo le déanamh isteach i gcuntas bainc nua. Tháinig sé chun solais gur le IWVL an cuntas bainc sin.

Lean na stiúrthóirí de chreidmheas suntasach a thabhtú thar ceann na cuideachta nuair ba cheart gurbh eol dóibh nach mbeadh sí in ann na fiacha a tabhaíodh a urscaoileadh. Ina theannta sin, lean na stiúrthóirí de chistí cuideachta a úsáid chun íoc as caiteachais phearsanta, agus tharraing siad suimeanna amach as cuntais cuideachta le haghaidh gnó nach mbaineann leis an gcuideachta.

Thosaigh an chuideachta ag déanamh íocaíochtaí pinsin chun leas na beirte stiúrthóirí an 2 Eanáir 2019. Rinneadh 16 íocaíocht san iomlán suas go dtí dáta an leachtaithe. Rinneadh na 16 íocaíocht uile tráth a bhí an chuideachta ag mainneachtain a dliteanais i leith na gCoimisinéirí loncaim a chomhlíonadh. Rinne an chuideachta sé cinn de na híocaíochtaí tar éis an t-éileamh reachtúil 21 lá a fháil ó na Coimisinéirí loncaim.

Mhainnigh an chuideachta leabhair agus taifid chúí a choinneáil, rud a chruthaigh éiginnteacht shubstaintiúil maidir leis na sócmhainní agus na dliteanais agus a chuir bac ar fhoirceannadh ordúil na cuideachta.

Níor chomhoibrigh na stiúrthóirí go hiomlán leis an leachtaitheoir. Sa Ráiteas maidir le Cúrsaí, chuir an tUas. O'Brien in iúl go raibh sócmhainní na cuideachta teoranta do chórais uisce agus nach raibh aon fheithiclí cuideachta ann. Chuaigh an chuideachta i mbun dhá chomhshocraíocht maoiniúcháin i ndiaidh a chéile, áfach, chun carranna BMW a cheannach. Bhí an chuideachta ag mainneachtain a dliteanais i leith na gCoimisinéirí loncaim a chomhlíonadh tráth a rinne sí na comhaontuithe iasachta sin le BMW. D'fholaigh na stiúrthóirí na sócmhainní sin amach ón leachtaitheoir agus lean siad ar aghaidh ag úsáid na gcarranna tar éis a cheapacháin. Rinne BMW Financial Services an dá charr a athshealbhú agus a dhíol ina dhiaidh sin tar éis an leachtaitheoir a cheapadh.

Chuaigh an leachtaitheoir i mbun comhaontú comhshocraíochta leis na stiúrthóirí, rud trína raibh siad le híocaíochtaí airgid a dhéanamh. Liostaíodh an cás sa Chúirt roinnt uaireanta agus tugadh chun críche é sa deireadh an 10 Samhain 2025. Tháinig an Breitheamh Onórach Mulcahy ar an gconclúid go raibh iompar an Uas. O'Brien mar údar le dícháiliú 10 mbliana, agus laghdaigh sé an téarma faoi 3 bliana mar mhaolú as airgead comhshocraíochta a íoc. Dícháilíodh an dara stiúrthóir, mar a bhí Nollaig Baker Uas., ar feadh tréimhse 5 bliana. Rinneadh an dá dhícháiliú a shiardhátú go dtí an 1 Bealtaine 2024.

CÁS-
STADÉAR 22Business Mobile
Security Services
Limited

Corpraíodh an chuideachta i mí Mheán Fómhair 2004, agus í ag soláthar seirbhísí airgid thirim faoi bhealach agus seirbhísí slándála eile. Tar éis easnamh €1.8 milliún a aimsiú i gcuntas cliant na cuideachta, ceapadh leachtaitheoir sealadach don chuideachta le hOrdú ón mBreitheamh Onórach Allen an 22 Iúil 2019 agus, le hOrdú eile ón mBreitheamh Onórach Allen, deimhníodh ceapachán an leachtaitheora an 28 Lúnasa 2019. Ba iad Emily Farrell Uas. agus an tUas. William Farrell na stiúrthóirí ag dáta an leachtaithe.

Scoir an chuideachta den scrúdaitheoireacht roimhe sin sa bhliain 2017. Cuireadh na stiúrthóirí reatha in ionad na n-iarstiúrthóirí, mar a bhí an tUas. Jim Farrell agus Gráinne Farrell Uas., i mí an Mhárta 2017 mar chuid den phróiseas scrúdaitheoireachta. Mar thoradh ar a imscrúduithe, chreid an leachtaitheoir go raibh ról teoranta ag Emily Farrell Uas. agus ag an Uas. William Farrell in oibriú na cuideachta agus go raibh an tUas. Jim Farrell agus Gráinne Farrell Uas. araon ag gníomhú mar stiúrthóirí *de facto*. Thug an leachtaitheoir faoi deara gurbh é an tUas. Jim Farrell a mhionnaigh an mhionnscríbhinn forais le haghaidh cheapachán an leachtaitheora. Bhí an tUas. Jim Farrell agus Gráinne Farrell Uas. araon ina sínitheoirí seiceanna, agus dheimhnigh custaiméirí na cuideachta don leachtaitheoir gur dhéileáil siad de ghnáth leis an Uas. Jim Farrell agus le Gráinne Farrell Uas. mar chinnteoirí. Taifeadadh i gcuntais na cuideachta iasacht stiúrthóra gan ús dar luach €2,148 a tugadh don Uas. Jim Farrell agus a bhí dlite don chuideachta. Chuir an leachtaitheoir in iúl, i gcomhfhreagras leis, gur aontaigh an tUas. Jim Farrell leis an measúnú sin.

Shainaithin an leachtaitheoir easnamh ab ionann agus thart ar €1.8 milliún i gcuntais chliant na cuideachta, agus tháinig sé ar an tuairim mar thoradh ar a imscrúduithe gur úsáideadh an t-airgead sin chun an chuideachta a chistiú ó lá go lá. Nuair a chuaigh an chuideachta faoi scrúdaitheoireacht, bhí thart ar €640,000 dlite do na Coimisinéirí Ioncaim, rud a raibh méadú go thart ar €679,000 tagtha air ag dáta an leachtaithe. Shainaithin an leachtaitheoir patrún leanúnach inar mhainnigh an chuideachta tuairisceáin a chomhdú agus a dliteanais chánach a íoc de réir mar a bhí siad dlite, rud a d'fhág gur eisigh na Coimisinéirí Ioncaim 13 litir éilimh deiridh.

Mhainnigh an chuideachta freisin clár sócmhainní a bhí cruinn agus cothrom le dáta agus lenar nochtadh sócmhainní suntasacha a choinneáil. Shainaithin an leachtaitheoir 38 mótarfheithicil nach raibh ar an gclár sócmhainní, agus níorbh eol ag dáta an leachtaithe cá raibh siad. Dhiúscair an chuideachta dhá shócmhainn léasaithe gan fhios a bheith ag na soláthraithe maoiniúcháin faoi, agus mhainnigh an chuideachta an maoiniú ar na sócmhainní sin a urscaoileadh.

Deonaíodh faoiseamh i leith na stiúrthóirí cláraithe reatha, mar a bhí Emily Farrell Uas. agus an tUas. William Farrell, ach níor deonaíodh aon fhaoiseamh i leith na stiúrthóirí *de facto*, mar a bhí an tUas. Jim Farrell agus Gráinne Farrell Uas. I bhfianaise thromchúis na líomhaintí, dhiúltaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gealltanais a thairiscint agus thug sé treoir don leachtaitheoir imeachtaí a eisiúint san Ard-Chúirt. An 7 Iúil 2025, dícháilíodh an tUas. Jim Farrell ó ghníomhú mar stiúrthóir ar feadh tréimhse 9 mbliana, agus srianadh Gráinne Farrell Uas. ar feadh tréimhse 5 bliana.

Forfheidhmiú Coiriúil

CÁS- STAIÉAR 23

Cuardach déanta ar roinnt réadmhaoine mar chuid de chomhoibríocht de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus GNECB

Mar chuid de chomhoibríocht, rinne oifigigh ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus ó GNECB cuardaigh spriocdhírthe ar réadmhaoine i gContae na Mí agus i gContae Chill Dara i mí na Samhna. Rinneadh na cuardaigh mar chuid d'imscrúdú leanúnach ar chionta amhrasta dlí cuideachtaí agus ar chionta eile a bhaineann leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise) a bhfuil an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus GNECB ag comhoibriú ina leith.

Trí leas a bhaint as acmhainní GNECB, fuair an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach príomhábhar imscrúdúcháin ó roinnt suíomhanna ag an aon am amháin. Mar an gcéanna, bhain imscrúdú GNECB tairbhe as rochtain ar chuntasáocht fhóiréinseach an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus ar a shaineolas ar fhóiréinsic dhigiteach.

CÁS- STAIÉAR 24

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v an tUas. Gary Nugent

Tar éis imscrúdú ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, cúisíodh an tUas. Gary Nugent in dhá scór de mheabhlaireacht, agus i seacht scór d'ionstraim bhréagach a úsáid, contrártha d'alt 26 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001. Baineann na cúisimh le himscrúdú ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar chúrsaí Cycling Ireland Limited.

Tar éis dó pléadail chiontach a dhéanamh, i ndáil le dhá scór de mheabhlaireacht, os comhair Chúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag 2025, gearradh téarma príosúnachta 18 mí ar an Uas. Nugent an 19 Feabhra 2026, a bhí ar fionraí go hiomlán ar choinníollacha dochta, lenar áiríodh go mbeadh an tUas. Nugent dea-iomprach ar feadh 3 bliana. Agus pianbhreith á gearradh aici, luaigh an Breitheamh Onórach Orla Crowe '*[go raibh] ról gníomhach*' ag an Uas. Nugent agus '*[nach raibh] sé i dteideal iarracht a dhéanamh meabhlú...*' mar a rinne sé.

CÁS- STAIÉAR 25

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v an tUas. Patrick O'Connor

Tar éis imscrúdú ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, cúisíodh an tUas. Patrick O'Connor i scór amháin d'fhaisnéis bhréagach a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí, contrártha d'alt 876 d'Acht 2014. Baineann na cúisimh le himscrúdú ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar J,P & P Properties Limited, rud a tháinig chun cinn i gcomhthéacs imscrúdú níos leithne ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar chionta amhrasta dlí cuideachtaí a bhain le pearsana aonair eile.

I mí an Mheithimh 2025, rinneadh an tUas. O'Connor a dhíotchúiseamh agus phléadail sé ciontach os comhair Chúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath i gcion a bhí contrártha d'alt 876(1) d'Acht 2014.

An 9 Iúil 2025, luaigh an Breitheamh Onórach Crowe go raibh an cion ina údar le príomh-phianbhreith choimeáda nach faide ná téarma príosúnachta 18 mí, agus aire á tabhairt aici go háirithe go ndearnadh an t-iompar d'aon ghnó agus ar phost an Uas. O'Connor mar Fheidhmeannach Síochána. Tar éis an phléadail a éisteacht de mhaolú, ba é an pionós a gearradh ná téarma príosúnachta 12 mhí, a bhí ar fionraí ar feadh tréimhse 12 mhí. Agus pianbhreith á gearradh aici, luaigh an Breitheamh Onórach Crowe '*[go raibh] an tUas. O'Connor ina fheidhmeannach síochána ... agus, mar fheidhmeannach síochána, bhí sé ina dhuine i bpost iontaoibhe*'.

Chomh maith leis sin, forchuireadh dícháiliú iarmhartach ó ghníomhú mar stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse cúig bliana, de bhun alt 839 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, le héifeacht ón 9 Iúil 2025.

CÁS- STAIÉAR 26

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v an tUas. Jack Carey

I mí Aibreáin 2025, tháinig an tUas. Jack Carey os comhair Chúirt Dúiche Bhaile Átha Cliath agus é cúisithe i 14 chion faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, lenar áiríodh faisnéis bhréagach a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí, contrártha d'alt 876, mainneachtain tuairisceáin bhliantúla a chomhdú, contrártha d'alt 343, agus mainneachtain fógra a thabhairt don Oifig um Chlárú Cuideachtaí faoi athrú ar an oifig chláráithe laistigh den tréimhse fhorordaithe, contrártha d'alt 50(3), i ndáil le cuideachtaí amhail White Capital & Assets Holdings Ltd agus White Capital Trinity Ltd.

Cúisíodh Catriona Carey Uas., comhchúisí, i mí Feabhra 2025 i 46 chion faoi Acht na gCuideachtaí, 2014. Líomhnaítear gur tharla siad idir an bhliain 2019 agus an bhliain 2022.

Tá an triail, a bhí liostaithe ar dtús don 5 Bealtaine 2026, athsceidealaithe don 23 Meitheamh 2027.

CÁS- STAIÉAR 27

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v an tUas. Alan Harford agus Lorraine Harford Uas.

An 10 Nollaig 2025, tar éis imscrúdú ón Údarás um Fhorfeidhmiú Corparáideach ar chúrsaí Northsidemotorpark Limited, cúisíodh an tUas. Alan Harford agus Lorraine Harford Uas., stiúrthóirí na cuideachta, i gcúig chion faoi seach as mainneachtain taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád, contrártha d'alt 281 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Is é an pionós uasta a ghabhann le gach cion líomhnaithe ná fineáil nach mó ná €500,000 nó téarma príosúnachta nach faide ná 10 mbliana, nó an dá rud, ar dhuine a chiontú.

Ráitis Airgeadais agus Tuairisciú Rialachais

Ráitis Airgeadais don
bhliain dar críoch
an 31 Nollaig 2025

Clár Ábhar

Faisnéis Ghinearálta.....	78
Ráiteas Rialachais.....	79
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach.....	85
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.....	88
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas.....	90
Ráiteas faoi Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil....	91
Ráiteas faoin Staid Airgeadais.....	92
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid.....	93
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais.....	94

Faisnéis Ghinearálta

Comhaltaí an Údaráis

Ian Drennan

Seoladh

16 Cearnóg Parnell Thoir
Baile Átha Cliath 1
D01 W5C2

Baincéirí

Banc Danske
Áras Idirnáisiúnta
3 Plás Mháistir an Chuain
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta
Baile Átha Cliath 1
D01 K8F1

Iníúchóir

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil an Údaráis

Bonn reachtúil

Leagadh foráil do bhunú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach amach in Acht na gCuideachtaí (**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**), 2021, lenar leasaíodh Acht na gCuideachtaí, 2014 (**Acht 2014**). Bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an 7 Iúil 2022 trí achtú an Ordaithe um Acht na gCuideachtaí, 2014 (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) (Lá Bunaithe), 2022¹⁶.

Feidhmeanna reachtúla

Mar a fhoráiltear dó le halt 944D(1) d'Acht 2014, áirítear le feidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach:

- comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh,
- imscrúdú a dhéanamh ar shárúithe amhrasta ar dhlí na gcuideachtaí,
- gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh mar fhreagairt do shárúithe sainaitheanta ar dhlí na gcuideachtaí, lena n-áirítear trí chionta a ionchúiseamh trí bhíthin imeachtaí achoimre agus trí nithe a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí lena bhreithniú cé acu ba cheart nó nár cheart cúisimh a ordú ar díotáil,
- ról maoirseachta ar leachtaitheoirí a fheidhmiú, agus
- córas um ghealltanais maidir le srian agus maidir le dícháiliú a oibriú i leith stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha.

Tugtar don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach freisin feidhmeanna reachtúla i ndáil le gléasanna infheistíochta áirithe faoin Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní, 2015. De bhreis air sin, is é an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an t-údarás inniúil chun smachtbhannaí a fhorchur ar stiúrthóirí cuideachta faoi Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018 (lena leasaítear Acht 2014 mar an gcéanna).

Rialachas – struchtúr agus freagrachtaí

An tÚdarás

Mar a fhoráiltear dó le halt 944F d'Acht 2014, bíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi rialú ag Údarás (**an tÚdarás**), a bheidh comhdhéanta den líon Comhaltaí (nach mbeidh níos mó ná tríúr) a chinnfidh an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (**an tAire**). Le linn na bliana faoi athbhreithniú, bhí an tÚdarás comhdhéanta de Chomhalta amháin.

De réir fhorálacha alt 944G(5) d'Acht 2014, is amhlaidh, i gcás go bhfuil Comhalta amháin san Údarás, is é nó í an Comhalta sin Cathaoirleach an Údaráis. Le linn na bliana faoi athbhreithniú, d'iarr an Cathaoirleach ar an Aire breithniú a dhéanamh ar Chomhalta breise amháin nó níos mó a cheapadh chuig an Údarás. Tar éis an iarraidh sin a bhreithniú agus an toiliú riachtanach a fháil ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, cheadaigh an tAire go ndéanfaí beirt Chomhaltaí breise a cheapadh. Agus an méid seo á scríobh, táthar ag fanacht leis na ceapacháin sin, a ndéanfaidh an tAire iad. Is é an tÚdarás a shocraíonn an straitéis agus a cheadaíonn na buiséid. Tá an tÚdarás freagrach as sócmhainní an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc.

¹⁶ I.R. 337 de 2022.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Ceanglaítear ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (**an Cód**) Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (**ARC**) a bhunú. Is é ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tacú leis an Údarás maidir leis na freagrachtaí atá air i ndáil le rialú inmheánach, le tuairisciú airgeadais, le rialachas agus le bainistíocht riosca. Go háirithe, tugann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca dearbhú go bhfuil córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúcháireachta inmheánaí, faoi réir formhaoirseacht neamhspleách.

Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca comhdhéanta de cheathrar comhaltaí, ar comhaltaí atá lasmuigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus atá neamhspleách air, iad triúr díobh. Is iad seo na comhaltaí den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca:

- An tUas. Dónall Curtin (Cathaoirleach),
- Suzanne Young Uas. (Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta, an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach),
- An tUas. Paul Kerrigan, agus
- Daneve Harris Uas.

Thuairiscigh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca don Údarás go foirmiúil i scríbhinn i ndáil leis an mbliain faoi athbhreithniú.

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile sé huaire sa bhliain 2025.

An Fhoireann Ardbhainistíochta

Tá foireann ardbhainistíochta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhdhéanta de na hoifigigh sin atá ar leibhéal Stiúrthóra. Tá foireann ardbhainistíochta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach comhdhéanta díobh seo:

- An Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Sibhialta (a bhfuil freagracht shealadach air as Forfheidhmiú Coiriúil),
- An Stiúrthóir um Imscrúduithe Digiteacha agus Anailísíocht,
- An Stiúrthóir um Airgeadas agus TFC,
- An Stiúrthóir um Rialachas agus Oibríochtaí Tacaíochta,
- An Stiúrthóir um Maoirseacht Dócmhainneachta,
- An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dí, agus
- An Stiúrthóir um Ghnóthaí Dí agus Beartas.

Ag obair dóibh faoi stiúir agus faoi mhaoirseacht an Chathaoirligh, áirítear le freagrachtaí na Stiúrthóirí:

- an straitéis a chur i ngníomh,
- comhlíonadh éifeachtach fheidhmeanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach,
- cultúr gairmiúlachta, ionracais agus neamhspleáchas a chur chun cinn,
- riosca a bhainistiú, lena n-áirítear riosca airgeadais, dlíthíochta agus clú,
- a leithdháiltí buiséid a bhainistiú,
- rialuithe airgeadais agus rialuithe eile a oibriú, lena n-áirítear rialuithe atá ceaptha chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc agus chun sócmhainní an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a chosaint, agus
- luach ar airgead a sholáthar mar ghníomhaireacht a fhaigheann cistiú poiblí.

Socruithe soláthair foirne

De réir fhorálacha alt 944K(6) d'Acht 2014, is státseirbhísigh iad oifigigh an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach (seachas comhaltaí den Gharda Síochána a thugtar ar iasacht don Údarás de bhun alt 944M d'Acht 2014). De bhreis ar iad a bheith ina n-oifigigh de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, fanann na comhaltaí den Gharda Síochána faoi rialú ginearálta agus faoi stiúir ghinearálta an Choimisinéara agus coimeádann siad na

cumhachtaí uile a dhílsítear dóibh mar chomhaltaí faoi mhionn den Gharda Síochána.

Neamhspleáchas reachtúil

De réir fhorálacha alt 944D(4) d'Acht 2014, tá neamhspleáchas reachtúil ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach i gcomhlíonadh a fheidhmeanna.

Rúndacht

De réir fhorálacha alt 944P d'Acht 2014, tá oifigigh uile an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ón am atá thart agus ón am atá i láthair faoi réir dualgas reachtúil rúndachta.

Ráitis airgeadais agus oibleagáidí gaolmhara

Ceanglaítear le halt 944X(2) d'Acht 2014 ar an Údarás na cuntais go léir is cuí agus is gnách, i cibé foirm a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, ar an airgead a gheobhaidh agus a chaithfidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Agus a ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, ní mór don Údarás:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag feidhmiú, agus
- a lua cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochtta sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choinneáil, ina gcuirtear staid airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach in iúl le cruinneas réasúnach ag am ar bith agus lena gcuirtear ar chumas an Údaráis a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 944X d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Mar atá mionsonraithe sna ráitis airgeadais, measann an tÚdarás go dtugtar léargas fírinneach cóir i ráitis airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 ar fheidhmíocht airgeadais na heagraíochta agus ar a staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025.

Sásraí reachtúla agus sásraí cuntasachta eile

De réir a oibleagáidí reachtúla cuntasachta mar a fhoráiltear dóibh le hAcht 2014, ceanglaítear ar an Údarás:

- Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire gach trí bliana. Ceanglaítear ar an Aire, faoi seach, gach Ráiteas Straitéise a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais,
- Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú i ndáil le gach bliain airgeadais agus an céanna a chur faoi bhráid an Aire. Ceanglaítear ar an Aire, faoi seach, gach Tuarascáil Bhliantúil a leagan faoi bhráid an Oireachtais,
- gach Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin a luaithe a bheidh sí leagtha faoi bhráid an Oireachtais ag an Aire,
- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú agus an céanna a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (**ARCC**) lena n-íniúchadh. Ceanglaítear ar an Aire, tar éis chur i gcrích an iniúchta, na ráitis airgeadais iniúchta, i dteannta na tuairime iniúchta ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste orthu, a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais,

- i gcás go n-éilíonn Coiste Dháil Éireann um Chuntais Phoiblí air déanamh amhlaidh, tabharfaidh Cathaoirleach an Údaráis fianaise don Choiste ar nithe a thagann faoi théarmaí tagartha an Choiste, agus
- ceanglaítear ar Chathaoirleach an Údaráis, arna iarraidh sin, dul os comhair Coistí eile de chuid Thithe an Oireachtais maidir le nithe a bhaineann le riarachán ginearálta an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

De bhreis air sin, mar chomhlacht poiblí atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach cuntasach do na Cúirteanna freisin.

Comhlíonadh an Chóid – nochtáí a cheanglaítear

Mar ghníomhaireacht Stáit, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi réir an Chóid. Ceanglaítear na nochtáí seo a leanas leis an gCód.

Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Leagtar amach i nóta 2 leis na ráitis airgeadais anailís ar luach saothair iomlán fostaithe, bunaithe ar pháphointí amhail an 31 Nollaig 2025, dóibh sin atá ag tuilleamh níos mó ná €60,000 in aghaidh na bliana.

Caiteachas taistil agus cothaithe

Leagtar amach i nóta 3 leis na ráitis airgeadais anailís ar chaiteachas taistil agus cothaithe.

Táillí gairmiúla, socraíochtaí, agus seirbhísí gairmiúla agus comhairleachta

Leagtar amach i nóta 4 leis na ráitis airgeadais anailís ar chostais dlí, ar shocraíochtaí, agus ar sheirbhísí gairmiúla agus comhairleachta.

Caiteachas fáilteachais

Leagtar amach i nóta 5 leis na ráitis airgeadais an caiteachas fáilteachais a tabhaíodh le linn na bliana.

Oibleagáidí comhlíonta eile comhlachta poiblí

Gníomhú ar son na haeráide

Ar an dul leis an Sainordú um Gníomhú ar son na hAeráide agus leis an mbeartas Rialtais, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tiomanta dá chinntiú go n-íoslaghdófar na hastaíochtaí carbóin a eascraíonn as a chuid gníomhaíochtaí agus do chleachtais atá tíosach ar fhuinneamh agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun feidhme. Cheap an tÚdarás Curadh Aeráide agus Inbhuanaitheachta agus Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh agus tá sé ag obair i dtreo treo chlár a ghlacadh chun na spriocanna riachtanacha a bhaint amach. Chur cur chun feidhme cleachtas inbhuanaithe a chur ar aghaidh, is feithiclí leictreacha iad dhá cheann de na trí fheithicil atá faoi úinéireacht an Údaráis. Baineann roinnt baill foirne den Údarás leas as socruithe oibre cumaisc, rud a laghdaíonn a gcomaitéireacht sheachtainiúil agus a laghdaíonn astaíochtaí. Moltar don fhoireann araidí athchúrsála agus múirín a úsáid ar fud an fhoirgnimh. Úsáidtear soilse braiteora ar fud an fhoirgnimh i gcás gur féidir chun a chinntiú nach n-úsáidtear leictreachas ach amháin nuair is gá. Soláthraítear páipéar athchúrsáilte chun críocha priontála i gcás gur cuí. De bhreis ar iarrachtaí inmheánacha athchúrsála, glacann an fhoireann páirt i dtionscnamh bailithe buidéal plaisteach. Malartaítear na buidéal sin ar dhearbháin siopadóireachta, a thugtar ansin do charthanas ag deireadh na bliana.

Glacann an tÚdarás páirt sa Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe Fuinnimh Earnála Poiblí de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh laistigh dá áitreabh. Is é an tÚdarás an príomhthionónta agus comhroinneann sé déanamh cosanta le comhlachtaí eile earnála poiblí. Is leagtha amach ar an gcéad leathanach eile atá an úsáid fuinnimh le haghaidh an fhoirgnimh iomláin, dá n-áitíonn an tÚdarás trí cinn de chúig urlár:

Úsáid fuinnimh

Mí	Leictreachas 2025 (cileavatuair)	Leictreachas 2024 (cileavatuair)	Gás 2025 (cileavatuair)	Gás 2024 (cileavatuair)
Eanáir	33,175	38,110	41,700	40,586
Feabhra	29,476	32,847	34,407	33,318
Márta	29,513	32,628	27,672	31,527
Aibreán	27,801	31,044	5,572	26,939
Bealtaine	30,838	30,745	72	40
Meitheamh	30,362	28,633	31	5
Iúil	33,363	31,119	28	-
Lúnasa	31,411	31,744	-	-
Meán Fómhair	26,621	27,827	-	49
Deireadh Fómhair	28,957	30,370	19,156	28,263
Samhain	31,432	31,383	38,264	30,052
Nollaig	31,927	30,932	52,632	35,765
Iomlán	364,876	377,382	219,534	226,544

Cearta an duine agus comhionannas

Mar atá mionsonraithe sa Ráiteas Straitéise 2026-2028 uaidh, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tiomanta do chloí leis an Dualgas Earnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus don Dualgas sin a chomhlíonadh. Tá an tiomantas sin ina chuid dhílis de chultúr eagraíochtúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus dá idirghníomhaíochtaí leis an bhfoireann agus leis an bpobal araon.

Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ina fhostóir comhionannas deiseanna a earcaíonn faoi cheadúnas ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (**CCSP**) agus ar aon dul leis an treoir ó CCSP, lena n-áirítear prionsabal na gceapachán lena gcuirtear comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn. Féachann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach lena oibleagáidí faoin Acht um Míchumas 2005 (lena n-áirítear Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas agus Oifigeach Rochtana a bheith aige), faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, agus faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann a chomhlíonadh.

Saoráil Faisnéise

Rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarrataí Saorála Faisnéise (**Saoráil Faisnéise**) a fháil agus a phróiseáil mar a leanas:

	2025	2024
An líon iarrataí a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe	-	2
An líon iarrataí a fuarthas sa bhliain	24	12
An líon iarrataí a bhí beo ag deireadh na bliana	-	-
An líon iarrataí ar géilleadh dóibh	-	2
An líon iarrataí ar géilleadh go páirteach dóibh	18	4
An líon iarrataí ar diúltaíodh géilleadh dóibh	6	6
An líon iarrataí a tarraingíodh siar	-	1
An líon iarrataí a tarraingíodh siar nó ar déileáladh leo lasmuigh de shaoráil faisnéise	-	1

Nochtaí cosanta

Comhlíonann an tÚdarás an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014, mar Chomhlacht Forordaithe agus i ndáil lena oibrithe araon. Is foilsithe ar a shuíomh Gréasáin agus go hinmheánach d'oibrithe atá mionsonraí faoi conas is féidir nochtadh a dhéanamh. Tá tuarascálacha alt 22 ón Údarás ar fáil ar a shuíomh Gréasáin.

Ceisteanna Parlaiminte

Sa bhliain 2025, chuir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach 64 Cheist Parlaiminte isteach agus thug sé freagra orthu. Tugadh faisnéis mhionsonraithe sna freagraí sin faoi raon leathan topaicí, lena áiríodh caiteachas airgeadais na heagraíochta agus an t-eolas is deireanaí maidir le cur chun feidhme reachtaíocht shonrach dhlí na gcuideachtaí.

Seirbhís do chustaiméirí agus rochtain

Tá ardchaighdeán tábhachtach don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach maidir le seirbhís a sholáthar dá chustaiméirí ar bhealach atá cuí, cothrom, oscailte agus neamhchlaonta. Sa Chairt Custaiméirí ón Údarás, leagtar amach a thiomantas chuige sin agus sásra le haghaidh gearáin a dhéanamh.

Achtanna na dTeangacha Oifigiúla

Tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tiomanta do theagmháil a dhéanamh trí Ghaeilge le daoine den phobal a iarrann air déanamh amhlaidh. Foilsíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an tuarascáil bhliantúil uaidh agus na ráitis airgeadais iniúchta uaidh i nGaeilge. Ina theannta sin, tacaíonn suíomh Gréasáin an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haistriúchán fíor-ama go Gaeilge anois. Le linn na tréimhse faoi athbheithniú, d'fheidhmigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach níos fearr ná na spriocanna atá leagtha amach in alt 10A d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, arna leasú, agus an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag cur 51% dá fhógraíocht i nGaeilge¹⁷, agus ag caitheamh 7.6% dá bhuiséad fógraíochta don bhliain ar fhógraí sna meáin Ghaeilge. De bhreis air sin, foilsíonn an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach roinnt dá fhoilseacháin faisnéise agus dá phostálacha ar a chuntais meán sóisialta i nGaeilge.

Ráiteas faoi Chomhlíonadh an Chóid

Ghlac an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an Cód mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin é i mí Lúnasa 2016. Bhí an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ag comhlíonadh an Chóid, lena áiríodh cloí leis an gCód Caiteachais Phoiblí, le linn na tréimhse.

Ian Drennan
Cathaoirleach
27 Aibreán 2026

¹⁷ Áirítear leis sin aon fhógra a bhfuil an Béarla agus an Ghaeilge araon ann.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Raon Freagrachta

Aithním an fhreagracht atá ormsa as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (**an Cód**).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráid ábhartha agus mírialtachtaí eile nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil.

Timpeallacht agus Creat Riosca agus Rialaithe

Rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach córas bainistíochta riosca a chur ar bun agus a chur chun feidhme, rud lena saináithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú. D'fhostaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gnólacht sainchomhairleoirí riosca chun cabhrú le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a phróisis bainistíochta riosca.

Buanmhír ag cruinnithe na foirne ardbhainistíochta is ea riosca.

Bítear ag súil leis go gcuirfidh bainisteoirí sinsearacha (i.e., Stiúrthóirí) an Cathaoirleach ar an eolas faoi rioscaí, laigí rialaithe agus mainneachtainí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimsí freagrachta féin.

Tá na bearta seo a leanas i measc na mbearta a rinneadh chun timpeallacht chúil rialaithe a chinntiú:

- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhrí i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha,
- tá nósanna imeachta i bhfeidhm, ina gcuimsítear leithscaradh cuí dualgas, maidir leis an údarás chun caiteachas a thabhu agus chun déanamh íocaíochtaí a cheadú, agus chun comhlíonadh na n-oibleagáidí gaolmhara dlí, rialála agus rialachais a chinntiú,
- Bítear ag súil leis go bhfeidhmeoidh stiúrthóirí a mbreithiúnas gairmiúil agus iad á chinneadh cén uair ba cheart aird an Chathaoirligh a tharraingt ar nithe,
- d'fhostaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gnólacht iniúcháirí cláraithe chun feidhm sheachfhoinsithe iniúcháireachta inmheánaí a sholáthar, agus rinne an gnólacht sin cleachtadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha i ndáil leis an tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2025.

Faireachán, Athbhreithniú agus Tuairisciú Leanúnach

Tá an córas Rialaithe Inmheánaigh bunaithe ar bhainistíocht inmheánach faisnéise, ar nósanna imeachta riaracháin agus ar chóras tarmhligin agus cuntasachta. Cuirtear an obair seo a leanas go háirithe i gcrích ina leith sin:

- cruinnithe tráthrialta de chuid na Foirne Ardbhainistíochta,
- athbhreithniú tráthrialta ag an gCathaoirleach agus ag an bhFoireann Ardbhainistíochta ar fhaisnéis airgeadais, soláthair agus riosca, agus
- tuairisc a thabhairt go rialta don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca (**ARC**).

Cuireadh sásraí ar bun chun a chinntiú gur leordhóthanach atá slándáil chórais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (i gcomhoibriú le hAonad TFC na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (**an Roinn**)).

Soláthar

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar arna n-eisiúint ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (**OGP**).

Chomhlíon an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach na treoirlínte soláthair agus thug sé mionsonraí faoi dhá chonradh neamhiomaíochta is mó ná €25,000 (gan CBL a áireamh) sa tuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

I gcás amháin, is é an soláthraí seirbhíse an t-aon soláthraí amháin ar féidir leis an fheidhmiúlacht a theastaíonn ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a sholáthar go cuimsitheach. Sa chás eile, rinneadh conradh dar luach bunaidh €400,000 a mhodhnú faoi Airteagal 72(1)(b) de Threoir 2014/24/AE maidir le Soláthar. Tá próiseas soláthair atá le cur i gcrích sa bhliain 2026 á dhéanamh ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi láthair. Sa bhliain 2025, d'íoc an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach €30,240 i leith an chéad chonartha agus €200,178 i leith an dara conradh (gan CBL a áireamh).

Saincheistanna Rialaithe Inmheánaigh

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, i bhfeidhm san Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

Rinneadh meastóireacht ar an timpeallacht rialaithe i mí an Mhárta 2026, inar tugadh an méid seo a leanas le fios: *'is féidir dearbhú suntasach a leagan ar leordhóthanacht agus éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe chun rioscaí a bhféadfadh an réimse iniúcháireachta a bheith ar neamhchosaint orthu a mhaolú agus/nó a bhainistiú.'*

Déantar cur síos ar 'dearbhu suntasach' mar a leanas: *'tá creat fóna rialaithe i bhfeidhm agus tá na rialuithe á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go héifeachtach, rud ar cheart go gcinnteodh sé gur féidir cuspóirí a bhaint amach go hiomlán.'* Níor sainaithníodh aon mhórlaigí rialaithe.

Íocaíochtaí Prasa

De réir fhorálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú le Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002, tá an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tiomanta dá chinntiú go n-íoctar gach soláthraí go pras. Sa bhliain 2025, rinneadh 81% de na híocaíochtaí laistigh de 15 lá agus rinneadh 95% díobh laistigh de 30 lá. Rinneadh trí íocaíocht (2024: Nialas) dar luach €644 go déanach agus tabhaíodh ús agus cúiteamh dar luach €127 ina leith.

Calaois agus Mírialtachtaí

Ní raibh aon nithe calaoise ná mírialtachta le tuairisciú don bhliain 2025.

Príomhcheanglais dhlíthiúla

Rinne an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach na bearta riachtanacha a shainaithe agus a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíonann sé a oibleagáidí dlíthiúla.

RGCS

Cheap an tÚdarás Oifigeach Cosanta Sonraí a oibríonn leis an gCathaoirleach agus leis na Stiúrthóirí chun formhaoirseacht a dhéanamh ar oibleagáidí leanúnacha an Údaráis faoi RGCS.

Nochtaí cosanta

Comhlíonann an tÚdarás an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014. Tá mionsonraí faoi conas is féidir nochtaí den sórt sin a dhéanamh ar fáil ar a shuíomh Gréasáin agus, i gcás nochtaí inmheánacha, tugadh do na bail foirne uile beartas an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a mhéid a bhaineann sé le nochtaí inmheánacha.

Athbheithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a oibriú, *i measc nith eile*, déanann siad eolas d'fhaireachán agus athbheithniú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhním gur thug an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi athbheithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2025 i mí an Mhárta 2026.

Ian Drennan
Cathaoirleach
27 Aibreán 2026



Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 944X d'Acht na gCuideachtaí, 2014. D'ullmhaigh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach na ráitis airgeadais agus cuimsítear iontu

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi athruithe i gcúlchistí agus sa chuntas caipitil
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach amhail an 31 Nollaig 2025 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticíúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, lena n-áirítear an ráiteas rialachais agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

29 Aibreán 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach

Leagtar amach sa ráiteas rialachais na freagrachtaí atá ar an Údarás as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 944X d'Acht na gCuideachtaí, 2014
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú cé acu is cuí nó nach cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasaióchta a úsáid, agus
- an rialú inmheánach sin a mheasann sé a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 944X d'Acht na gCuideachtaí, 2014, ráitis airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a bhraithfeair míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíoch a dhéanann úsáideoir ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaitheint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais de bharr calaoise nó earráide; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonphárteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna himthosca, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.

- Déanaim meastóireacht ar a chúil atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Cinnim ar cé chomh hoiriúnach is atá sé gur baineadh úsáid as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaióchta.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtáí, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Déanaim cumarsáid leis na daoine sin a gcuirtear de chúram orthu plé le rialachas maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, a chinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an foras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na tosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oiriú. Tuairiscím i gcás go sainaitheím ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar seoladh gnó poiblí.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás go sainaitheím aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Ioncam			
Ioncam Deontais: Vóta 32 – Fo-mhírcheann C7		7,300	7,088
Ioncam Eile		5	16
Ioncam iomlán		7,305	7,104
Caiteachais riaracháin			
Costais Foirne	2	4,529	4,178
Taisteal agus Cothú	3	44	36
Seirbhísí Díl, Gairmiúla agus Comhairleachta	4	595	731
Costais Riaracháin	5	2,127	1,774
Luach Saothair an Iniúcháin	6	13	12
Dímheas	8 & 9	107	107
Iomlán na gcaiteachas riaracháin		7,415	6,838
Barrachas/(easnamh) don bhliain		(110)	266
Ioncam cuimsitheach eile		-	-
Barrachas/(easnamh) aitheanta iomlán don bhliain		(110)	266

Arna cheadú ag
Ian Drennan
 Cathaoirleach
 27 Aibreán 2026

Ráiteas faoi Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Cúlchiste Ioncaim €000	Cuntas Caipitil €000	Glansóc- mhainní €000
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024	616	247	863
Barrachas don bhliain	(110)	-	(110)
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Ioncam a úsáideadh le haghaidh sócmhainní caipitlithe a fháil mar éadail	(18)	18	-
Amúchadh a úsáideadh ar aon dul le dímheas sócmhainní	107	(107)	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2025	595	158	753

Arna cheadú ag
Ian Drennan
 Cathaoirleach
 27 Aibreán 2026

Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní neamhreatha			
Réadmhaoín, gléasra agus trealamh	8	135	200
Bogearraí	9	23	47
		<u>158</u>	<u>247</u>
Sócmhainní reatha			
Banc		372	280
Fardal		4	5
Réamhíocaíochtaí	10	591	490
Méideanna infhaighte	10	21	33
		<u>988</u>	<u>808</u>
Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin			
Méideanna iníoctha	11	393	192
		<u>393</u>	<u>192</u>
Glansócmhainní reatha/(glandliteanais reatha)		595	616
Glansócmhainní/(Glandliteanais)		<u>753</u>	<u>863</u>
Cúlchistí			
Cúlchiste coinnithe		595	616
Cuntas caipitil		158	247
Iomlán na gCúlchistí agus an Chuntais Caipitil		<u>753</u>	<u>863</u>

Arna cheadú ag
Ian Drennan
Cathaoirleach
27 Aibreán 2026

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2025

	2025	2024
	€000	€000
(Eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	(110)	266
(Laghdú)/Méadú i méideanna iníoctha	201	(35)
(Méadú) i méideanna infhaighte	(89)	(44)
Laghdú/(Méadú) i bhfardal	1	3
Dímheas agus Amúchadh	107	107
Insreabhadh/(eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	110	297
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach	(18)	(17)
(Laghdú)/méadú in airgead agus i gcoibhéisí airgid sa bhliain	92	280
Réiteach an ghlansreafa airgid le gluaiseachtaí i nglanchistí		
Glanclistí amhail an 1 Eanáir	280	-
Sreabhadh Airgid don bhliain	92	280
Glanclistí amhail an 31 Nollaig	372	280

Arna cheadú ag
Ian Drennan
Cathaoirleach
27 Aibreán 2026

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2025

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach iad leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fud na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025.

Faisnéis Ghinearálta

Leagadh foráil do bhunú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach amach in Acht na gCuideachtaí (**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**), 2021, lenar leasaíodh Acht na gCuideachtaí, 2014 (**Acht 2014**). Bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an 7 Iúil 2022 trí achtú an Ordaithe um Acht na gCuideachtaí, 2014 (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach) (Lá Bunaithe), 2022¹⁸.

Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir na reachtaíochta is infheidhme agus de réir FRS 102, *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn*, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe lena úsáid in Éirinn.

Tá na ráitis airgeadais san fhoirm ar cheadaigh an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta iad le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin faoi Acht 2014.

De réir FRS 102, cuimsítear sna ráitis airgeadais seo an Ráiteas faoin Staid Airgeadais, an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas, an Ráiteas faoi Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus Nótaí leis na Ráitis Airgeadais.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais i láthair in Euro, arb é airgeadra feidhmiúil an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach é. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíodas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Gnóthas Leantach

Mionsonraítear sna ráitis airgeadais staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreabhadh airgid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Tá ionchas réasúnach ag an Údarás go bhfuil acmhainní dóthanacha ag an eintiteas chun leanúint lena ghníomhaíocht oibriúcháin agus chun a shainordú a chomhlíonadh go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann an tÚdarás le bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

Ioncam

Cistíonn an Státchiste an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach trí Vóta a mháthair-Roinne, i.e., Vóta 32 Fiontair, Turasóireacht agus Fostaíocht – Fomhírcheann C7. Is ar bhonn fáiltas airgid a aithnítear ioncam. Caipitlítear sa Chuntas Caipitil an t-ioncam a úsáideadh le haghaidh ceannacháin chaipitil, agus arb é an toradh atá air ná breiseanna le sócmhainní seasta. Áirítear le hioncam eile gnóthú na gcostas dlí a tabhaíodh, arbh ionann iad agus €4,086 (2024: €9,500), agus an t-ús bainc a tuilleadh, arbh ionann é agus €778 (2024: €6,468).

¹⁸ I.R. 337 de 2022.

Sócmhainní Neamhreatha – dímhneas/amúchadh

Bhí cead ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach chun sócmhainní seasta áirithe a úsáid, ar thabhaigh an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta (**RFTF**) an costas a bhain leo. Aistríodh úinéireacht ar na sócmhainní sin saor in aisce chuig an Údarás sa bhliain 2023. Ba é €387,295 Glanluach Leabhar na sócmhainní sin ag dáta an aistrithe.

Luaitear sócmhainní neamhreatha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais ar a gcostas lúide dímhneas carnach. Muirearaítear dímhneas ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas ar bhonn líne díri, agus an muirear á ríomh thar shaolré úsáideach ionchais na sócmhainní lena mbaineann:

Daingneáin agus Feistis	10% in aghaidh na bliana
Trealamh Oifige	20% in aghaidh na bliana
Mótarfheithiclí	20% in aghaidh na bliana
Trealamh Ríomhaire agus TFC	20% in aghaidh na bliana
Bogearraí	20% in aghaidh na bliana

Fardal

Maidir le stoic a bhí ar láimh ag deireadh na tréimhse, is stoic tomhaltán teicneolaíochta faisnéise agus stoic tomhaltán oifige iad agus luaitear iad ar a gcostas nó de réir glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil luach neamhamúchta an chistiúcháin a úsáideadh le haghaidh sócmhainní seasta a cheannach.

Léasanna Oibriúcháin – Cóiríocht

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2023 i leith, is amhlaidh, maidir le cíosanna atá dlite faoi léasanna, a íocann Oifig na nOibreacha Poiblí (**OOP**) iad leis an léasóir agus a fhorchúitíonn OOP iad ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar bhonn ráithiúil trí chomhaontú. Muirearaítear cíosanna ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas sa bhliain lena mbaineann siad.

*Sochair Fostaithe**Sochair Ghearrthéarmacha*

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh i Méideanna iníochta sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais. Is fostaithe de chuid an Aire Dlí agus Cirt iad comhaltaí den Gharda Síochána atá ar iasacht.

Pinsin

Is státseirbhísigh iad na fostaithe de chuid an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Is comhaltaí iad de scéimeanna éagsúla sochair shainithe a riarann an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Phoiblí agus Digitiúcháin iad. Maidir leis na dlíteanais phinsin a thiocfaidh as a seirbhís leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, íocfar iad sa todhchaí ó chistí atá ar fáil don Roinn sin agus, dá bhrí sin, ní aithnítear iad mar dhlíteanais sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Is comhaltaí den Scéim Pinsean Seirbhíse Phoiblí Aonair (**an Scéim Aonair**) iad baill foirne áirithe den Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Is scéim sochair shainithe í sin d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin. Íoctar ranníocaíochtaí na mball den Scéim Aonair ar aghaidh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Phoiblí agus Digitiúcháin.

Easnamh/barrachas don Bhliain

Mar atá mionsonraithe sna beartais chuntasaíochta, is ar bhonn fáltas airgid a aithnítear cistiú Stáitchiste. Mar an gcéanna, is ar bhonn fáltas airgid a aithnítear ioncam eile. Is ar bhonn fabhrúithe a aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais. Mar sin, ní gnáthbharrachas/gnátneasnamh oibríúcháin é an barrachas/an t-easnamh ar an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach. Is féidir é sin a chur síos go príomha don difríocht idir cistiú airgeadbhunaithe agus caiteachas a dtugtar cuntas air ar bhonn fabhrúithe.

Méideanna infhaighte

Aithnítear méideanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar sonrath é an soláthar d'fhiacha amhrasacha, i gcás gurb infheidhme, agus bunaítear é i gcás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach in ann na méideanna uile atá dlite dó a bhailiú. Is sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe ioncaim a aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha.

Méideanna iníoctha

Tomhaistear creidiúnaithe trádála ag praghas an tsonraisc, mura n-iarchuirtear an íocaíocht thar ghnáth-théarmaí gnó nó mura maoinítear í ag ráta úis nach é an ráta margaidh é. Sa chás seo, is ionann an socrú agus idirbheart maoiníúcháin, agus tomhaistear an dliteanas airgeadais de réir luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo arna lascainiú ar ráta margaidh úis le haghaidh ionstraim fiachais den chineál céanna.

Príomhphearsanra Bainistíochta

Chuimsigh an príomhphearsanra bainistíochta (an Grúpa Ardbhainistíochta) an Cathaoirleach agus na Stiúrthóirí. B'ionann agus €1,004,266 (2024: €1,105,688) an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta, gan ÁSPC ón bhfostóir a áireamh. Féach Nóta 2 chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus na sochair a íocadh leis na baill foirne uile, lena n-áirítear an Cathaoirleach. Leagtar an íocaíocht leis an gCathaoirleach amach ar leithligh freisin i Nóta 7.

Breithiúnais agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail an dáta tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus caiteachas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a Bhearnú

